



# Deora Áthais agus dréachta eile

<https://hdl.handle.net/1874/380034>

DEORA ÁTHAIS  
AGUS  
DRÉACHTA EILE

SHÁN Ó CUÍV

VAN HAMEL  
332





E DONATIONE

A. G. van HAMEL

PROFESSORIS  
ORDINARII IN  
ACADEMIA  
RHOEN-TRIECTINA  
1923—1946

1/-





*DEORA ATHAIS AGUS DRÉACHTA*  
*EILE*

Tráighlí:  
Comhlucht An Kerryman, Tta.,  
do chlóbhail

# DEORA ÁTHAIS AGUS DRÉACHTA EILE

---

Shán ó Cuív  
do sgríbh

---

Le ceannach díreach ó  
OIFIG DÍOLTA FOILLSEACHÁIN RIALTAIS  
5, Sráid Thobair Phádraig, Baile Átha Cliath, C.2  
Nó trí aon Díoltóir Leabhar  
1936

D E C R A A T H A S A G U S  
D R E A C H A E L I



3. Deel. (1866-1867).  
Deel. 1868-1869. 1870-1871.  
Deel. 1872-1873. 1874-1875.  
Deel. 1876-1877. 1878-1879.  
Deel. 1879-1880. 1881-1882.

## An Clár.

### Daoine agus Neithe:

	Leathanach
Deora Áthais	11
Luan Cásga	14
Caint agus Gníomh	17
Malairt Smaointe	21
Easach Circe	23
An Céim le Solas na Gealáí	26
Taidhreamh	30
Inis na nEach	33
Máire Bhúí Ní Laoghaire	37
Art Ó Laoghaire	44
Art Ó Cléirigh	47

### Stair agus Léann:

Cine Gaol	53
Teanga fé Leith	56
Cad is Stair Ann?	59
Stair Dútháí	62
1,500 Lámhsgríbhinn	66
Fás na Teangan	69
Dúil sa Léann	72
Feabhas na bhFeiseanna	76
Na Sráidbhailte	79

**Airgead agus Saothar:**

Fir Diomhaoin agus a Leanbhaí ag Obair	...	85
Aonach an Earraigh	...	88
Talamh i nAisge	...	90
Comhar-Chumannacht	...	93
Céasa ar Chrois Óir	...	96
Iasgaireacht	...	100
Saibhreas na Frainnce	...	104
Tráchtáil Thar Lear	...	107
Capaill Fiadhaigh is Ráis	...	109

**Cúrsaí Rialúcháin:**

Réim na Saoirse	...	115
Fórsa Fineachais	...	118
Aondacht na hÉireann	...	121
Poblacht na Síne	...	124
An Saol sa Rúis	...	127
Galar Inchinne	...	130

**An tSean-Aimsir i nÉirinn:**

An Bheansi	...	135
Pluais an Mhóránaigh	...	140
Bean fé Bhrón	...	148

## Réamhrá.

Na haistí atá sa leabhar so do cuireadh iad go léir ach cúpla ceann aca i gcló san *Irish Independent* idir Lúnasa na bliana 1931 agus deire na bliana 1933. Aistí ar chúrsaí an tsaoil agus ar chúrsaí na hÉireann le linn na haimsire sin is mó atá ionta, mar is é rud a chuireas róm agus an obair sin idir lámhaibh agam ná feidhm do bhaint as an nGaedhilg chun gach ceist a bhíodh os comhair an phobail do phlé. Ní shéanainn aon abhar, dá achrannaí é. Dá mb' é tréigint an óir ag Sasana é, nó luighdú loingeas na gCúig gComhacht, nó aon abhar eile go mbíodh suim ag an bpobal á chur ann, do dheininn iarracht ar an nGaedhilg do shaothrú chun é mhíniú. Toise an Ghaedhilg bheith ag dul chun cinn i gcúrsaí gnóthaanois meastar go n-oirfeadh na haistí sin do dhaoine óga agus do dhaoine eile a bheadh ad'iarraidh cur síos i gcaint nó i sgríbhinn ar chúrsaí na linne seo. Ba mhaith liom mo bhaochas do ghabháil le hEagarthóir an *Irish Independent* mar gheall ar cead a thabhairt dom na haistí d'fhoillsiú i bhfuirm leabhair. Is é leitriú an Oireachtas atá sa leabhar so, an leitriú a bhíonn ar na hAchtanna Dlí agus ar pháipéaraibh eile a thagann ó Roinn Aistriúcháin na Dála.

SHAN Ó CUÍV.



*DAOINE AGUS NEITHE.*

ANNA SUDER MAYER

## Deora Athais.

"A Mham! a Mham!" arsa Garsún agus é ag rith isteach an doras chun a Mháthar, maidin Luain, agus saothar air.

"Cad tá ort, a chuid?" arsan Mháthair, "nó cad a thug thar n-ais tu? Cheapas go rabhais ar sgoil ruimis seo."

"Seo sgilling duit, a Mham," arsan Garsún, agus do chuir sé a dhá láimh mór-thímpal muinéil a Mháthar.

"Cé thug an t-airgead san duit?" arsan Mháthair.

"Níor thug éinne dhom é," ar seisean. "Is amhla a fuaras ar an dtalamh é agus me ag siúl fé dhéin na sgoile."

"Cá bhfuaraí e?" ar sise.

"Do ghabhas an comhgar chun na sgoile," ar seisean, "agus nuair a chonnam an rud bán ar an gcasán do chromas síos chun féachaint air, agus cad a bheadh ann ach an sgilling seo. Ó! a Mham, do chuir sé áthas croí orm an sgilling d'fháil, agus do ritheas thar n-ais chughat, chun í thabhairt duit."

"Canathaobh nár chimeádais í go dtí an tráthnóna?" ar sise.

"Mar do bhí eagla orm go gcaillfinn í, agus ar aon chuma bhí a fhios agam gur theastaigh an t-airgead uait-se," arsan Garsún.

"Ca bhfios duit gur theastaigh an t-airgead uaim?" arsan Mháthair.

"Nách cuimhin leat an sgéal d'innis dúinn tráthnóna iné?" arsan Garsún.

"Ní cuimhin," arsan Mháthair. "Cad é an sgéal é?"

"Dubhraís linn gan aon fhothram do dhéanamh satigh mar go raibh ár n-athair ad'iarraidh greas colata dhéanamh sara n-imeódh sé amach ar an gcé um mheán-óiche féachaint an bhfaghadh sé aon obair le déanamh ag iompar málai agus earrai à luing san abhainn. Dubhraís linn, leis, nách i mbothán mar seo a bhímis 'n-ár geomhnuí tráth ach i dtigh bhreá, ach gur chaill ár n-athair a mhaoin saolta agus go mb'éigean do dul ar lorg oibre sa chathair seo."

"Dob' fhíor dom é, a chuid," arsan Mháthair, "ach conas a bhaineann san leis an sgilling?"

"Níor fhéadais a cheilt orainn go raibh an saol go dian ort féin agus ar mo dhaid ag soláthar dúinn, cé ná dubhraís éinní 'na thaobh san linn, agus do bhíos ag cuimhneamh air sin nuair a bhíos ag siúl fé dhéin na sgoile. Ansan nuair a chonnamh an sgilling cheapas gurbh amhla a tháinig aingeal ó Dhia i geabhair dúinn, agus do ritheas chughat chun an airgid do thabhairt duit láithreach. Nách mór an t-airgead sgilling, a Mháthair?"

"Is dócha gur mór, a chuid," arsan Mháthair, agus crithán 'na glór.

Do phóg sí an Garsún, agus d'fháisc sí le n-a croí é.

"Is maith liom an sgilling d'fháil uait," ar sise, "ach is fearr liom fós an smaoineamh ná an gníomh. Go bhfága Dia agam tu mar thaca."

"Nuair a bhead-sa am' fhear," arsan Garsún, "déanfad-sa airgead do thuilleamh duit, agus ní bheidh

ort bheith ad' chomhnuí i mbothán bheag i gcúl-tsráid, agus ní bheidh ar mo dhaid bheith ag obair ar an gcé. Ceannód tigh breá dhuit."

"Mhuise, cabhair Dé chughainn, a laogh," arsan Mháthair. "Is dócha go raibh t-athair ag obair ar feadh na hoíche agus go mbeidh sé chughainn sara fada i gceoir béile na maidne? Beidh áthas air nuair a neósfad sgéal na sgillinge dho. Is fearra dhuit-se bheith ag bogadh leat fé dhéin na sgoile ar eagla go mbeifá déannach agus go ngeóbhfi ort."

"Is cuma liom cad déanfar liom iniu, a Mháthair," arsan Garsún. "Táim lán d'áthas. Beannacht agat."

"Beannacht Dé leat, a chuid," arsan Mháthair.

Do phóg sí arís é, agus d'imigh sé uaithe fé dhéin na sgoile, agus é ag léimrigh le háthas.

Nuair a bhí sé imithe do shuidh an Mháthair síos agus do ghoil sí go fuíoch. Ach deora áthais a bhí á sile aici.

## Luan Cásga.

Tráthnóna Luain Cásga mile naoi gcéad a sé déag do bhí Beanuasal 'na suí cois teine i bpárlús i dtigh bħreá i mBleá Cliath, agus í go brónach troma-chroíoch. Eirí Amach an lae sin cúis a cumha.

Do thug a fear a shaol ag obair ar son na hÉireann agus ar son leas na ndaoine i nÉirinn, agus fuair sé bás roinnt bhlianta roim an Eirí Amach. Níor lú an cion a bhí aici féin ar Éirinn agus ar mhuintir na hÉireann ná cion a fir ortha.

Do bhí sí 'na haonar sa tseomra agus gan éinne eile sa tigh ach cailín aimsire. D'imigh Mac di amach ar maidin, agus do bhí coinne aici leis i gcóir an lóin, ach níor tháinigh sé abhaile.

Nuaire airigh sí lámhach na bpiléar sa chathair do labhair sí leis an gcaillín aimsire 'na thaobh, agus dubhaint sise lé go raibh cogadh ar siúl idir Óglaigh na hÉireann agus saighdiúirí Shasana agus go raibh saighdiúirí agus daoine eile marbh agus cuid eile gonta.

Gach uair dá gcloiseadh an Bheanuasal na piléir dá gcaitheamh do chuimhníodh sí ar a Mac agus do samhluítí dhi go raibh sé ar láir, nó go raibh sé gonta agus í mbaol a bháis, mar do bhí a fhios aici go raibh baint aige leis na hÓglaigh.

Tháinig cara dhi, Beanuasal Óg, ar cuaird chúichi go déannach sa tráthnóna agus do thug sise fé ndeara cumha na Braintreabhai.

"Is baol liom ná fuilir ar fónamh," arsan Bhean Óg lé.

"Ó, nil éinní orm," arsa Bean-a-tí, "ach is geall le saighead tríd an geroí agam gach piléar a chloisim á chaitheamh ins na sráideanna."

"Tuigim do chás," arsan Bhean Óg. "Ag cuimhneamh ar do Mhac ataoi," agus níor fhéad sí féin gan na deora do shile nuair a chuimhnigh sí ar an bhfeár óg agus ar an riocht 'na raibh sé, dar lé, i láir an chatha.

"Triomaigh do shúile, a chuid," arsa Bean-a-tí. "Chím go bhfuil fios a rúin agat-sa, leis, ach le congnamh Dé tiocfa sé slán ón nguais."

"Samhluítéar dom é bheith sínte, gonta sa tuargain agus is briseadh croí liom gan bheith le n-a thaobh chun fóirithint air. Gach uair a chuimhníم air tagann na deora lem' shúile," arsan Bhean Óg.

"Maolú ar an mbrón na deora, a chuid," arsa Bean-a-tí. "Do bhí an t-uaigneas am' chumha féin sara dtáinís isteach, ach níor fhéadas deor a shile, cé go raibh an brón am' thachta nách mó."

D'fhanadar tamall maith i dteannta a chéile ag feitheamh le sgéal i dtaoibh an Fhir Óig, ach sgéal ná duain níor tháinig. D'imigh an Bhean Óg sa deire, agus d'fhág sí an Mháthair 'na haonar arís.

Ba bhrónai ná riamh ansan í. Do bhí doircheacht na hoíche ann agus ní raibh tásc ná tuairisc a mic aici.

"Go saoraidh Dia é, an garsún bocht," ar sise.

Is ar éigin a bhí na focal as a béal aici nuair a tháinig an Mac isteach an cíl doras. Do rith sé isteach sa tseomra, agus "Ó, a Mháthair!" ar seisean.

Do chrom sí ar ghol go fuíoch nuair airigh sí a ghlór.

"Cad fáth na deora, a Mháthair?" ar seisean.

"Nách Oglach tu?" ar sise.

"Is ea," ar seisean. "An é sin fáth do bhróin?"

"Ní hé," ar sise. "Do bhí mo chroí á shníomh i rith an tráthnóna, mar cheapas go rabhais sa troid, agus go rabhais gonta, nó marbh, b'eidir. Is é fáth na ndeoir ná gan tu bheith sa bheárnain bhaoil, fé mar a bheadh t'athair dá maireadh sé."

"Ach do bhíos sa chath," ar seisean. "Is amhla a shleamhnuíos isteach chun innsint duit go mb'eidir ná feiefá go ceann tamaill me."

"Maith dhom, a Mhic," arsan Mháthair, agus do phóg sí é. Do phogadar a chéile agus dubhaint an Mac go gcaithfeadh sé aghaidh a thabhairt ar an gcath arís.

"Go stiúrí Dia agus Muire thu," arsan Mháthair, agus do sgar sí leis.

## Caint agus Gníomh.

Nuair a theip ar an Eirí Amach i nÉirinn sa bhliain míle ocht gcéad trí fichid a seacht do chuaidh an Cumann úd Bráithre na Poblachta ar geúl go mór. Ní dheachaidh sé chun deiridh ar fad ámhthach. D'fhan sé ann agus d'fhás sé go láidir arís nuair a tháinig glúin óg eile a chuir suim i saoirse na tíre.

Ach Cumann lag ab'ea é idir an dá linn. Mar sin a bhíonn i geomhnuí. Tagann borra agus fás agus ansan meath, agus tagann borra agus fás arís agus meath 'na ndiaidh.

Do bhí fuadar an domhain fé óig-fhearaibh na hÉireann sara dtáinig an gorta millteach sa bhliain míle ocht gcéad dachad a hocht. Ach do thuit an lug ar an lag aca nuair a theip ar an Eirí Amach, agus an Cumann a bhíodh á spreagadh do chuaidh sé chun deiridh ar fad.

Cuid des na daoine go raibh baint aca leis an iarracht san do chuireadar an síol arís, agus as an síol-chur san tháinig iarracht na bhFíníní agus an Cumann úd, Bráithre na Poblachta. Do bhí Éire go lag i lár na haoise, gan fonn troda ar éinne, ach sara raibh mórán blianta imithe do bhí borra nua sa tír agus na fir óga sáite isteach arís i geumann a préamhuíodh chun na saoirse do bhaint amach.

Do theip ar an iarracht san agus tháinig an lagachar arís. Ach, fé mar a dubhradh, ní dheachaidh an

Cumann chun deiridh ar fad, marab' ionann agus an Cumann eile úd na nÉireannach nÓg. Do cuireadh na taoisigh an loch amach, ach d'fhan cuid des na mion-taoisigh ann i geomhnuí agus níor leogadar san don Chumann dul i n-éag amach is amach.

"Ca bhfios ná go ndéanfí iarracht eile," a deiridis, "agus is fearr bheith ullamh 'na chóir."

Do bhí súil le hiarracht eile ag cuid aca gan aon amhras, ach nuair imigh na blianta agus gan aon chomh-artha ann go ndéanfí gniomh, d'eirigh na daoine ab' shearr as an gCumann i ndiaidh a chéile, go dtí ná raibh ann ach an dríodar.

Do bhí an Cumann go hana láidir i Maghchromtha agus d'fhan a lán daoine sa Chumann tar éis teipithe ar an iarracht sa bhliain 1867. Do bhí triúr droithár ann go raibh baint aca leis an iarracht. Do b'éigean don duine ba shine aca teiche leis thar sáile, ach d'fhan an bheirt eile sa Chumann ag feitheamh le glaoch chun troda arís. Nuair ná tainig an glaoch d'eirigh duine aca as, agus tar éis tamall do mholt sé don droitháir eile eirí as chomh maith toisc gan aon mhaith bheith sa ghnó.

"Ní eireód as," arsan droitháir eile, "an fhaid atá fir eile ann atá toilteanach ar gniomh a dhéanamh má ghlaotar ortha."

D'fhan an sgéal ar an geuma san ar feadh bliana nó mar sin. Ach ní raibh aon gniomh á dhéanamh, ná súil le gniomh. Do thárluíodh uaireanta ná bíodh ar chumas an fhir óig seo bheith láithreach nuair a bhíodh cruinnithe ar siúl ag an gCumann, agus dubhaint dalta eile nuair ná raibh an fear óg i láthair oíche áirithe gurbh 'amhla a bhí sé tar éis a chúl a thabhairt le saoirse

na hÉireann agus ná feicfí a thuille ag cruinnithibh an Chumainn é.

D'airigh an fear óg an sgéal agus do chuaidh sé go dtí an chéad chruinniú eile den Chumann. Do bhí fear a cháinte ann, leis. Ar ámharai an tsaoil cad a bheadh os comhair an Chumainn an oíche sin ach teachtaireacht ón gCumann i gCathair Chorcaí ag tairsgint do mhuinntir Maghchromtha roinnt gunnáí ach fios a chur ortha agus iad a thabhairt abhaile ón gcathair.

Cé raghadh fé n-a ndéin, agus conas a béarfí amach ón gcathair iad i gan fhios dos na connstábla? B'shin í an cheist.

Do thairg an fear óg go mbéarfadh sé féin abhaile iad ar an dtraen dá mbeadh beirt ag an stáisiún i Maghchromtha chun iad a thógaint uaidh nuair a shroisfeadh an traen an stad, agus fear a cháinte bheith 'na dhuine den bheirt.

Do deineadh an socrú san, agus do ceapadh lá i gcoír ná ngunnáí do thabhairt amach ón gcathair agus iad do thabhairt don Chumann. Fuair an fear óg iad ós na Finíni i gCorcaigh, dhá bheart déanta dhíobh agus iad clúduithe i slí ná measfadh éinne gur gunnáí a bhí ann. Nuair a tháinig an traen i n-aice an stáisiúin i Maghchromtha d'fhéach an fear óg amach agus do chonnaic sé an bheirt ag feitheamh leis.

Ach ar mhi-ámharai an tsaoil, cá stadfadh an carráiste 'n-a raibh sé féin agus an dá bheart ach ar aghaidh connstábla amach! Do leog an fear óg air bheith go bruidiúil i mbun na mbeart, agus é ag feitheamh leis an mbeirt chun teacht fé n-a dhéin. I bhfad uaidh d'fhanadar.

Do bhí sean-aithne ag an gconnstábla air, agus cad a dhein sé ach beart aca do shíne chun an chonnstábla.

"Beir air sin," ar seisean leis an geonnstábla, "agus coinnibh dom neomat é."

D'imirigh an bheirt gan teacht 'na ghaor, agus do thug **an fear óg** na gunnáí leis abhaile.

Do chuaidh sé go dtí cruinniú an Chumainn an oíche sin agus do thug sé na gunnáí leis. Do bhí fear a cháiinte ann, leis, agus an mhóráil bainte dhe. D'fhág an fear óg slán ag an gCumann an oíche sin.

## Malairt Smaointe.

"Ná bí ag caint liom-sa i dtaobh an chogaidh sin," arsa Feirmeoir go searbh le Stróinséar a bhual uime ar an mbóthar agus a chuir ceisteanna chuige i dtaobh na mbuachaillí a bhiodh ag troid sa dúthaigh sin sa bhliain mile naoi gcéad a fiche.

"Cad chuige an searbhús?" arsan Stróinséar. "Ní hamhla a bhís i n-aghaidh na mbuachaillí an uair sin?"

"Ní rabhas 'na n-aghaidh. Canathaobh go mbeinn? Do bhí beirt mhac dom féin 'na measc, agus bhíodh iníon dom ag cabhrú leo agus ag déanamh teachtaireacht dóibh. Do cailleadh duine dem' bheirt mhac agus tá a dhriotháir agus a dhriofúr imithe thar sáile, agus tá fiacha orm-sa de bharr an chogaidh sin ná beidh díolta agam go lá mo bháis. Ní hióngna go mbeinn searbh."

"Is trua an sgéal é gan aon amhras," arsan Stróinséar. "Mar sin féin ba bhreá an cogadh é—cogadh ar son na saoirse."

"Saoirse i bhfad uainn a bhí ann," arsan Feirmeoir. "Ní raibh ann ach smaoineamh. Tá an sgéal chomhdian againn anois agus a bhí roimis an geogadh san. Cad tá againn dá bharr?"

"Cad a bheadh uainn ach an téar bheith saor ó smacht téire eile, agus neart bheith againn ar Éire do rialú ar son leas na ndaoine?" arsan Stróinséar.

"Tá go breá," arsan Feirmeoir. "Leas na ndaoine, mar dhea. Ní hé mo leas-sa ach mh'aimhleas a

dhein an cogadh san na smaointe. Dá mb' ar chogadh na talmhan a bheifá ag caint do thuigfinn thu."

"Cuid den tsean-chogadh chéana ab'ea an cogadh san," arsan Stróinséar.

"Níorbh'ea, mhuiuse," arsan Feirmeoir. "Cogadh i n-aghaidh na dtiarnaí talmhan a bhí ann, cogadh a bhris a gcomhacht san agus a thug an talamh dúinn-ne. B'shin é an cogadh!"

"Tá an talamh ceannaithe agat?" arsan Stróinséar.

"Tá," arsan Feirmeoir, "agus bheadh an sgéal maith go leor agam mara mbeadh na fiacha d'fhág an cogadh eile orm."

"Conas a thárla na fiacha san bheith ort?" arsan Stróinséar.

"Do théadhlach na hÓglaigh isteach sa tsráidín agus do thugaidís leo ón siopadóir biadh agus deoch agus gach ní a bhíodh uatha, agus do cuireadh gach ní síos sa chúnntas am' choinnibh-se," ar seisean.

"Ach ní ceart go mbeadh ort-sa na fiacha san do dhíol," arsan Stróinséar.

"Ní ceart go deimhin, ach táim á ndíol agus bead á ndíol go lá mo bháis," arsan Feirmeoir.

"Is iongna liom nár dhíol an Rialtas na fiacha san, má sé Oifigeach na nÓglach a thug na hórduithe don tsíopadóir," arsan Stróinséar.

"Ca bhfios domh-sa ná go bhfuair an tOifigeach an t-airgead?" arsan Feirmeoir. "Ní fheaca riamh é."

"Mise an tOifigeach," arsan Stróinséar, "agus ní bhfuaras-sa aon airgead. Do bhíos sa troid go dtí go dtáinig an sos comhraic. Do chailleas lúth na láimhe clé agus 'na theannta san bead bacach go deo. Sin a bhfuil agam-sa de bharr an chogaidh sin. Ach mar sin féin, ba bhreá an cogadh é—cogadh ar son na saoirse!"

sin a hainm: Do chaith Domhnall Cam agus a shluá oíche ar Eachros. Nuair a bhíodar ag cur diobh maidin lar n-a mháireach do shleamhnaigh a láir fé Dhomhnall ar lic atá teorantach le Tuath na Droman agus do mar-bhuiodh í.

“An Chearc Riabhach” a thugadh Domhnall ar an láir, agus do tugadh Easach Circe ar an mball san an uair sin, agus do lean an ainm sin den áit ó shin i leith.

Tá gallán ana-bhreá ar Eachros. Tá sé fiche troig ar aoirde, agus deirtear go bhfuil a thrían fé thalamh—sin triocha troig ar fad. Do bhí sgríbhinn Ogham air fadó agus bhíodh a lán daoine ag teacht á fheisgint. Níor thaithin san le duine ón gcomharsanacht, agus d'aimsigh sé órd agus bhí sé ag gabhláil ar an gcloich go dtí gur loit sé a lán den sgríbhinn. Níl ach fíor-bheagán den sgríbhinn le feisgint annanois.

Tá gallán eile ann agus é 'na luí ar an dtalamh. Deirtear gurab' amhla a tháinig duine féachaint an raibh sgríbhinn ar an ngallán san agus nuair ná feaca sé i ar an gcuid uachtair de gur bhain sé as an dtalamh é ar lorg na sgríbhinne san chuid a bhí thíos de agus gur fhág sé sínte ansan é mar a bhfuil sé anois.

Deirtear gurab' é Oisín a chaith an gallán mó r ó Fhulacht Fiann Eachrois go Bán an Teampaill.

Seo tagairt d'Eachros à “Duanaire Finn”:

“A cloch Eachrusa in fheoir truim  
ro shaith mac calma Cumhaill  
fud atá laoch ba garbh gráin  
Dubhan Mac Cais meic Cannáin.”

Tá cainteoir maith Gaedhilge 'na chomhnuí sa tigh atá laistiar den ghallán mhór. Séamus Ó Cróinín is

## Easach Circe.

Is mó sgéal deas atá bailithe ag macaibh léighinn i gColáiste na Mumhan i mbliana i dtaobh áiteanna agus daoine a bhain le stair Uíbh Laoghaire. Gheibhid siad ranna agus sgéalta ós na daoine sa tsráidbhaile agus ar fuaid an bhaill sin Béal Átha 'n Ghaorthaidh, agus nuair a théid siad ar thurusanna go dtí Céim an Fhiadha, agus do dtí an Guagán agus go dtí áiteanna eile gheibhid siad cúntaisí ós na seandaoine ins na háiteanna san i dtaobh na bhfothrach agus na ngallán agus na rudaí ársa eile atá go flúirseach ar fuaid Uíbh Laoghaire.

Sgata macléighinn a thug aghaidh ar Eachros an lá fé dheire fuaradar a lán eolais i dtaobh na háite sin, agus ba mhóide a suim ann an bhaint a bhí ag Domhnall Cam Ó Súilleabháin Bhéara leis. Nuair a thug an laoch calma san aghaidh ó thuaidh, agus a cháirde le n-a chois, ar an dturus fada úd go Liath Droma gur fiú é áireamh ar eachtraí móra an domhain, is ar Eachros a dheineadar an chéad stad ó fhágadar Béara thiar. Is cúis mhaoite do mhuintir na háite an stad san, agus tá a lán sgéalta aca 'na thaobh.

Do bhí teampall ann an uair sin, ach níl ann den teampall anois ach na fallaí fuara. Bán an Teampaill a tugtar ar an áit 'na bhfuil an fothrach san. Dhá mhíle soir ó thuaidh ó Bhéal Átha'n Ghaorthaidh atá Eachros, ar an mbóthar ó thuaidh go Baile Mháirne. Tá áit ann ar a dtugtar Easach Circe, agus seo mar a fuair an áit

ainm do. Tá sé deich mbliadna is trí fichid d'aois, agus deir sé ná raibh aon talamh fóntha san áit sin i n-aimsir a shean-athar féin. Carrigreacha agus *fraoch* agus aiteann a bhí ann an uair sin. Tá páirceanna breátha fé bharraí ann anois de bharr saothair na ndaoine. Is fíor é sin i dtaobh na dútháí seo go léir nách mó. Bitear ag brise cloch agus ag ropadh agus ag raobadh an fhraoigh ann i gcomhnú agus ag cur leis an méid tailimh gur féidir é shaothrú.

Is glas agus is milis an féar a bhíonn ar na páirceanna san, ach ní mó bheith á sior-shaothrú. Le hallus a deineadh iad agus le hallus a cimeátar i dtreo iad. Dá dtugtí faillí ionta ba ghearr go mbeidís 'na bhfiantas arís.

Tá barraí iongantacha ag na feirmeoiri go léir ann i mbliana, agus misneach aca dá réir. Tá a lán crann á gcur aca, leis, agus má ghlacann an Rialtas leis an dtairsgint a fuaradar ó mhuintir na Gaeltachta i Músgrai agus i nUibh Laoghaire, chifar na cnuic go léir ó fínse Geimhleach go dtí Céim an Fhiadha fé chrannaibh arís fé mar a bhídís tráth.

## An Céim le Solas na Gealaí.

" Is aoibhinn an Leamhain maidin cheoidh,  
Is aoibhinn feora Lochá Léin,  
Is aoibhinn Faithche Dúnaló,  
'S is aoibhinn Achadh d'Eo le gréin."

Sin mar a labhair seanduine liom féin agus le Diarmuid Ó Cruadhlaoich mórán blianta ó shin agus sinn istigh sa tsean-mhainistir i nAchadh d' Eó i n-aice Chill Áirne. Tráthnóna breá gréine ab'ea é, agus d'oir an rann deas san go hálúinn don áit an uair sin.

Ní raibh ach an bheirt againn ann ar dtúis sara dtáinig an seanduine fé n-ár ndéin, agus do chaithreamair tamall ag breithniú na mainistreach agus ag déanamh iongna d'aileacht na dúthai mórtímpal. Do bhí ciúnas gan uaigneas ain agus do thaithn gach ní go seoigh linn.

Ansan do tháinig an seanduine an treo agus do labhair sé linn, agus i lár na cainte dho dubhaint sé an rann san thuas. Is dócha go bhfuil sé féin ar slí na fírinne um a dtáice seo, ach mairfidh an rann san am' chuimhne féin an fhaid a mhairfad.

Do chuimhníos air agus me i lár Céim an Fhiadha le déannaí. Ní hé solas na gréine a bhí ag taithneamh an uair sin ámhthaigh, ach solas na gealaí. Tá sé de nós ag na macaibh léighinn a bhíonn ag taithí na gcúrsaí i gColáiste na Mumhan i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh

turus a thabhairt ar Chéim an Fhiadha nuair a bhíonn solas na gealaí ag taithneamh. An oíche áirithe seo bhítheas ag trácht ar thurus, ach ní raibh aon rud socair 'na chóir go dtí gur airigh Liam Ó Cearbhaill ó Bhleá Cliath go raibh daoine ón gcathair sin ann ná feacaidh riamh an Céim sa ló ná san oíche, agus gur mhaith leo é fheisint an oíche sin fé sholas na gealaí.

Do bhí an gluaisteán ag Liam agus dubhaint sé le ceathrar againn gabháil isteach ann. Ní raibh uainn ach an focal, agus ba ghearr go rabhmail ag boga linn fé dhéin an Chéama.

“Ní dócha gur fearr é ná an Sgealp?” arsa duine des na sgoláirí ó Bhleá Cliath.

“Fiche Sgealp!” arsa Liam. “Fan go bhfeicfir.”

Níor bhfada go rabhmail ag gabháil thar tigh Mháire Bhuí Ni Laoghaire ag Béal an Chéama, agus isteach linn ansan sa Chéim, siar go dtí an áit mar ar thosnaigh Cath Céim an Fhiadha breis agus céad bliain ó shin, agus go dtí an áit mar a raibh luíuchán le linn Cogadh na Saoirse trí bliana dhéag ó shin.

Do chuir Liam an gluaisteán 'na stad trí huaire sar ar shroiseamair barr an Chéama, agus thánamair amach as chun na háite do bhreithniú agus chun an mhacalla do chlos ós na enocaibh ag freagairt ár nglór féin.

“Cad deireann sibhanois?” arsa Liam leis na sgoláirí óga ó Bhleá Cliath.

“Ó, is álúinn an áit é,” ar siad.

An sagart óg a bhí i mbÉal Átha 'n Ghaorthaidh roinnt bhlianta ó shin, an tAthair Micheál Ó Loingsigh, dubhaint sé go bhfeaca sé Céim an Fhiadha sa gheimhreadh agus na enuic ar an dá thaobh agus an bóthar féin fé bhratacha sneachtaidh, agus nár bhfearr leis aon

radharc imeasc na nAlp ná an radharc san i gCéim an Fhiadha.

D'innseas an chainnt sin don cheathrar eile.

"B'fhíor do," arsa Liam. "An chéad uair a thugas mo mháthair féin ansó," ar seisean, "dubhaint sí mara mbeadh a fhios aici gur ó Bhleá Cliath a tháinig sí ar an ngluaisteán go ndéarfadh sí gur san Eilbhéis a bhí sí."

D'fhanamair tamall ann i gciúnas na hoíche agus ansan do thugamair ár mbóthar orainn abhaile arís, agus áthas agus saghas uaignis orainn go léir.

Nuair a bhíomair i lár na sgeilpe ní raibh de sholas againn ach lampái an ghluaisteáin. Do bhí solas na gealaí os ár gcionn sa spéir, ach ní raibh an ré féin le feisint go dtí go ndeachamair siar ar fad go deire an Chéama.

Is dócha gur dhein gach duine againn machnamh ar uaigneas agus ar áileacht na hoíche sin an uair sin nó ó shin i leith. Do chuir an turus i gcuimhne dhom féin turus eile oíche eile i n-áit a bhfad ón gCéim agus ó Éirinn—oíche go raibh fíor-uaigneas orm.

Sa Róimh a bhíos an oíche sin. D'airíos daoine eile ag trácht ar áileacht an Choiliséum fé sholas na gealaí, agus do chuas féin ann oíche am' aonar. Do bhí soillse lectreachais ag taithneamh ar na fallaí móra árda ón dtaoibh amuigh, agus bhí solas na gealaí ag taithneamh anuas ar an dtaoibh istigh, agus dian-doircheacht anso is ansúd istigh.

Do chuas isteach agus do shiúluíos liom mór-thímpal. Dá dhéannaí san oíche a bhí sé, bhí mórán daoine istigh, cuid aca ag siúl agus cuid aca 'na suí. D'airíos bean óg agus blas na Mericeánach ar a cuid Béarla agus í ad'iarraidh aithris a dhéanamh ar abairtí Iodálaise a

bhí á rá ag Rómhánach óg. Níor chuireas puinn suime ionta ach leanúint orm ar mo chuaird mór-thímpal.

Do chugas isteach i bpóirsí dorcha anso is ansád, ach ní leogfadh eagla dhom dul i n-áirde ar na fallaí móra mar a bhfeaca daoine eile agus giollaí Rómhánacha le n-a gcois. Ar aghaidh liom am' aonar agus me ag machnamh ar na neithe a thuit amach san áit sin na mílte bliain ó shin.

Do baineadh preab asam agus me ag siúl thar n-ais fé dhéin na háite 'nar chugas isteach. I log tamall uaim síos d'airíos glór duine agus saghas Béalra á labhairt aige. Do stadas agus d'fhéachas síos. Lucht cuairde a bhí ann agus giolla á stiúrú.

"Anso," arsan giolla, "a seoltí na Críostaithé isteach chun go n'itheadh na beithigh allta iad."

Do choraigh mo chuid fola ionam ar chlos na bhfocal san dom i n-uaigneas na hoíche, agus do bhrostúios orm fé dhéin an tí-ósta.

An chathair sin na Rómha 'n-a geuirtí na Críostaithé chun báis is í croí na Críostuiochtaanois í.

## Taidhreamh.

“ Is dócha go rabhais ag Baile Dhomhnaill maidin Dé Sathairn, a Mhíchíl, chun an eiteallthóra d'fheisint ag teacht i dtír?”

“ Do bhíos, go deimhin, a Sheáin, ach, fé mar is eol duit, ní fheaca é.”

“ Is eol dom ná feacaidh éinne ansan é mar nár eirigh leis an turus a thabhairt. Do thuit sé isteach sa bhfarraige nuair a bhí sé i ngiorracht chuíg mile is dachad d'Éirinn. Is mór an trua ná raibh sé ar a chumas an turus go hÉirinn do chriochnú. Ansan do chifá ag teacht i dtír é agus ag imeacht arís fé dhéin na Frainne. Is dócha gur fhanais i mBaile Dhomhnaill gur airis an sgéal é bheith ar bord na luinge?”

“ D'fhanas. Do bhíos ann roim mheán-oíche, agus níor fhágas an áit go dtí tar éis a trí ar maidin.”

“ Dona go leor, agus gan éinni agat dá bharr.”

“ Dá olcas é, ba mheasa seacht n-uaire an faire a dheimidí sar ar imigh an Bremen treasna na farraige go Merice cheithre bliana ó shin.”

“ Conas san?”

“ Mar bhímís amuigh ar an mbóthar gach maidin ar feadh seachtaine ag feitheamh leis an bhfocal go rabbhas chunimeachta. Tháinig an focal sa deire, ach is mó maidin a chaitheamair ann sara dtáinigh sé. Ní leogtí isteach san aerdroim i n-aon chor sinn, mar níor mhaith leis na heiteallthóirí go gcuirfi isteach ortha.”

"Dá mbeinn-se ad' chás ní raghainn ann mara mbeadh deimhniú éigin agam go mbeidís ag imeacht."

"Ba chonntúrthach an rud é sin. Dá n-imídís agus tu sa bhaile, conas a bheadh an sgéal agat? Go haindis. D'fhanas féin sa bhaile mar sin oíche agus ní bhfuaras puinn suaimhni an oíche sin. Is beag ná go rabhas deimhnitheach de ná himeoidís, agus dubhart liom féin go bhfanfainn sa bhaile agus go raghainn amach dá bhfaghainn sgéal ó fhear an telefóna go mbeidís á n-ullmhú féin chun imeachta. Um uair an mheán-oíche do labhras leis, agus dubhairt sé liom ná raibh aon rud socair aca. Do labhras leis arís ar a dó agus ar a ceathair, agus dubhairt sé liom an uair dheirineach san ná déanfí an iarracht an lá san."

"Is dócha gur shuíos cois teine ag léamh leabhair i gcaitheamh na hoíche?"

"Ní hé sin a dheineas ach luí ar an leabaidh agus an elog do chur i dtreo chun me dhúiseacht ar a dó agus arís ar a ceathair. Ach cé go rabhas am' luí níor cholúios puinn. Le linn me bheith am' luí uair aca do deineadh taidhreadh dom. Cheapas go bhfeaca beirt fhear agus eiteallán aca agus bean óg ag féachaint ortha agus iad á n-ullmhú féin chun dul i n-áirde sa spéir chun triail a bhaint as an eiteallán."

"Ar mhaith leat teacht?" arsa duine aca leis an mnaoi óig.

"Ba mhaith," ar sise, "ach níl aon taithí agam ar bheith ag eiteall, agus b'éisdir go gcuirfinn isteach oraibh."

"Ní baol go gcuirfir," arsan t-eiteallthóir, "téanam ort."

Do ghléasadar í, agus do chuadar a dtriúr isteach san eiteallán. Do dheineadar cursa nó dhó san aer, agus

ansan d'fhiabruíodar di conas a thaithn an cúrsa lé.

"Ó, tá sé go háluiinn," ar sise.

"Téimis treasna na farraige go New York," arsa duine des na heiteallthóirí, agus do dhírigh sé an t-eiteallán chun dul siar chomh mear agus d'fhéadfaidís é. Do ghluaisíodar go breá réidh ar dtúis, ach tar éis tamaill tháinig anaithe gaoithe a chuir trí n-a chéile go mór iad. Níor thaithn san leis an mnaoi óig, ach níor leog sí éinní uirthe. Bhí sí ag brú na heagla fúithe.

Níor thug an bheirt eile fé ndeara an cás 'n-a raibh sí, mar bhí breis agus a ndóthain le déanamh aca-san ag stiúrú an eitealláin. Do chaill an bhean óg a misneach, agus ansan do chaill sí a ciall, agus bhí sí gan mheabhair gan tuisgint. D'iompaigh sí go hoban ar an mbeirt eile agus do sgriobh sí iad agus do strac sí iad i dtreo ná féadfaidís an t-eiteallán do stiúrú agus do bádh iad go léir sa bhfarráige.

"Is uathbhásach an taidhreamh é sin, a Mhíchil. Ní fuláir nó bhí mi-shuaimhneasach an oíche sin, trá's gur deineadh a leithéid sin de thaidhreamh duit."

"Do bhíos, a Sheáin. Shamhlúios go bhfeaca an eachtra go léir ó thosach deire ag tuitim amach os comhair mo shúl."

## Inis na n-Each.

Ní misde inis na n-each do thabhairt ar an oileán għlas so na hEireann ar a mbionn súile daoine ins gach páirt den domhan dīrithe trí huairé gach bliain féachaint cad é an sgéal a bheadh le fáil aca de bharr casadh baraille an Chrannachuir. An radharc a chítēar ar gach taobh den halla, cuireann sé i gcuimhne dhúinn gur tir iongantach gurbh 'ea Éire i gcomhnuí i gcúrsaí fiaigh is ráis.

Dá fhaid siar fhéachaimid ar stair na tíre tugaimid fé ndeara go raibh eachra agus capaill fé mheas ag muintir na hEireann. Eachra a tugtí ar na capaill uaisle i n-óige na tíre agus a bhfad 'na dhiaidh san: "Iomad capall, beagán d'eachaibh," adeir an Ceathrar Ollamh. Each iompair each na marcúiochta, ach ní tabharfí each ar a leithéid sinanois: capall an gnáth-shocal ar gach saghas anois, ach go dtugtar capaill foluiochta ar na capaill ar leithlig i gcóir fiaigh is ráis go bhfuil ful fí leith ionta.

Ach pé ainm a tugtar ortha, do bhí meas ag na daoine ar na capallaibh i gcomhnuí. Agus ní hag dul den mheas atá. An radharc i halla an Chrannachuir l'éiríonn sé dhúinn an meas atá ag an bpobal le linn ár n-aimsire féin ar an bhfiach agus ar na comórtaisibh ráis agus léimt.

Do chuala le déannaí go raibh daoine ag eirí as

bheith ag imirt golf agus ag gabháil leis an bhfiach mar mhalairt chaitheamh-aimsire.

"Is aoibhinn dóibh siúd," arsa mise, "go bhfuil sé de ghustal aca bheith ábalta ar na capaill do cheannach agus do chothú."

"Ní [hé sin] é," arsa cara dhom, "ach gur saoire an fiach ná an golf! Gheóbfhfá capall breá fiaigh ar bheagán airgid, agus ní chosnódh sé puinn an capall san do chothú ach an chaoi bheith agat air."

"Sea díreach," arsa mise, "ach an chaoi bheith agat air. Is é mo thuairim ná tréigfidh móran daoine an golf ar son an fhaigh."

Is ar éigin a thréigfidh, agus ní lú ná mar eireóidh móran daoine as an bhfiach chun bheith ag imirt golf. Deirtear go bhfuil an chluiche sin golf chomh seanda leis an bhfiach agus go mbiodh sí á imirt i nÉirinn i n-aimsir na bhFiann. Bhíodh na Fianna ag fiach ar aon chuma, más inchreite leitriocht na hÉireann.

Ar thóir an fhiadha a théadh na fiadhaiithe fadó, ach is i ndiaidh an tsionnaigh agus an ghearrfaiithe is gnáthach an tóir bheith le fada. Seo mar a deir amhrán 'na thaobh:

#### RAGHMÍD AG FIACH FAN AN LAE.

"Ó mhaidin iné tá sionnach is gearrfhiadh

Ag taistéal ar imeall na habhan,

'S is náire dhúinn féin bheith sa bhaile go faon,

Ag caitheamh ár saoire go fann.

Na marcaigh ar aghaidh chun an tsléibhe,

Agus leanaid na gadhair 'na ndéidh,

Téimis 'na ndiaidh chun bheith páirteach sa bhfiach,

Agus bímis ag fiach fan an lae.

Ó, raghmíd ag fiach fan an lae,

Ó thárla an ghrian ins an spéir,  
Bíodh baint again nleo sa ghreann is sa ghleo,  
Sea, raghmíd ag fiach fan an lae.

Tá breitheamh breá groí ar an mbínse 'na shuí,  
Ag feitheamh chun cúise do phlé,  
Agus fiche fear dlí agus daoine chun sgrí,  
Ach gan duine is lú d'fhinné.  
Arsan breitheamh: 'Sin masla dhom féin,  
Ach maithfead an t'rus so dhóibh é,  
Sgaoilfad-sa leo mar is breá é an spórt,  
Is raghmíd ag fiach fan an lae.'"

Tá fonn an amhráin sin ar eolas agam ó bhíos am' leanbh, agus shaoileas i gcomhnuí gur ó Shasana a tháinig idir an bhfonn agus na focail Bhéarla a ghabhann leis, go dtí gur airíos i dTruro anuiridh gur fonn ó Éirinn é. Shaoil muintir na conntae sin, Cornwall, gur leo féin an t-amhrán, agus tá sé i gcló aca i leabhar ar a dtugtar *Cornish Dialect and Folk Songs* ach dubhradh i dTruro an uair sin anuiridh gur le hÉirinn a bhain an t-amhrán, agus dealrruíonn an sgéal gur fíor san. Níl an ceol ar fáil ar aon chuma, chomh fada agus is eol domh-sa, i n-aon chnuasacht d'amhráin Shasana ná Alban.

Na focail Ghaedhilge atá anso agam aith-innsint is ea iad a dheineas ar na focalaibh Béarla a bhain leis an bhfonn i gcomhnuí. Tá bhéarsaí eile san amhrán bhunaigh, ach ní beag an dá cheann san anso.

Tá sgéalta agus dáonta agus amhráin go flúirseach sa Ghaedhilg á léiriú dhúinn gur thaithn an fiach leis na daoine ins gach páirt den tír ó thosach aimsire go dtí an lá atá iniu ann. "Gheoir Bleá Cliath chun fiaigh is spóirt," arsa Máire Bhúí Ni Laoghaire céad

bliain ó shin, á theasbeáint dúinn go raibh ainm na príomh-chathrach i n-áirde an uair sin mar ionad i gcóir spóirt agus caitheamh-aimsire.

Leath-chéad bliain ruimis sin do dhein Brian Mac Giolla Meidhre tagairt don fhiach agus "Cúirt an Mheán-oíche" á chuma aige:

"Bhíodh éanluith i gceann go meidhreach módmhar,  
Is léimneach eilte i gcoillte am' chomhgar;  
Géimneach adharc is radharc ar shlóitibh,  
Tréan-rith gadhar is radhnard rómpa."

Sin mar a bhí i gConntae an Chláir, agus is beag conntae eile i nÉirinn ná biodh an adharc go binn dá séide agus guth na ngadhar ar bheinn na sléibhte inte, fé mar a bhíodh i mBleá Cliath agus sa chonntae sin an Chláir. Maireann an spórt san i gcomhnuí thoir, thiart, thuaidh agus theas, agus ní dócha go raghaidh sé i n-éag go deo.

[Ar Chlár an Chrannachuir Márta 1933 a céad cuireadh an aiste sin i gelól.]

## Máire Bhui Ní Laoghaire.

Tá suas le céad bliain imithe ó éag Máire Bhui Ní Laoghaire ó Bhéal an Chéama, ach meath ná éag níl tagaithe fós ar a hainm ná ar a cail; agus is léiranois go mairfidh a hainm is a cail an fhaid a mhairfidh an Ghaedhilg féin i mbéalaibh daoine.

Tá a hainm i n-áirde ar fuaid na hÉireann agus lasmuigh d'Éirinn de bharr aon dáin amháin dár chum sí, an dán úd i dtaoibh an chatha idir Gaeil is Gaill i gCéim an Fhiadha sa bhliain mile ocht gcéad fiche a dó.

Ceann des na dáonta é sin a chanann Donnchadh Mac Coiligh, agus tá pláta déanta i gcoír an ghramofóna agus idir fhocail agus ceol air, i dtreo gur féidir d'éinne go bhfuil gramofón aige bheith ag éisteacht leis an amhrán do réir mar a chanann an sár-amhránaí sin é.

Tá an t-amhrán féin gan ceol agus an t-amhrán agus ceol leis le fáil i leabhraibh, agus is beag duine go bhfuil aon eolas aige ar an nGaedhilg ná fuil an dán léite aige. Cloistear ag feiseanna agus ag cuirmeacha ceoil agus ag siamsái é, agus an té nár airigh tráth éigin é ní fuláir nó tá sé bodhar nó tá leithleachas éigin ag baint leis. Ní gnáth-Ghaedheal é, pé'r domhan é.

Cá bhfuarathas an t-amhrán agus an ceol? Ós na seandaoine i Músgráí agus i nUíbh Laoghaire. Tháinig idir cheol agus focail anuas chughainn ó ghlúin go glúin, agus cantar an t-amhrán anois fé mar a cantí le céad bliain é. Nil aon cheanntar sa Ghaeltacht ná fuil seoda

leitriochta ag na seandaoine ann, ach tá bua ag muintir Uíbh Laoghaire agus ag muintir Mhúsgraí ar na daoine i ndúthaíbh eile 'n-a bhfuil an Ghaedhilg beo i gcomhnuí; maireann saothar a bhfilí féin i n-aigne na seandaoine ann. Tá aca a lán de shaothar Mháire Bhúi seachas "Cath Céim an Fhiadha" chomh maith le saothar filí nach í. Tá an oiread filiochta bailithe agam féin uatha agus a dhéanfadh leabhar toirtiúil gan trácht ar a bhfuil bailithe ag móran daoine eile.

An leitriocht san atá i mbéalaibh na seandaoine, dá mbeadh sí ar fáil i leabhránaibh sgoile b'fhuiriste dlúth-cheangal do dhéanamh idir an aos óg agus na seandaoine agus an teanga labhartha do chosaint leis an dtaca leitriochta san ar thruailliú agus ar lagachar agus ar bhéarlachas.

Tá sgéal an chatha agus an t-amhrán ag na seandaoine agus ag daoine meán-aosta. Agus ní mar a chéile an innsint atá aca-san ar an gceath agus an innsint a chraobhsgaoil na Gaill tar éis an chatha. Tá an dá innsint ar aon fhocal i dtaobh deire an chatha: do theich na Gaill le n-a n-anam agus d'fhágadar duine dá saighdiúirí 'na ndiaidh ar mhachaire an áir. Do cuireadh an duine sin sa reilig i nInse Geimhleach, agus do tógadh leac 'na dhiaidh san ar an uaigh. Sid é an sgríbhinn atá ar an lic sin:—

*"Here rest the remains of In. Smith, late of 39th Reg. Aged 32 years. This stone erected to his memory by Major Logan's Comp. 2nd Batt. Rifle Brigade in testimony of the high esteem they hold. 39th Reg. A.D. 1822."*

Ag Béal Chéim an Fhiadha a bhí Máire Bhúi Ní Laoghaire 'na comhnuí, agus do chonnaic sí an cath agus

do chabhraigh sí leis na Gaeil i geoinnibh a namhad. Tá cur síos fuinniúil aici sa dán ó thosach go deire. Seacht bhéarsai atá ann, ach trí cinn a cuirtear i gcló de ghnáth. Tá tagairt sa chúigiú bhéarsa don tsraigdiúir Gallda a marbhuiodh. Is é an bhéarsa deirineach é seo :—

“ Stadfad feasta 'em dhántaibh,  
Táim láimh leis an gcríonacht,  
Tá an iomarca den droch-chroi agam  
Do bhuidhin na mbolg mó�;  
Ní gean dom a thuille a rá leo,  
Nára fearrde a mbuidhean é  
Ach ár agus sgeimhle  
Go dtig ar a gcóir.  
Nára díon dóibh stad ar feadh seal dá ngléas,  
Nára díon dóibh carraig cnoc ná sliabh  
Mara mbíon an sionnach mear dá fhiach,  
Is a gcéim aca ar seol.  
Beidh gach sár-fhear croíúil  
A phíce aige 's a shlea 'na dhóid,  
Gan súil le sásamh choíche,  
Ná díol as go deo.”

Tháinig Iarla Bheanntraí agus saighdiúirí agus lucht conganta aniar ó Bheanntraí d'fhoinn Gaeil áirithe i nUíbh Laoghaire do ghabháil. Do bhí coinne ag na Gaeil leo agus bhíodar ullamh 'na gcóir. Is é rud a bhí beartaithe ag na Gaeil ná leogaint dos na Gallaibh teacht isteach thar an gCéim aniar agus an cath a chur ortha nuair a bheidís ag dul abhaile, tar éis an turuis i n-aistear bheith curtha dhíobh aca ar lorg na bhfeair a bhí uatha.

Tá mám doimhinn ann idir dhá chnoc, agus do bhí

beartaithe ag na Gaeil carraigreacha móra do leogaint anuas ar an mbóthar ruimis an namhaid amach nuair a bheidís ag gabháil siar arís, agus an cath do chur ortha ansan. Do bhí eagla ar chuid de lucht leanúna Iarla Bheanntraí dul soir thar an gcum. D'fhanadar san siar, agus do chuaidh an tIarla agus an chuid eile ar aghaidh. Nuair a bhíodar ag teacht thar n-ais do bhí seanduine ar thaobh an chnuic agus d'aithin sé duine aca a bhí ciontach i mbás a bheirt mhac, agus do thug sé fogha fé an nduine sin sar ar leogadh na carraigreacha anuas ó bharr an chnuic, agus bhí sé 'ná chogadh láithreach.

Sa chúnias a cuireadh i geló ar an *Freeman's Journal* an naoú lá fichead d'Eanár 1822 dubhaint na Sasanaigh gur marbhuiodh a lán Gaol, ach d'admhuíodar go mb'éigean dóibh féin teiche agus an saighdiúir a marbhuiodh d'fhágaint 'na ndiaidh. Ag na Gaeil a bhí an bua an uair sin, do réir dheallraimh. Dán maoite, ar aon chuma, an dán a chum Máire Bhuí i dtaoibh an chatha.

Ar lorg eolais dom i dtaoibh Máire Bhuí do chuireas ceisteanna chun a lán daoine i nUíbh Laoghaire. Dubhaint Bean Uí Chriodáin liom gur airigh gach éinne teacht thar Máire Bhuí, ach ná raibh puinn dá cuid filiochta aici féin. Seo giota ó Bhean Uí Thuama, an Táirín Dubh, duine go bhfuil a lán eolais aici i dtaoibh Máire Bhuí:

Bhiodh Máire i geomhnuí ag cáine na Sasanach agus ag déanamh acir ortha. Na "Galla-bhéir ó Lonndain" a thugadh sí ortha. Do bhí fidoir ó Bhán an Ollthuigh agus do chum sé an leath-rann so thíos agus dubhaint sé le Máire é:

“Sasanaigh na mó�-chorp go huasal ag gabháil an ród,

‘Na gcoistí greannta ag gluaiseacht, sin dualgas do gealladh dóibh.’”

Do chuir san fearg ar Mháire agus do fhreagair sí an fidóir mar seo:—

“A fhídóirín gan fuaimint,  
Stadanois is caith do spól,  
Agus ná hairím a thuille ded' dhuantaibh,  
Mar ní suaire liom is ní binn do ghlór;  
Níor gealladh dóibh do réir tuairim  
Cead buannachta fháil go deo,  
Ach beidh cailín beag na luachra  
Is na sluaite fear ag rith 'na deoidh.”

Ach is mó dán eile a cheap Máire Bhúi seachas ná dánta gríosaithe a chum sí i n-aighaidh na Sasanach. Sa bhliain 1915 fuaras ó Shiobhán a’ tSagairt, Goirtín na Coille, dréacht a chum Máire Bhúi ag tabhairt comhairle dá mac féin. Deirtear gurbh’ amhla a bhí an mac luate le cailín áirithe agus go raibh sé ag cuimhneamh ar eirí as an bpósadh. Ba lag le Máire go dtréigfadh a mac an cailín, agus do mholt sí dho í phósadh.

Do chuireas an dréacht i gcló san “Chlaidheamh Solais” i mí na Samhna 1915 díreach mar a fuaras ó Shiobhán a’ tSagairt é. Seo bhéarsa eile dhe a nois ná raibh agam an uair sin, bhéarsa a léiríonn dúinn gur dhein an mac beart do réir comhairle a mháthar:—

“Maidin Domhnaigh Dé  
Sea thaistil chughainn thar Céim,  
An ainnir mhúinte, chneasta, chlúil,

Ba dheas é dlúth a déid;  
 Bhí lasair lonnach caor  
 'Na leacain úir, bhuig, réidh,  
 Ba phras é a siúl ar bharr an drúcht'  
 'Gus sgiob sí an Búrcaigh lé."

Ar na dánta eile dár chum Máire Bhuí do chuireas ceann i geló sa chnuasacht úd "Fiche Duan" agus ceann eile ar an bpáipéar úd "Glór na Ly." Duan beag símplí An Seohín a chuireas i geló sa leabhar. An ceol a ghabhann leis is féidir é fháil san leabhrán 'n-a bhfuil an dráma beag úd "Niamh Chinn Óir." Caoine an ceann a bhí ar "Ghlór na Ly." Deirtear gur daoradh duine de chlainn mhac Máire Bhuí chun a chrochta de bharr an chogaidh agus go bhfuarthas párdún do, ach go dtáinig an párdún ró-dhéannach agus gur crochadh é i gCorcaigh.

Sa chaoine seo tá bean ag caoine a fir agus á rá gur mór an trua nár dhunne dá droitháracha féin a bhí san uaigh agus a fear féin slán aici. Tugann máthair na mná freagra air sin agus labhrann an bhean arís á freagairt. Pé míniú atá ar an sgéal, agus b'shin é an míniú a fuaras-sa ó Shiobhán a' tSagairt, bhí sé de nós ag Máire Bhuí dréachta do cheapadh fé sgáth daoine eile ar nós údar na leitríochta ins gach teangain: a smaointe féin dá nochta aici thar ceann duine eile.

Is beag duine beo anois go bhfuil an oiread san eolais aige i dtaoibh Máire Bhuí agus atá ag Bean Uí Liatháin, Túirín Leath-árd. Tá sí féin i lúib a nóchad, mara bhfuil sí os a chionn san.

"Ní cuimhin liom féin í," a deir sí, "ach ba chuimhin lem fhearr í, agus is cuimhin liom féin go maith a clann. Ceathrar mac agus aon iníon amháin a

bhí ag Máire Bhuí agus do bhí aithne agam féin ar gach duine dhiobh. Nuair a pósadh Máire agus Uilig de Búrc do chuaidh sí chun comhnaithe go dtí Béal a' Chéama, mar a bhfuil an tigh i geomhnuí. Ba leis na Búrcaigh an dúthaigh go léir ó Bhéal Átha'n Ghaorthaidh go dtí an Céim, agus daoine saibhre ab'ea iad tráth dá saol. Daoine fiala lághacha ab'ea iad, agus ba fhlaithíula ná san féin Máire Bhuí Ní Laoghaire agus a muintir féin."

Is mó sgéal agus rann atá ag muintir Bhéal Átha'n Ghaorthaidh i dtacbh féile Mháire Bhuí. Ag trácht ar a féile dubhaint a fear, Uilig de Búrc, tráth:—

“Más i gcúntas Dé a thug an bhean atá agam-sa déarc,

Do dhéanfadh leath ar thug sí uaithe í chur go flaithis Dé.”

Bean a chuaidh isteach, lá, go tigh a' Bhúrcuigh ar lorg déarca. Do líon Máire Bhuí aprún na mná de phrátaí. Ag gabháil baochais lé dubhaint an bhean:—

“Mo thíurse nách Búrcach gach éinne,  
Mo ghúna gur cumhang dom dá mhéid é.”

Tá sliocht an Bhúrcuigh 'na geomhnuí sa tsean-áitreabh. Uilig de Búrc, mac mic mhic Mháire Bhuí atá i seilbh an tí láimh le Céim an Fhiadha, agus roinnt bheag tailimh aige ag gabháil leis an dtigh.

Tar éis a bhfuil nochtaithe agam de thréithe agus de bhéasa Mháire Bhuí Ní Laoghaire, ní hióngna muintir Bhéal Átha'n Ghaorthaidh bheith mórálach aiste. Ní tógha ar Ghaeil i mbaile is i gcéin bheith mórálach as a cuid filíochta.

## Art Ó Laoghaire.

Breis agus cheithre fichid blian ó shin do sgríbh fear darbh' ainm Michael Pyne leabhrán 'n-a bhfuil a lán eolais i dtaobh na ndúthai ar fuaid conntae Chorcaí agus i dtaobh na ndaoine a bhí 'na gcomhnuí sa chonntae sin an uair sin agus a sinnsear rómpa. Deir sé gur chaith sé cheithre bliana ag siúl ó áit go háit ag bailiú an eolais, agus gur chuir sé síos ar a bhfeaca sé agus ar a geuala sé " gan dochar d'aon dream, uasal ná íseal, ná d'aon tsaghlas Críostuithe."

Do shiúlaigh sé an chonntae go léir, ó Bhéara go Baile Mhistéala, agus ó Eochail go Dútha Ealla, ar lorg eolais i dtaobh na ndaoine, agus do bhailligh sé a lán eolais i dtaobh stair na ndúthai, leis. Deir sé sa leabhrán go bhfuair sé eolas i dtaobh Airt Uí Laoghaire ó sheanduine a bhí 'na chomnuí i gCarraig an Ime agus a chonnaic an saighdiúir ag caitheamh an philéir a mhairbh Art.

D'éag an seanduine sin sa bhliain mile ocht gcéad dachad a ceathair agus é chúig bhliana dhéag is cheithre fichid d'aois. Dá réir sin, bheadh sé cheithre bliana fichead nuair a marbhúiodh Art Ó Laoghaire.

Ní réition an cúnntas atá sa leabhrán so ag Michael Pyne leis an eolas atá le fáil i leabhraibh eile ná le béaloideas Mhúsgráí an lae iniu. Deir sé ná raibh ach aon mhac amháin ag Art Ó Laoghaire agus gur eirigh an mac san chun bheith ana-shaibhir de bharr tobac do

dhéanamh, ach deir Eibhlín Dubh Ní Chonaill, bean Airt, sa Chaoine a chum sí ar bhás a fir, go raibh dís leanbh aca.

Níl aon tagairt don Chaoine ag Michael Pyne, cé go bhfuil tagairt aige d'Eibhlín Dubh agus do mhuintir Laoghaire. Deir Pyne, leis, gurbh' amhla a chuaidh Art Ó Laoghaire ar lorg Morrison chun díoltas d'agairt air, ach go bhfuair Morrison cogar ó dhuine éigin ar an rud a bhí beartuithe ag Art agus go ndeachaigh sé thar n-ais go Sráid a' Mhuilinn mar a bhfuair sé dream saighdiúirí chun é thionnlacan ar thóir Airt.

Do chonnamadar Art Ó Laoghaire ar muin capaill ar an mbóthar, ach do chonnaic seisean iad-san agus níor eirigh leo teacht suas leis go dtí gur shroiseadar Carraig an Ime. Nuair a chuaidh Art thar an sruthán cheap sé nár bhaol do agus do chuir sé a chapall 'na stad.

Do bhí an t-oifigeach agus na saighdiúirí agus na gunnáí i dtreo aca. Duine des na saighdiúirí go raibh a ghunna dirithe aige ar Art, d'fhiachaigh sé de Morrison ar theastaigh uaidh Ó Laoghaire do mharbhú. Dubhaint Morrison gur theastaigh. Do chaith sé an piléar agus do thuit Art Ó Laoghaire den chapall ar an áit 'n-a bhfuair a bhean é "cois tuirín ísil aitinn" agus mná á chaoine.

I gCill Chré atá uaigh Airt agus leac le n-a ceann, agus is mó duine nár thuig conas a thárla go ndubhaint a bhean sa Chaoine gur i gCill na Martar a cuireadh é:—

" Mo chara thu go daingean!  
Is nuair thiocfaid chugham abhaile  
Crochúr beag an cheana  
Is Fear Ó Laoghaire an leanbh,  
Fiafróid díom go tapaídih,

Cár fhágas féin a n-athair,  
'Neósad dóibh fí mhraig  
Gur fhágas i gCill na Martar,  
Glaofaid ar a n-athair,  
Is ní bheidh sé aca le freagairt."

Deir Pyne go raibh an dúthaigh go léir fí mhraig ar bhás Airt Uí Laoghaire, agus gur tógadh a chorp agus gur cuireadh é i d'Tuatha na Dromain, ach gur aistríodh 'na dhiaindh san é go dtí Mainistir Cill Cré mar ar cuireadh i n-uaigh a shinnsear é.

## Art Ó Cléirigh.

Fior-chara do theanga na nGaedheal ab'ea Art Ó Cléirigh, beannacht Dé le n-a anam. An chéad uair riamh a chonnan féin é is ag gabháil don Gaedhilg a bhí sé agus é 'na mhac-léinn i gColáiste na Mumhan i mBéal Átha'n Ghaorthaidh, agus an uair dheirinneach a chonnan 'na bheathaigh é is é gnó na Gaedhilge a bhí ar siúl arís aige. Bhí sé 'na theachtaire ag an gComhdháil Cheiltigh an uair sin, agus do dhein sé cion fir chun clú a thíre dúchais féin do chur i n-áirde imeasc na náisiún go raibh teachtairí uatha ag an gComhdháil sin.

I mí Dheire Foghnáir sa bhliain míle naoi gcéad triocha a dó, bliain na Comhdhála Móire i mBaile Átha Cliath, a tháinig an Chomhdháil Cheilteach le chéile i gCornwall. Ní nách iongna, bhí muintir na dútháí sin ag maoidheamh as Artúr Rí agus as a Ridirí, ach ag an geruinniú mór a bhí sa chaisleán i dTinteagil do léigh Art Ó Cléirigh aiste 'n-ar chruthaigh sé do réir fianaise a chuir sé as comhair na dteachtairí gur Ghaedheal ó Éirinn é Artúr, an Rí go rabhthas ag maoidheamh as.

Do bhíos-sa le n-a chois an tráthnóna san, agus is lag a shaoileas agus me ag éisteacht leis go mbeadh a ghlór 'na thost go deo sar a mbuailimís um á chéile arís. Ní chloisfimíd a ghlór arís ar an saol so, ach mairfidh a chlú agus a shaothar an fhaid a bheidh daoine i nÉirinn a chuirfidh suim i gcúrsaí na Gaedhilge agus i gcúrsaí na hÉireann.

Is fada an tréimhse aimsire é ó lá na Comhdhála san siar go dtí an lá 'n-a bhfeaca Art Ó Cléirigh i mBéal Átha'n Ghaorthaidh fadó. An ceathrú lá de mhí an Iúil sa bliaín mile naoi gcéad a ceathair a thosnaigh an obair i gColáiste na Mumhan i mBéal Átha'n Ghaorthaidh. Nílim cruinn air ceoca an bliaín sin nó an bliaín 'na dhiaidh san a chéad-chuireas aithne ar Art Ó Cléirigh, ach pé bliain í, tá dea-chuimhne agam ar dhúthracht Airt chun na foghluma an uair sin agus ar na dea-thréithe a bhí ann. Is mó bliain 'na dhiaidh san a bhuaileamair um á chéile ann agus is minic a chaith-eamair aimsir shuaire ag snámh i locha na Laoi nó ag siúl na genoc i nUibh Laoghaire. Is fada a bheidh cuimhne agam ar an lá álúinn go raibh Art 'na threorai ar sgata againn agus sinn ag teacht ó Bhéal Átha'n Ghaorthaidh thar an Leacain Bháin isteach go Ciarraighe ar an mbóthar abhaile dhúinn. Is é a bhí go meidhreach agus go gealgháiriteach agus a rothar aige á thiomáint i gcoinnibh an chnuic agus an chuid eile againn á leanúint.

Do bhíos féin tar éis teacht am' aonar ón dtaobh eile cúpla seachtain ruimis sin, agus ní dea-chuimhne a bhí agam ar an dturus san. Ní ró-mhaith a thaithn moladh Airt liom nuair a chomhairligh sé dhúinn ár n-aghaigh a thabhairt ar an genoc sa turus abhaile, ach bhíos fíor-bhuidheach de nuair a shroiseamair barra an chnuic agus do shuíomair ar an bplásán ar theorainn an dá chonntae chun ár suaimhni do cheapadh ar feadh tamaill. An enoc a chráidh me agus me ag teacht aniar bhi sé os ár geomhair agus an bóthar ag rith le fánadh an ghleanna.. B'shin faoiseamh! Agus an chuideachta shuaire ar an bplásán, do mhéadaigh sé aoibhneas an turuis.

Ag machnamh domanois ar na laetheanta a chaith-

eamair i mBéal Átha'n Ghaorthaidh is cuimhin liom gur mhar a chéile Art Ó Cléirigh agus duine de mhuintir na háite féin. Théadh sé ann gach bliain, uaireanta nuair a bhíodh an Choláiste ar siúl agus uaireanta eile nuair a bhíodh obair na Coláiste ar leath taoibh, agus bhíodh sé mar dhuine dhíobh féin imeasc na ndaoine i geomhnuí.

Níor bh'ionann cás do agus don duine go ndubhairt "Siobhán a' tSagairt" n'a thaobh: "Suidh anso síos agus bí leat féinig, níl cuid agat díobh ná dhíot ag éinne!" Do bhí cuid ag Art Ó Cléirigh de mhuintir Bhéal Átha'n Ghaorthaidh, agus do bhí cuid aca san de agus meas aca air.

Einne go mbeadh aithne aige ar Art Ó Cléirigh, ní fhéadfadh sé gan cion bheith aige air, bhí sé chomh ceannsa agus chomh díreach san agus chomh misníúil sin. Do chabhrúodh sé le gach éinne a iarradh congnamh air chun na Gaedhilge do chur chun cinn. Nuair a deineadh iarracht chun leitriú na Gaedhilge do chur i n-oiriúint don tsaol atá ann anois do ghaibh sé páirt i n-obair an Chumainn um Leitriú Simplí, agus do bhí sé 'na chomh-rúnaí liom-sa ar an gCumann ar feadh tamaill. Do bhí sé 'na thaca dhúinn an uair sin ad' iarraidi cead d'fháil do mhúinteoirí chun feidhm a bhaint as an leitriú foghruíochta chun na Gaedhilge do mhúine go cruinn agus go blasta. Tá toradh a shaothair san obair sin le feisgint iniu.

An Ghaedhilg do leathadh mar ghnáth-theangain labhartha, sin é a bhí uaidh, agus nuair a thuig sé go gceabhródh an leitriú simplí leis an iarracht san do dhein sé a dhícheall chun saorise d'fháil do mhúinteoirí gur mhaith leo feidhm a bhaint as.

Is mó cuma eile 'n-ar chabhruigh sé le hobair na Gaedhilge, agus is mó an méala é bheith fé'n bhfód anois. Solas na bhflathas go raibh ag á anam.

[AR AN IRISLEABHAR ód "C. U. S" 1933 iseadh a céad cuireadh an aiste sin i gcló].

## STAIR 'AGUS LÉANN.

12  
13  
14  
15  
16  
17  
18  
19  
20  
21  
22  
23  
24  
25  
26  
27  
28  
29  
30  
31  
32  
33  
34  
35  
36  
37  
38  
39  
40  
41  
42  
43  
44  
45  
46  
47  
48  
49  
50  
51  
52  
53  
54  
55  
56  
57  
58  
59  
60  
61  
62  
63  
64  
65  
66  
67  
68  
69  
70  
71  
72  
73  
74  
75  
76  
77  
78  
79  
80  
81  
82  
83  
84  
85  
86  
87  
88  
89  
90  
91  
92  
93  
94  
95  
96  
97  
98  
99  
100  
101  
102  
103  
104  
105  
106  
107  
108  
109  
110  
111  
112  
113  
114  
115  
116  
117  
118  
119  
120  
121  
122  
123  
124  
125  
126  
127  
128  
129  
130  
131  
132  
133  
134  
135  
136  
137  
138  
139  
140  
141  
142  
143  
144  
145  
146  
147  
148  
149  
150  
151  
152  
153  
154  
155  
156  
157  
158  
159  
160  
161  
162  
163  
164  
165  
166  
167  
168  
169  
170  
171  
172  
173  
174  
175  
176  
177  
178  
179  
180  
181  
182  
183  
184  
185  
186  
187  
188  
189  
190  
191  
192  
193  
194  
195  
196  
197  
198  
199  
200  
201  
202  
203  
204  
205  
206  
207  
208  
209  
210  
211  
212  
213  
214  
215  
216  
217  
218  
219  
220  
221  
222  
223  
224  
225  
226  
227  
228  
229  
230  
231  
232  
233  
234  
235  
236  
237  
238  
239  
240  
241  
242  
243  
244  
245  
246  
247  
248  
249  
250  
251  
252  
253  
254  
255  
256  
257  
258  
259  
260  
261  
262  
263  
264  
265  
266  
267  
268  
269  
270  
271  
272  
273  
274  
275  
276  
277  
278  
279  
280  
281  
282  
283  
284  
285  
286  
287  
288  
289  
290  
291  
292  
293  
294  
295  
296  
297  
298  
299  
300  
301  
302  
303  
304  
305  
306  
307  
308  
309  
310  
311  
312  
313  
314  
315  
316  
317  
318  
319  
320  
321  
322  
323  
324  
325  
326  
327  
328  
329  
330  
331  
332  
333  
334  
335  
336  
337  
338  
339  
340  
341  
342  
343  
344  
345  
346  
347  
348  
349  
350  
351  
352  
353  
354  
355  
356  
357  
358  
359  
360  
361  
362  
363  
364  
365  
366  
367  
368  
369  
370  
371  
372  
373  
374  
375  
376  
377  
378  
379  
380  
381  
382  
383  
384  
385  
386  
387  
388  
389  
390  
391  
392  
393  
394  
395  
396  
397  
398  
399  
400  
401  
402  
403  
404  
405  
406  
407  
408  
409  
410  
411  
412  
413  
414  
415  
416  
417  
418  
419  
420  
421  
422  
423  
424  
425  
426  
427  
428  
429  
430  
431  
432  
433  
434  
435  
436  
437  
438  
439  
440  
441  
442  
443  
444  
445  
446  
447  
448  
449  
450  
451  
452  
453  
454  
455  
456  
457  
458  
459  
460  
461  
462  
463  
464  
465  
466  
467  
468  
469  
470  
471  
472  
473  
474  
475  
476  
477  
478  
479  
480  
481  
482  
483  
484  
485  
486  
487  
488  
489  
490  
491  
492  
493  
494  
495  
496  
497  
498  
499  
500  
501  
502  
503  
504  
505  
506  
507  
508  
509  
510  
511  
512  
513  
514  
515  
516  
517  
518  
519  
520  
521  
522  
523  
524  
525  
526  
527  
528  
529  
530  
531  
532  
533  
534  
535  
536  
537  
538  
539  
540  
541  
542  
543  
544  
545  
546  
547  
548  
549  
550  
551  
552  
553  
554  
555  
556  
557  
558  
559  
560  
561  
562  
563  
564  
565  
566  
567  
568  
569  
570  
571  
572  
573  
574  
575  
576  
577  
578  
579  
580  
581  
582  
583  
584  
585  
586  
587  
588  
589  
589  
590  
591  
592  
593  
594  
595  
596  
597  
598  
599  
600  
601  
602  
603  
604  
605  
606  
607  
608  
609  
610  
611  
612  
613  
614  
615  
616  
617  
618  
619  
620  
621  
622  
623  
624  
625  
626  
627  
628  
629  
630  
631  
632  
633  
634  
635  
636  
637  
638  
639  
640  
641  
642  
643  
644  
645  
646  
647  
648  
649  
650  
651  
652  
653  
654  
655  
656  
657  
658  
659  
660  
661  
662  
663  
664  
665  
666  
667  
668  
669  
669  
670  
671  
672  
673  
674  
675  
676  
677  
678  
679  
679  
680  
681  
682  
683  
684  
685  
686  
687  
688  
689  
689  
690  
691  
692  
693  
694  
695  
696  
697  
698  
699  
700  
701  
702  
703  
704  
705  
706  
707  
708  
709  
709  
710  
711  
712  
713  
714  
715  
716  
717  
718  
719  
719  
720  
721  
722  
723  
724  
725  
726  
727  
728  
729  
729  
730  
731  
732  
733  
734  
735  
736  
737  
738  
739  
739  
740  
741  
742  
743  
744  
745  
746  
747  
748  
749  
749  
750  
751  
752  
753  
754  
755  
756  
757  
758  
759  
759  
760  
761  
762  
763  
764  
765  
766  
767  
768  
769  
769  
770  
771  
772  
773  
774  
775  
776  
777  
778  
779  
779  
780  
781  
782  
783  
784  
785  
786  
787  
788  
789  
789  
790  
791  
792  
793  
794  
795  
796  
797  
798  
799  
800  
801  
802  
803  
804  
805  
806  
807  
808  
809  
809  
810  
811  
812  
813  
814  
815  
816  
817  
818  
819  
819  
820  
821  
822  
823  
824  
825  
826  
827  
828  
829  
829  
830  
831  
832  
833  
834  
835  
836  
837  
838  
839  
839  
840  
841  
842  
843  
844  
845  
846  
847  
848  
849  
849  
850  
851  
852  
853  
854  
855  
856  
857  
858  
859  
859  
860  
861  
862  
863  
864  
865  
866  
867  
868  
869  
869  
870  
871  
872  
873  
874  
875  
876  
877  
878  
879  
879  
880  
881  
882  
883  
884  
885  
886  
887  
888  
889  
889  
890  
891  
892  
893  
894  
895  
896  
897  
898  
899  
900  
901  
902  
903  
904  
905  
906  
907  
908  
909  
909  
910  
911  
912  
913  
914  
915  
916  
917  
918  
919  
919  
920  
921  
922  
923  
924  
925  
926  
927  
928  
929  
929  
930  
931  
932  
933  
934  
935  
936  
937  
938  
939  
939  
940  
941  
942  
943  
944  
945  
946  
947  
948  
949  
949  
950  
951  
952  
953  
954  
955  
956  
957  
958  
959  
959  
960  
961  
962  
963  
964  
965  
966  
967  
968  
969  
969  
970  
971  
972  
973  
974  
975  
976  
977  
978  
979  
979  
980  
981  
982  
983  
984  
985  
986  
987  
988  
989  
989  
990  
991  
992  
993  
994  
995  
996  
997  
998  
999  
1000

## Cine Gaol.

Dá mhéid caint atá déanta i dtaobh na Gaedhilge, agus dá chómhachtaí iad Clanna Gaol thar sáile, is suarach le rá a bhfuil déanta go dtí so chun léinn na hÉireann do thabhairt os comhair an phobail i n-aon téar thar lear.

Deirtear go bhfuil suas le fiche milliún duine de shliocht Gaol i Merice, ach níl oiread agus aon páipéar nuachta amháin aca-san go léir i dteangain a sinnsear, cé gur beag dream ann ó aon téar eile ná fuil páipéar aca 'na dteangain féin.

Dá mb'iad na Gaeil ó Albain nó na Breathnáigh féin iad, tá páipéis fé leith aca chun a smaointe do nochtaidh as a dteangain dúchais. Agus na dreamanna eile ón Eúróip, agus ón Áise féin, nílid chómh beag beann ar a dteangain dúchais agus gan í sgrí agus í chur fé chló i leabhraibh agus i bpáipéaraibh. Ach na Gaeil ó Éirinn tugaid siad failí sa Ghaedhlíg.

Cad is bun leis an bhfaillí sin? Is mó rud is bun leis. Ar an gcéad dul síos, do bhí teanga na nGael fé chois 'na dtír féin nuair imigh na daoine thar sáile, agus iad súd go raibh an Ghaedhlíg aca agus iad ag imeacht, thugadar cún lá nuair a chuireadar fútha sa téar iasachta, téar an Bhéarla. Níor fhan ach fior-bheagán diobh diliú do theangain a sinnsear.

Ní hionann san agus a rá ná raibh meas aca ar a dtír féin agus cion aca uirthé. Do bhí. Easba tuisgeana fé ndeár an fhaillí sin. Ní beag de dheimhniú ar an

meas a bhí aca ar Éirinn, agus ar an gcion a bhí aca uirthé, an chabhair agus an congnamh a thugadar do gach dream ó Éirinn a chuaidh ag triall ortha ar lorg cabhrach uatha chun na saoirse do bhaint amach dá dtír dúchais.

Ach níor thuigeadar a tháchtaí a bhí an teanga i gcúrsaí na saoirse. Níor bh'ionann cás dóibh agus don duine a dubhaint le Caoimhín Ó Cionalaithe i mBleá Cliath, seachtain na Cásga míle naoi gcéad a sé déag, gurbh' i an Gaedhilg ba bhun leis an dtrioblóid go léir an tseachtain sin!

Dá dtuigidís a tháchtaí atá an teanga do chabhródís lé. Do chabhruíodar go maith lé nuair a hiarradh ortha é dhéanamh fiche bliain ó shin. Do b'olc an mhaise dhúinn-ne gan cuimhneamh ar an geongnamh a thugadar don "Chraoibhín Aoibhinn" nuair a chuaidh sé go Merice ar lorg cabhrach ar son na Gaedhilge. Thug na Gaeil i Merice an chabhair sin uatha an uair sin go fial agus go fáilteach.

Ní baol ná go dtabharfaidís arís é, dá n-iarrtí ortha é; ach tá rud is táchtaí ná airgead i gceistanois, agus is é rud é sin ná an Chine Gaol sa bhaile is i gceín do spreaga chun suim do chur sa léann agus sa chultúr ba dhual d'Éirinn, agus i stair a dtíre agus a sinnsear.

Tá ana-chuid daoine i Merice atá go gustalach, agus gur mhaith leo páirt a thógaint san iarracht san chun léinn na hÉireann do thabhairt os comhair an tsaoil sa tír sin. Ní fuláir nó tá daoine i dtíorthaibh eile, leis, agus go mór mór san Austrál, a thabharfadhlámh chonganta chun an léinn sin do chur chun cinn 'na measc féin. Táid ag feitheamh linn-ne chun tosach a chur leis an obair. An ndéanfaimíd é?

Ní mór cumann fé leith do chur ar bun 'na chóir, ar

nós an *American-Scandinavian Foundation* atá ann le tamall maith chun na Lochlannach san Eúróip agus a gcáirde gaoil i Merice do thabhairt le chéile ar son an tseana-chultúir.

Do chabhraigh daoine saibhre i Merice le sgoláirí ins na tiorthaibh san Eúróip chun na hoibre sin do chur ar siúl. Tá ag eirí go hióngantach leis an iarracht san. Téann daoine ós na tiorthaibh i dtuaiseart na hEúróipe go dtí Merice ar lorg eolais i dtaobh cúrsaí léinn agus tráchtála agus neithe eile, agus tagann daoine ó Mherice go dtí na tiortha san chun eolais fháil ar bhéaloideas agus ar shean-léann a sinnsear.

Táthar ag tabhairt fé chumann den tsórd san do chur ar bun i nÉirinnanois. Má eiríonn leis an iarracht so, cuirfar léann na hÉireann chun tosaigh ins na hOllsgoileanna i Merice, agus beidh tógáilt cinn ar sliocht Gaol ann—idir bhocht agus saibhir—dá bharr san agus de bharr baint bheith aca le tir ársa go raibh léann agus cultúr fé leith aici.

Is í an teanga eochair an léinn agus an tseanchais sin, agus ní féidir gníomh fóntha dhéanamh gan aire thabhairt di sin thar gach ní. Ach ní ceist teangan í amháin. Ceist chine is ea í, leis,—ceist Chine Gaol, pé áit fé luí na gréine 'n-a bhfuil a saol á chaitheamh aca.

## Teanga Fé Leith.

Dubhaint "An Craoibhín Aoibhinn" uair go raibh an tAthair Eoghan Ó Gramhna sé bliana fichead d'aois sara raibh a fhios aige go raibh teanga fé leith ag Éirinn. Nil éinneanois ann ná tuigeann go dian-mhaith go bhfuil teanga ag Éirinn seachas Béarla Shasana, agus cuid des na daoine a thuigeann é, ní ró-mhaith a thaithneann an t-eolas leo. B'fhearr leo go mór gan dua agus deacracht na teangan eile bheith ag cur isteach ortha. Dar leo, ba leor aon teanga amháin do chiníochaibh uile an domhain.

Do bhí Sasanach ó Lonndain ag caint liom-sa an mí seo ghaibh tharainn. Nuair a cuireadh i n-aithne a chéile sinn dubhaint sé liom go ndéarfadh sé rud ná taithnfeadh liom toisc me bheith ar thaobh na Gaedhilge do leathadh ar fuaid na hÉireann arís.

"Is mór an connstaice," ar seiseann, "don tsíocháin agus do thuisgint aigne na ndaoine malairt teangthacha bheith ag na náisiúin. Ba mhór an ní é gan ach aon teanga amháin bheith aca go léir, agus is é mo thuairim gur mar sin a bheidh agus gurab é Béarla Shasana a bheidh mar theangain aca."

Cheap sé ná haontóinn leis an dtuairim sin. Dubhart-sa leis gur aontúos leis an dtuairim gurab é Béarla Shasana a bheadh ag ciníochaibh go léir an domhain an tráth ná beadh aca ach aon teanga amháin, mar go raibh gráiméar na teangan san chómh símplí sin agus go raibh an oiread san cómhachta laistiar dí ná beadh

aon bhreith ag an bhFraincés ná ag an nGearmánais buachtaint air.

"Ach," arsa mise, "cathain a thiocfaidh an tráth san? Ní dóigh liom go bhfeicfar go deo an lá ná beidh ach an t-aon teanga á labhairt ag gach éinne ar fuaid an domhain."

"B'éidir go bhfuil an ceart agat," ar seisean. "Ach má tá, nách mór an trua é? Chun go dtuigfeadh na daoine ins gach tir na daoine ins na tíorthaibh eile isé rud atá uainn ná gach connstaice do leaga, agus is iad na teangthacha na connstaicí is mó dá bhfuil ann fé láthair. Mara mbeadh na teangthacha d'fhéadfaidís aigne a chéile do thuisgint."

"Ach," arsa mise, "cad mar gheall ar na daoine ná labhrann ach Béarla? An féidir do Bhéarlóirí aigne a chéile do thuisgint?"

"Ní thuigim an cheist sin," ar seisean.

"Mar seo atá," arsa mise. "Labhraím-se Béarla agus is minic a theipeann orm a dhéanamh amach cad a bhíonn i n-aigne daoine eile ná ful aca ach Béarla. Má bhíonn tú ag caint le daoine is íse ná thu féin, nó le daoine is uaisle ná thu féin, cad a dheinid siad? A smaointe do nochtadh dhuit, an ea? Ní hea. Is ana-dheacair aigne daoine eile do thuisgint, bíodh ná labhrann na daoine ach an t-aon teanga amháin. Ní minic a nochtann daoine óga agus seandaoine a n-aigne dá chéile. An féidir leat-sa aigne do chlainne féin do thuisgint?"

"Is fíor dhuit," ar seisean. "Níor chuimhníos riamh air sin. Chím anois go bhfuil taobh eile ar an sgéal."

Dubhart leis ansan gur fearr a labharfadhbh Éireannaigh Béarla dá mbeadh an Ghaedhilg ar eolas aca, mar

gur beag duine i nÉirinn a labhrann Béarla mar a labhrann na daoine i Sasana é go bhfuil tabhairt suas ortha.

"Ach ar aon chuma," arsa mise. "Tá teanga fé leith againn i nÉirinn, teanga a bhí ag ár sinnsear le cúpla míle bliain, agus nil aon chómhartha báis uirthearnois ach a mhalaireart."

## Cad Is Stair Ann?

Nuair a bhí an Bille chun Párliminte do chur ar bun i n-Éirinn os comhair na Párliminte thall i Lonndain sa bhliain mile naoi gcéad a dó dhéag do thug Winston Churchill cuaird ar Bhéal Feirste chun labhartha ar thaobh an Bhille ann. Do dhein sé tagairt do stair na hÉireann, agus dubhaint sé gurab' ionann baint le hÉirinn agus baint le stair an domhain.

B'fhíor do. Ó aimsir Phádraig Naomha i leith agus ós na haoiseanna ruimis sin, is beag tráth ná raibh baint ag daoine ó Éirinn le torthaibh eile. Nuair a tugtar fé stair a mhúine ní mór cuimhneamh air sin chun suim na macléinn 'na dtír féin do mhúsgait agus stair na tíre seo do cheangal de stair na dtíortha eile sin i dtreo gur fearr a tuigfi cad is stair ann.

Dubhaint Sasanach eile, George Wyndham, nách féidir stair a thuisgint i gceart gan i bhreithniú ar dhá chuma: Féachaint siar agus féachaint treasna uirthe.

Is é brí a bhí leis an abairt sin aige ná go gcaithfí na haoiseanna do chuaidh romhainn do bhreithniú agus na neithe do thuit amach le linn gach aoise ar fuaid na dtíortha go raibh baint aca le n-a chéile do bhreithniú, leis.

Dá ndeintí é sin go mbeadh solas ionlán agus tuisgint dá réir ag duine i dtaoibh an ní is stair ann. Dá mba ná déanfí ach aoiseanna áirithe do bhreithniú agus faillí do thabhairt i n-iarsmaí na neithe do thuit amach lasmuigh des na teoranta san, ná beadh tuisgint cheart ag duine.

Cé déarfadh ná raibh an ceart ag an Sasanach san, leis? Ach ní hag cuimhneamh ar leanbhaí sgoile a bhíodar san nuair a dheineadar tagairt don stair. Ag cuimhneamh ar dhaoine fásta a bhíodar.

Mar sin féin, nuair a bítear ag cuimhneamh ar stair a mhúine do leanbhaí sgoile ní ceart a n-aigne do chumhangú. 'Na ionad san, is amhlaidh is ceart a n-aigne do leathnú agus suim sa daonacht agus 'na muintir féin do spreaga san am gcéana.

Nil slí is fearr chun tabhairt féin obair sin ná stair a ndúthai féin do mhúine dhóibh ar dtús agus ansan an stair sin do chur le cois stair na cúige agus stair na tíre agus stair an domhain. Is ionmholta, mar sin, an obair atá beartuithe ag Róinn an Oideachais chun stair dúthai do mhúine dos na leanbháin.

Tá ceapaithe ag an Aireacht sreach leabhar do chur le chéile i gcóir na gconntaethe sa tSaorstát agus iad do chur ar diol ar leath-choróinn nó trí sgillinge an ceann. Caithfar ana-chuid bhailiúcháin do dhéanamh sara bhféadfar tabhairt fé leabhar aca san do sgrí. An t-eolas atá fé cheilt ins na lámhsgríbhinní, ní mór é sin do bhailiú. An t-eolas atá ag na seanchaithe sa Ghaeltacht, ní mór é sin do bhailiú, leis. Agus 'na theannta san arís, ní mór an t-eolas atá sgaipithe i leabhraibh staire agus i n-irisleabhraibh a bhaineann le stair do bhailiú. Agus nuair a bheadh an t-eolas san bailithe, níor mhór d'údar an leabhair an t-eolas go léir do sgrúdú agus do sgaga agus a aigne do liona dhe i dtreo go bhféadfad sé caint bhriomhar ghunta do sgrí nuair a bheadh an leabhar á cheapa aige.

Níor mhór do leis, an Ghaedhilg bheith go blasta binn aige ionas gur leabhar símplí so-léite taithneamhach a sgríobhfadh sé.

Mara mbeidh meitheal maith mór i mbun na hoibre sin beidh féasóga ar na leanbhaí sgoile atá ann anois sar a bhfeicfar an ceann deirinneach des na leabhraibh staire sin i gcló.

## Stair Dúthai.

Ó thosnaigh Aireacht an Oideachais ar an gclár nua do chur i bhfeidhm ins na bunsgoileanna táthar ad' iarraidh stair dúthai do chur á múine ins gach sgoil. Táthar ag brath ar gach múinteoir chun suim na leanbhaí i stair a ndúthai féin do mhúsgaitl i slí go mbeadh eolas aca ar saothar na n-údar agus na laoch a bhain leis an ndúthaigh agus ar na heachtrai móra a thuit amach sa dúthaigh ó thosach aimsire.

Do theastaigh ós na Coimisinéirí sa tsean-réim go ndéanfí an stair a mhúine ar an geuma san, agus is déine go mór a theastuíonn a leithéid sin de theagasc ón Aireachtanois. Ní féidir an clár nua do chur i bhfeidhm i gceart gan aire thabhairt don teagasc san. Tá ainmneacha áiteanna agus an Ghaedhilg féin fite isteach i stair na ndúthai, agus an múinteoir a mhúinfeadh stair na dúthai le cabhair ó léirsgáil na dúthai, d'fhéadfadh sé feidhm a bhaint as an dtéagasc san chun na Gaedhilge agus thír-eolais do mhúine.

Ba cheart léirsgáil na dúthai bheith ins gach sgoil, agus í bheith os comhair na leanbhaí nuair a bheadh an ceacht ar siúl. Do réir mar a chloisim, tá mapa nó léirsgáil an Ordnance Survey 'na lán sgoileanna, ach ní hannamh a bhíonn sé ar crochadh go hárd le fala na sgoile, nó curtha i leath taoibh i gcófra, agus gan aon úsáid á dhéanamh de ag an múinteoir. Ní haon chabhair an gléas bheith ann mara mbaintear feidhm as. Beifar ag brath air go mbainfar feidhm as feasta.

Is cuimhin liom féin mapa den tsórd san bheith sa sgoil 'n-a mbinn-se le linn mh' óige. Is beag trácht a bhí ar an nGaedhilg an uair sin ná ar údair na Gaedhilge. Is chun tír-eolais do mhúine a bhí an léirsgáil ann. Ach múinteoir ard-oilte neamh-choitianta a bhí againn, agus is mó rud seachas tír-eolas agus na gnáth-abhair léinn a mhúineadh sé dhúinn.

Is beag áit ar fuaid na dúthai ná raibh ar eolas aige de bharr rothuiochta, agus do labhradh sé linn i dtaobh áileacht na dúthai agus i dtaobh a staire. Do thaithneadh na ceachtanna san go mór leis na buachaillí go léir.

Nuair fhiachuioch sé de dhuine againn "An rabhais riamh ar bharra an chnuic sin?" nó "An rabhais riamh cois farraige san áit úd," nó "Ar thugais cuaird ar a leithéid seo de loch riamh?" agus nuair a chuireadh sé ceisteanna chughainn i dtaobh na n-áiteanna san, geallaim-se dhuit gur ghairid linn an leath-uair a chluig a chaithimís ag foghlum an tír-eolais uaidh. D'imiodh an aimsir ar cos i n' áirde. Do chuirimís an-shuim sa cheacht san.

Más mar sin a bhí an sgéal nuair ná raibh aon trácht ar an nGaedhilg, is mó go mór an tsuim a cuirfí 'na leithéid sin de cheacht anois, mar d'fhéadfadh an múinteoir míniú do thabhairt ar bhrí na n-ainmneacha a thagann isteach sa cheacht, agus sgéalta a bhaineann leis na hainmneacha san d'innisint. Dá leogadh an múinteoir air go mbeadh sé ar lorg eolais ós na leanbhaí i dtaobh staire na háite, do mhéadódh san suim na leanbhaí sa cheacht, mar do chuirfeadh sé iad féin ar lorg eolais ó n-a muintir. Is fíor é seo go mór mór i dtaobh na Gaeltachta.

Dá n-iarrti ar na leanbhaí ranna agus sgéalta agus giotaí eile do bhailiú ó n-a muintir do chuirfeadh san

gach éinne ag cabhrú leis an múinteoir.

Is eol dom múinteoir sa bhreac-Ghaeltacht a chuireann na leanbhai ag obair ar an gcuma san agus tá ag eirí go hiongantach leis an múinteoir sin. Sgríobhann na leanbhai síos na giotáí ar chuma éigin ó bhéal-aithris a muintire, agus ceartuionn an múinteoir an sgríbhinn dóibh sa sgoil. Is aindis an sgríbhinn a bhíonn ag na leanbhai nuair a thosnúid siad, ach ní fada go mbíodh siad cliste go maith chun na ngiotáí do sgrí go ceart.

An rud fhoghlumuíonn duine ar an gcuma san ní sgarann sé leis go bráth. Tá báloideas ins gach ceannatar sa Ghalltacht agus sa Ghaeltacht, agus ba cheart an báloideas san bheith ar eolas ag na leanbhai i dtreo go mbeadh ceangal sprideálta aca le n-a seacht sinnsear a chuaidh rómpa. Is fearr go mór an t-eolas a bheadh aca air dá mbeidís féin ag cabhrú le n-a bhailiú ná mar a bheadh aca dá mba à leabhar a gheoidís é.

Agus an léirsgáil. Is mór an chabhair i sin chun greim fháil ar an eolas. Tuigeann an saol gur fíor é sin i dtaobh mhúine geograifí tire nó geograifí an domhain, ach is fíor, leis, é i dtaobh mhúine staire.

Nách breá an ceacht is féidir a mhúine do leanbhai sgoile i mBleá Cliath ar bheatha Aodh Rua Uí Dhomhnaill ach a chuaird imeasc na sléibhte ar an dtaobh theas den chathair do dhéanamh amach ar an Léirsgáil, agus ansan an chuaird ó thuaidh go Cúigé Uladh?

D'fhéadfí ceacht staire eile do mhúine do leanbhai i gCorcaigh ach an bóthar ó thuaidh a ghaibh Ó Súilleabhall Béara do lorg ar an mapa. Ceacht ar stair an náisiúin a bheadh sa dá cheacht san. D'fhéadfí ceacht-anna staire leitríochta do mhúine ar an gcuma gcéadna: cur síos a dhéanamh ar fhile nó ar údar éigin agus an

dúthaigne 'n-ar chomhnaigh sé do lorg ar an léirsgáil. Is mór an taithneamh a gheódh na leanbhaí à ceachtanna den tsaghlas san.

## 1,500 Lámhsgribinn.

Nuair a bhí Pádraig Mac Piarsais i mbun Coiste na Leabhar i gConnradh na Gaedhilge fadó tháinig na leabhair Ghaedhilge amach go saor agus go tiugh. Ar na leabhraibh sin bhí na cnuasacha amhrán agus dánta a cuireadh i n-eagar ós na lámhsgribhinní.

Táid na leabhair ag teacht amach go saor agus go tiugh arís, ach ní hí an tsean-leitriocht atá ionta ach saothar nua agus aistriúcháin agus téacsleabhair ar abhair léinn ins na bun-sgoileanna agus ins na meán-sgoileanna.

Dá gcuirtí an dá shaghas i gcomparáid le n-a chéile b'eidir go ndéarfí gur fearr agus gur luachmaire na leabhair a tháinig amach triocha blian ó shin ná na leabhair atá ag teacht amach le tamall. Ach ní gá aon chomparáid den tsórd san a dhéanamh. Teastúonn na leabhair nua uainn, ach is é locht is mó atá ar an iarracht nua so ná go bhfuil faillí á thabhairt sa tsean-leitriocht. Nil ach fíor-bheagán de shaothar na bhfilí agus na sean-údar dá chur i n-eagar agus i gcló anois. Faillí gan fáth é sin gur deacair a thuisgint.

Tá mile go leith de lámhsgribhinní na Nua-Ghaedhilge in Acadamh Éireann i mBleá Cliath, gan trácht ar a bhfuil de lámhsgribhinní eile ann, idir Mheán-Ghaedhilg agus Sean-Ghaedhilg, agus nilid go léir cláraithe fós. Ón méid den chlár atá i gcló is léir go mbeimíd ar seachrán i dtaobh stair na hÉireann san seachtú aois déag agus san ochtú aois déag go dtí go

mbeidh leitriocht na lámhsgríbhinní againn. Ba dhóigh le duine go ndéanfí iarracht ar an leitriocht san do chur i gcló gan mhoill agus a tháctaí atá sí i gcúrsaí na teangan agus i gcúrsaí stair na tíre.

Do sgríbh Thomas Moore leabhar ar stair na hÉireann, agus nuair a bhí an obair criochnaithe aige do theasbeáin duine éigin lámhsgríbhinn Ghaedhilge dho.

“Ó! nách mór an t-amadán me,” ar seiseann, “agus tabhairt fé stair a sgrí agus gan an t-eolas agam chuige!”

Fear ciallmhar ab' ea an Mórach!

Beimíd dall ar chúrsaí staire an dá aois sin, an seachtú aois déag agus an t-ochtú aois déag, go dtí go ndéanfar an leitriocht atá i bhfolach ins na lámhsgríbhinní d'iniúcha agus do sgaga agus do chur i n-eagar agus i gcló. Dá mba ná léifi ach an chuid den chlár is déannaí a tháinig amach do tuigfí an méid sin go soiléir. Beidh suas le dhá mhile leathanach ar fad sa chlár nuair a bheidh na lámhsgríbhinní go léir cláraithe.

Is beag duine ach amháin an dream dilis atá i mbun na hoibre a thuigeann cad tá ins na lámhsgríbhinní eile, agus tá dian-ghá le daoine eile a thabharfadadh fé abhar na lámhsgríbhinní do chur i n-eagar agus i geló. Sin obair do mhacaibh léinn na hOllsgoile. Cathain a thabharfaid siad fé?

Ní hé amháin nách féidir stair na hÉireann do thuisgint i gceart, ach ní bheidh cruinn-eolas againn ar an dteangain féin go dtí go mbeidh an leitriocht san ar fáil againn. Tá cruinneas agus binneas cainte sa bhfilíocht nách féidir a shárú, agus tá stór focal sa bhfilíocht agus sa phrós a bheadh oiriúnach dúinn iniu. Do neartódh léamh na leitriolta san labhairt na teangan, mar bheadh an leitriocht mar thaca ag an dteangain labhartha, fé mar a bhíonn ins gach tír eile, agus fé mar a bhí i

nÉirinn féin go dtí gur cuireadh an Ghaedhilg fé chois.

An té a léifeadh an leitriocht san thuigfeadh sé gur beag an deifríocht atá idir caint na seandaoine iniu agus an prós agus an filíocht a ceapadh san seachtú aois déag agus san ochtú aois déag, agus bheadh meas dá réir sin aige ar theangain na ndaoine.

Na daoine a chuirfeadh an leitriocht san ar fáil dúinn níor mhór dóibh an Ghaedhilg bheith go maith aca. Níor mhór dóibh, leis, na nodanna d'fhoghlum, ach ní deacair iad san d'fhoghlum ach eolas maith bheith ag duine ar an nGaedhilg. Ní mí-chosúil le gearr-sgríbhinn cuid den sgríbhneoireacht atá ins na lámh-sgríbhinní, ach is minic a léiríonn brí an líne na nodanna a bhíonn sa leitriú. Féith na sgoláireachta an rud is riachtanaí i gcóir na hoibre sin. An té go mbeadh san aige ba ghearr an mhoill air na nodanna d'fhoghlum.

## Fás na Teangan.

Is deacair daoine a shásamh. D'airíos beirt ag caint an lá féi dheire i dtáobh aiste 'n-a raibh cur sios agam ar " Cad is droch-Ghaedhilg ann?" Dubhaint duine aca nár dheineas ach an cheist do chur agus leogaint do dhaoine eile freagra a thabhairt ar an gceist sin. Dubhaint an duine eile gur thógas orm féin dlí a cheapa agus leogaint do Choiste an Choiste Gnótha a bhreith ar na leabhraibh a thabhairt do réir na dlí sin.

Do bhí blúire den cheart ag gach duine den bheirt, ach ní raibh " an ceart go léir agus gan ach an ceart " ag éinne dhíobh.

Dubhart sa chéad aiste go raibh abairtí ag daoine sa Ghaeltacht agus nár mhór do dhuine Béarla bheith aige chun na n-abairtí sin do thuisgint, agus d'fhiabruíos " An droch-Ghaedhilg iad san?" Is fíor nár thugas-sa freagra ar an gceist sin.

B'éigean dom me féin do chosaint ar an mbeirt sin.

" Aon abairt atá ag lucht labhartha na Gaedhilge sa Ghaeltacht caithfar glaca leis, agus ba cheart duit é sin a rá," arsa Duine Aca.

" Agus dá n-abrainn é," arse mise, " do bheadh daoine eile annas orm."

" Bheinn-se annas ort gan aon amhras," arsan Tarna Duine. " Ní ghéillim i n-aon chor gur ceart glaca le gach abairt a thagann à béalaibh na ndaoine sa Ghaeltacht."

" Ach mara nglactar le caint na ndaoine sa Ghael-

tacht," arsan Chéad Duine, "cad eile atá ann chun glaca leis?"

"Ceist eile ar fad í sin," arsan Tarna Duine. "Seo abairtanois: 'An féidir le cos bheith briste le cic?' An ceart glaca leis an abairt sin dá n-abradh duine sa Ghaeltacht í?"

"Ní abródh."

"Deirtear abairtí is measa ná í."

"Fágfad-sa fúibh é," arsa mise. "Am thaobh-sa dhe, déarfainn go gcaithfar glaca le gach abairt atá préamhaithe go maith sa teangain, is cuma cad as go dtáinig an abairt, ach nách ceart glaca go bog le gach rud a tháinig isteach ón mBéarla le déannai, go mór mór má tá a chothrom d'abairt i nglan-Ghaedhilg againn cheana."

"Réitím leis an dtuairim sin," arsan Tarna Duine.

Má aontuigh, níor aontuigh sé leis an rud a bhí san aiste i dtaobh droch-Ghaedhilge na Galltachta.

"Dá ngéilltí don tuairim sin," ar seisean, "do fágfí sgrí na Gaedhilge fé mhuintir na Gaeltachta amháin!"

"Ní hé sin an brí a bhaineas-sa as an aiste," arsa Fear na Gaeltachta. "Is é brí a bhaineas-sa as ná go bhfuil leabhair á geur amach agus teanga nua ar fad ionta."

"Nách mar a chéile é sin agus a rá ná féadfadh éinne ach duine ón nGaeltacht leabhar Gaedhilge do sgrí?" arsan Duine Eile.

"Ní hea go deimhin," arsa mise. "D'fhéadfadh duine ón nGalltacht dea-Ghaedhilg do sgrí ach eolas maith do chur ar theangain na Gaeltachta agus claoi leis an dteangain sin agus leis an leitríocht a tháinig anuas chughainn tríd an dteangain sin."

"Ní bheadh ansan againn ach béaloideas," arsan Duine Eile.

"Tá seoda leiteardha sa bhéaloideas," arsa mise. "Ach dá mba ná beadh féin, is tríd an mbéaloideas agus tríd an leitríocht a gheofar an mianach chun smaointe do nochta sa Ghaedhilg. Ní mór do dhuine bheith saíte i gcaint na Gaeltachta agus sa leitríocht sara dtugadh sé fé leabhar Ghaedhilge do sgrí. Mara mbeidh beidh an Béarla ag brú isteach air i gcomhnuí!"

Do sgaramair le n-a chéile ansan, agus do thugas mo bhóthar orm abhaile. Do léas an uimhir nua de "Bhéaloideas" an oíche sin agus fuaras cruthú ann ar a raibh ráite agam. Do bhí aistí ar an irisleabhar san a cuireadh síos ó bhéalaibh daoine ins na trí cùigí 'n-a bhfuil an Ghaedhilg á labhairt i gcomhnuí. Do léas iad go léir agus do thugas fé ndeara arís, fé mar a thugas fé ndeara go minic cheana, gur beag deifríocht atá idir Gaedhilg na seandaoine ins na trí cùigí, agus go bhfuil deifríocht an domhain idir an nGaedhilg sin agus an Ghaedilg atá i geuid des na leabhraibh a tháinig amach le tamall anuas.

Léiríonn na haistí meon na ndaoine dhúinn, agus tugaid siad dúinn samplaí maithe ar an dteangain fé mar a labhrann na seandaoine i.

## Dúil sa Léann.

Albanach a thug cuaird ar Éirinn breis agus céad bliain ó shin agus do dhein taisteal ar fuaid na tire, dubhaint sé gurbh é a thuairim go raibh an Ghaedhilg á labhairt an uair sin ag dhá mhilliún duine. Ní hé amháin go raibh sí á labhairt ag muintir na tuatha, thoir, thiar, thuaidh agus theas, ach go raibh sí á labhairt ins na bailte móra sa Mhumhain agus i gConnachtaibh, leis. Na Gaill féin san Iarthar go raibh an Béalra mar ghnáth-theangain aca, dubhaint sé gur thuigeadar an Ghaedhilg agus go labhraidís í le n-a seirbhísigh agus le daoine eile.

Cé go raibh an Ghaedhilg ag dul ar gcúl i bhfad ruimis sin, is léir nár tháinig an meath marbhthach uirthé go dtí go dtáinig an gorta ar an dtuaith i lár na haoise seo ghaibh tharainn. Is cuimhin le lítheoirí "Mo Sgéal Féin" go ndubhaint an tAthair Peadar Ua Laoghaire gur tháinig brón agus uaigneas air nuair a fuair sé amach sa Choláiste i Maghnuat go raibh Éireannaigh ann ná raibh focal Ghaedhilge aca. Ní fuláir nó bhí an Ghaedhilg go hana-láidir sa Mhumhain roim aimsir an Ghorta agus 'na dhiadh, más mar sin a bhí an sgéal ag an Athair Peadar. Is mó deimhniú eile atá againn go raibh.

Dubhaint Easbog Chorcaí, an tAthair Seán Ó Murchadha, gur cheap sé go raibh sé de dhualgas air, nuair a toghadh mar easbog é, an Ghaedhilg d'fhoghluim,

biodh go raibh sé thar dachad bliain d'aois an uair sin.  
Fuair seisean bás bliain an Ghorta.

Sa bhliain mile ocht gcéad trí dheich a ceathair tháinig sagart óg ó dhóiseas Ros ó gCairebre abhaile ón bhFrainc agus ní leogfadh an tEasbog do dul i mbun obair an mhisíúin toisc gan an Ghaedhilg bheith aige. An bhliain 'na dhiaidh san do leogadh do tosnú. Bhí an sagart óg san in' Easbog ar an ndóiseas san 'na dhiaidh san.

Sin mar a bhí an sgéal i gConntae Chorcaí, agus ba Ghaolai ná san Conntae Chiarraí agus Conntae an Chláir agus na conntaethe i gCúige Chonnacht agus i n-iarthar Uladh. Bhí Portláirge ana-Ghaolach, leis.

Ach tháinig an meath dáiríribh tar éis an Ghorta, agus do chuaidh an Ghaedhilg ar geul go mear as san amach.

Sar a dtáinig an meath san do bhí dúil sa léann ag uasal agus ag íseal. Daoine ná féadfadh an Ghaedhilg do léamh do chuiridís suim sa bhfilíocht agus ins na sgéalta agus sa tseanchus, i dtreo go dtáinig anuas chughainn trí bhéalaithris na ndaoine ana-chuid leitriochta gur fiú é chur i geló agus a chraobhsgaoileadh. Ni *Folklore* ceart i n-aon chor a lán de sin ach fiorleitriocht.

Daoine ab'ea iad san ná féadfaidís an Ghaedhilg a léamh. Ach na daoine go raibh an léann aca bhíodar san ag saothrú na teangan. Bhídís á sior-léamh agus á sgrí. Ni beag de dheimhniú air sin a bhfuil de leitriocht fágtha 'na ndiaidh aca ins na lámhsgríbhinní.

Ní raibh na leabharlainn phuiblí ann an uair sin ná aon trácht ar iad a bheith ann, ach bhí leabharlainn phriobháideacha ann ag easbuig agus ag sagairt agus ag daoinibh eile, agus bhíodh na leabhair agus na lámh-

sgríbhinní á geur ó dhuine go duine eile ar iasacht. Is deallrathach ós na lámhsgríbhinní gurbh' shean-nós é sin a bhíodh ag ár sinnsear agus gur leanadh de gan brise suas go dtí aimsir an Ghorta. Is mó dréacht atá ann a bhaineann leis an nós san.

Sa bhliain míle sé céad naoi ndeich a seacht do chum Liam Mac Caireáin an Dúna dán ag gabháil baochais leis an Athair Eoin Mac Sleimhne i dtaoibh leabhair a thug an tEasbog san ar iasacht do. "Do bhí an tEasbog so i ngéibhinn na nGall an tan san," adeir an file. Seo bhéarsa den dán:—

"Is masla dod' námhaid tu ad' cháiible, a fhir an liathruisc,  
Ceangailte tláth mar táir-se aca ad'chiapadh,  
Ag seasamh go láidir dána ar son do Thiarna,  
Gan anfadh bás gan tábhacht i bhfulang pianta."

Céad bliain 'na dhiaidh san do chuir Éamonn Ó Cadhla dán beag ag triall ar Mhícheál Mac Chathail Uí Chonchubhair go Gleann an Ridire ag iarraidh iasacht leabhair air. Dubhaint sé ann:—

"Nuachar séimh séanmhar gan easba maoine,  
Bhreith bua ar sgéimh Dhéirdre, ar leahaidh taoibh  
leat,  
Uaisleacht saerfhéile is cneastacht innte,  
Is gan bhuairet gan aon bhaol, go mairir í sin."

File ab'ea Mícheál Ó Conchubhair féin, agus do sgríbh seisean dhá rann ag iarraidh iasacht "Dhochtúir Céitinn" ar dhuine áirithe timpal an ama chéana.

Is iongantach a bhfuil de dhréachta ó láimh Mhichil Óig Uí Longáin ag gabháil baochais le daoine a thug

leabhair ar iasacht do, nó ag lorg leabhar a thug sé féin ar iasacht uaidh d'fháil thar n-aís. Do chuir sé dán ag triall ar Sheán Ó Chaoimh go Teampall Mhichíl sa bhliain 1807 fé bhás Mhichíl Uí Chaoimh, an file, i mBéal Áth' Ubhalla, agus ag iarraidh iasacht "Lóchrann na gCreidmheach" air.

Do sgríbh sé ceann eile "dá iaruigh ar Ribeárd Breathnach cúpla seanleabhar do bhí ar iasacht aige uaidh d'fhágháil aige chun go n-aithsgríbfad sé go huile iad." Sa bhliain 1819 do sgríbh sé dhá bhéarsa "dá iaruigh air an Athair Seán Ó Murchadha, Easbog Chorcaí, 'Sgáthán an Chrábha' a fuair sé ar iasacht uaidh roimhe sin d'fhágáil aige chun go sgríbfad a mhac amach é."

Seo bhéarsa à dán a sgríbh sé "dá iaruigh air Sheáu Ó Mhuláin 'Aodha Mac Aingil' a thug sé féin ar iasacht do roime sin do chur abhaile chuige":—

"A shéimhfhir chneasta tá carthanach céillmhar cóir,  
Is léanta teagasc a starthaibh a gcéill sa gcomhad,  
Más méinn leat caradas cheangal le haon dom shórd,  
Cuir 'Aodha Mac Aingil' abhaile go héasga am'  
threo!"

Ní beag an méid sin de dheimhniú ar dhúil ár sinn-sear sa léann.

## Feabhas na bhFeiseanna.

Is iongantach an fás atá ar na feiseanna ó cuireadh an chéad cheann ar bun breis agus trí bliana dhéag ar fhichid ó shin. Do bhí ana-chuid dióbh ann i mbliana, agus iad go léir ar fheabhas. Ní hionann san agus a rá, ámhthach, nách féidir slacht a chur ar a riadaradh. Is féidir.

Dá bhféadfí clár a leagadh amach go mbeadh comórtais áirithe air d'oirfeadh dos na feiseanna go léir, d'fhéadfí leabhar moltóireachta do dhéanamh ansan agus cóip de bheith ag gach aon mholtóir ag gach feis, fé mar a bhíonn ag na moltóirí ar gach aonach eallach ar fuaid na tire. Is mór an slacht a chuirfeadh an méid sin féin ar riadaradh na bhfeiseanna.

D'fhéadfí comórtais tua do cheapadh, leis. Na comórtais drámuíochta a bhíonn ann le cúpla bliain, ba cheart cuidiú leo, mar is ar éigin atá aon ní is mó a chabhródh le labhairt na teangan ná iad. Ba cheart cabhrú leis an amhránuíocht i gcóir córacha ceoil chomh maith, agus amhrán bheith ar an gclár go bhféadfadh an pobal iad do chana nuair a bheadh an aeríocht nó an chuirm cheoil ar siúl.

Ach lasmuigh de chomórtaisibh na teangan ar fad, d'fhéadfí comórtais eile do chur ar bun. Bionn golf á imirt ag á lán Gaelgeoirí, agus ba chóir go bhféadfí comórtais golf do chur ar bun gan aon dua i n-aon áit go mbeadh machaire imeartha ann chuige. Más cluiche Gaolach é, agus deirtear gurab' ea, do chuirfeadh comór-

tas golf a lán daoine ag cabhrú leis na feiseanna. B' éidir gur mó an tairbhe a thiocfadh à comórtas den tsórd san ná mar a thagann as na comórtaisibh rinnce. Is fiú machnamh a dhéanamh ar an sgéal ar aon chuma.

Is maith is cuimhin liom féin an chéad fheis dá raibh riamh ag Connradh na Gaedhilge. I Maghchromtha a cuireadh an fheis sin ar bun, agus seo mar a thárla:—

Do bhí Tomás Ó Conceannain i Merice sa bhliain míle ocht gcéad naoi ndeich a hocht, agus do chuir sé leitir ag triall ar an bpáipéar úd an "tSean-Bhean Bhocht" go raibh Eilís Ní Mhaolagáin 'na bhun. Do thraig Tomás duais don té ab'fhearr a déarfadh an Caoine ar Sheán Ó Mhatghamhna a cheap Pádraig Ó Broin, an file. Do bhí Pádraig 'na chomhnuí i New York an uair sin. Do cuireadh an Caoine i geló ar uimhir na Nodlag den "tSean-Bhean Bhocht," 1897, agus is dócha gurab' é sin a chuir i gceann Thomáis an duais do thairsgint.

Do bhí an Connradh ana-láidir i gConntae Chorcaí an uair sin, agus do fágadh fés na craobhacha ann an comórtas do chur ar bun i gcóir duaise Thomáis. Do hiarradh ar Chraobh Maghchromtha cúram an chomórtais do thógaint ortha féin. Do ghlac an Chraobh leis an dtairsgint agus do thairgeadar féin duaiseanna eile i gcóir amhránuíochta, agus do thraig an Dochtúir Ó Cruaidhlaoich ó Áth an Chóiste duais eile i gcóir rinnce. B'shin clár na feise.

Ar an bhfichiú lá de mhí Mártá a bhí an Fheis ar siúl. Do bhí daoine ann ó Bhleá Cliath agus ó n-a lán áiteanna eile, agus is maith liom a rá go bhfuil a lán aca 'na mbeathaigh i gcomhnuí agus iad chomh dúthrachtach ar son na Gaedhilge agus a bhíodar riamh.

Deichniúr a bhí istigh ar an nduais i gcóir an

Chaoine do rá, agus do dhein na moltóirí an chéad duais do roinnt idir Seoirse Seártan ó Chraobh Chorcaí agus Seán Ó Laoghaire ó Chraobh Maghchromtha. Tá Seoirse 'na chomhnuí i Liverpoolanois. Is é a chum an dán úd "An Capaillín Bán." Mac droithár athar don Athair Peadar Ó Laoghaire ab'ea Seán Ó Laoghaire.

Do bhí ana-chuid iomathóirí istigh ar na comórtaisibh eile, leis, agus bhí ná sluaite ag féachant ortha agus ag éisteacht leo. Ach do sháraigh an chuirme cheoil a bhí ann san oíche aon ni den tsord san dá raibh riamh i Maghchromtha. I Sgoil na mBan Rialta a bhí an Chuirm Cheoil ar siúl, agus do bhí a leithéid sin de shlua ann go mb'éigean dos na daoine a bhí ann ó Chorcaigh agus ó Bhleá Cliath dul amach tríd an árdán ar a haon dhéag a chlog sar a raibh deire leis an gCuirm Cheoil, agus an uair sin féin do bhí slua lasmuigh nár eirigh leo slí fháil sa sgoil! Cúis áthais agus mhaoite do gach éinne cúrsai na hoíche sin.

Ní hióngna gur dhein "Fáinne an Lae" macoidheamh as an bhFeis an tseachtain 'na dhiaidh san. Ní hé amháin go raibh cúnntas speisialta ar an bpáipéar ag tagairt don Fheis, ach do bhí nótáí ón Eagarthóir á moladh. Dubhaint an tEagarthóir gur cheart don Chonradh feis mar sin do bheith aca i Maghchromtha gach bliain feasta, agus iarracht a dhéanamh ar fheiseanna do chur ar bun i n-áiteanna eile sa Ghaeltacht, leis. Do deineadh san, agus is léir do chách anois ná fuil slí is fearr chun na Gaedhilge do chur chun cinn ná feiseanna maithe de bhunú ar fuaid na tíre.

## Na Sráidbhailte.

An bhfuil aon tsráidbhaile i nÉirinn 'n-a labhartar an Ghaedhilg mar ghnáth-theangain? Ní heol dom féin aon bhaile mór 'n-a ndeintear gach gnó tríd an nGaedhilg, ach tá sráidbhailte ag fás i lár na Gaeltachtaanois 'n-a bhfuil an Ghaedhilg ag an bpobal go léir agus 'n-a bhfuil sí i n-uachtar fé láthair, cé go bhfuil dian-troid ar siál ionta idir an dteangain dúchais agus an teangainiasachta.

Má bhuan an teanga dúchais ar an dteangain eile ins na sráidbhailte sin, beidh fás nua i ndán don Ghaedhilg.

Céad bliain ó shin agus i bhfad 'na dhiaidh san bhí an Ghaedhilg á labhairt mar ghnáth-theangain i mbailte móra i gConnachtaibh agus i gCúige Mumhan agus i gCúige Uladh, ach tháinig an meathlú uirthe tar éis an Ghorta agus do bhí sí ag dul ar gcúl as san amach go dtí sa deire ná raibh aon bhaile mór ann ná aon bhaile beag 'n-a ndeintí an gnó go léir tríd an nGaedhilg.

Tá bailte móra agus bailte beaga annanois 'n-a bhfuil an Ghaedhilg ag cuid mhaith des na daoine, ach Béarla an teanga a labhartar ionta de ghnáth. Bailte iad san atá i lár na Gaeltachta nó ar imeall na Gaeltachta, agus dá bhféadfí iad do Ghaolú níor bhaol don Ghaeltacht ná don Ghaedhilg. Go dtí go ndéanfar iad do Ghaolú ní féidir a rá go bhfuil an Ghaedhilg féin ó bhaol dá mhéid saothar a déanfar chun i chosaint agus chun i chur ar a bonaibh.

Mara ndéanfar iad do Ghaolú beid siad ag sgaipeadh an ghalldachais ar fuaid na Gaeltachta, fé mar atáid sé láthair, ach má Ghaoluíotar iad, beid siad 'na ndúnta chosanta ag an nGaeltacht agus ag an dteangain. Is é mo thuairim féin ná heireoidh linn an Ghaeltacht do shábháil mara bhféadaimíd na bailte móra agus na bailte beaga atá i lár na Gaeltachta agus ar imeall na Gaeltachta do Ghaolú.

Tá bailte den tsórd san ins gach conntae de chonntaethíbh na Gaeltachta. Ceann aca baile mór Maghchromtha. Tá an Ghaedhilg á labhairt lastuaidh agus laistiar den bhaile sin, agus tá an Ghaedhilg ag mórán daoine atá 'na geomhnuí istigh ann. Na Gaedhilgeoirí atá 'na geomhnuí istigh i Maghchromtha agus na Gaedhilgeoirí atá lasmuigh dhe, dá mbeidís ag cabhrú le n-a chéile agus ag obair à lámhaibh a chéile, ba cheart go bhfeadfaí baile mór Gaolach do dhéanamh de gan mórán moille.

Tá caoi acaanois ná raibh aca cheana. Tá muintir na Gaeltachta féin ag claoi le chéile chun slí bheatha do bhaint amach dóibh féin sa cheannfar leathan atá ar an dtaobh thiar thuaidh den bhaile sin, agus tá geallta ag an Rialtas cabhair a thabhairt dóibh san iarracht san.

Na daoine féin bheith ag cabhrú leis an iarracht so, sin é an rud is tábhactaí ar fad. Ní fhéadfadh aon Rialtas feabhas a chur ar staid na ndaoine mara mbeadh na daoine féin ag cabhrú leo. Ach toisc na daoine féin bheith chomh dúthrachtach san chun slacht do chur ar a ndála féin, níl aon amhras ná go n-eireoidh leo agus go mbeidh slí bheatha le fáil ag daoine óga sa cheanntar mór san agus go mbeidh a dteanga féin á labhairt aca. Ní bheidh orthaimeacht thar sáile go tíortha an Bhéarla, fé mar a bhíodh, ach a saol do chaitheamh 'na ndúthaigh Ghaolaigh féin.

Tá a lán bailte againn atá ar aon dul leis an mbaile  
mór san, agus gach ní atá ráite agam i dtaobh Magh-  
chromtha is fior é i dtaobh na mbailte eile. An ndéanfar  
iarracht ar iad go léir do Ghaolú ?

Wrote up my notes from the eggs collected at 10  
A.M. This is a good place for the first stage experiments  
and I have been able to get a number of specimens of all three forms  
of the species. I will now write up the notes and add them to the

rest of the notes. I will also add the notes from the first stage experiments

and the notes from the second stage experiments. I will also add the notes from the third stage experiments.

I will also add the notes from the fourth stage experiments. I will also add the notes from the fifth stage experiments.

I will also add the notes from the sixth stage experiments. I will also add the notes from the seventh stage experiments.

I will also add the notes from the eighth stage experiments. I will also add the notes from the ninth stage experiments.

I will also add the notes from the tenth stage experiments. I will also add the notes from the eleventh stage experiments.

I will also add the notes from the twelfth stage experiments. I will also add the notes from the thirteenth stage experiments.

I will also add the notes from the fourteenth stage experiments. I will also add the notes from the fifteenth stage experiments.

I will also add the notes from the sixteenth stage experiments. I will also add the notes from the seventeenth stage experiments.

I will also add the notes from the eighteenth stage experiments. I will also add the notes from the nineteenth stage experiments.

I will also add the notes from the twentieth stage experiments. I will also add the notes from the twenty-first stage experiments.

## AIRGEAD AGUS SAOTHAR.

MICHAEL NGU'S SOUTHWEST

## Fir Diomhaoin agus a Leanbhai ag Obair.

San óráid a thug an tOllamh, Alfred Ó Rathaille, uaidh ag Cómhdháil na Múinteoirí Meán-sgoileanna dubhaint sé ná raibh sé do réir na fior-Chríostuíochta leanbhai óga bheith ag obair ar roinnt sgillingí i n-aghaidh na seachtaine agus san am gcéadna a n-aithreacha bheith diomhaoin toisc gan obair bheith le fáil aca. Is beag duine ná hadmhódh go raibh an ceart aige, ach ní hionann admháil agus leigheas d'fháil ar an sgéal.

Ó tháinig ré na n-inneal is ag dul i n-olcas atá an sgéal. An obair a bhíodh á dhéanamh ag fearaibh blianta ó shin mná agus cailíní a bhíonn á dhéanamhanois. I n-oifigí i nÉirinn féin, oifigí banc agus oifigí eile, deineann cailín agus maisín aici obair a dheineadh beirt fhear cúpla bliain ó shin, agus do réir mar atá na déantúsaí nua ag dul ar aghaidh tá na maisíní nua ag teacht isteach agus cailíní á n-oibriú. Nós na haimsire seo é sin, agus ní haon chabhair cur 'na choinnibh. Níor eirigh le haon tír eile cosc do chur leis an bhfás san, agus do réir mar a théann déantúsaí áirithe chun cinn is ea is measa a bhíonn an sgéal. Is geall le pionós ar an gcine daona é.

Ach ní hí Éire an téar is measa sa chás san. A bhaochas san don fheirmeoireacht, priomh-dhéantús na hÉireann i gcomhnuí. An fhaid a bheidh an fheirmeoireacht agus na hoibreacha a bhaineann lé,—an fhaid a bheid siad san 'na bpriomh-dhéantús againn ní baol dúinn.

Ní hionann Éire agus an Rúis, thír 'n-a mbíonn na mná ag déanamh gach aon tsaghas ceárdúiochta ar aon dul leis na fearaibh, dá mb' é tógaínt tithe féin é! Cabhruíonn na mná agus na cailíní leis na fearaibh i n-oibreacha áirithe ar na feirmeacha i nÉirinn, ach níor thosnuíodar fós ar bheith ag déanamh bóthar ná ag tógaínt tithe.

Agus an t-airgead atá curtha i leith oibreacha poiblí do sholáthar i rith na bliana so, is ar oibreacha den tsórd san is mó a caithfar é, oibreacha ná deineann mná ná cailíní ná leanbhai sa thír seo. Is saoráidí go mór a cuirfí an thír seo ar a leas ná aon thír eile ar domhan, b'eidir, go bhfuil staid na leanbhai ag déanamh buartha do dhaoine ann fé láthair.

Tá an sgéal chomh dona san i dtíorthaibh eile go bhfuiltear ad' iarraídh cosc dlí do chur le leanbhai óga bheith ag obair. Trí bliana ó shin nuair a deineadh an mór-áireamh ins na Stáit Aontuithe, do bhí dhá mhiliún leanbhai óga ag obair sa thír sin. Tá an uimhir ag dul i luighead ón mbliain sin, ach ins na cathrachaibh móra ann tá ana-chuid leanbhai agus cailíní óga go mbíonn ortha a mbeatha do thuilléamh go cruaidh.

Do deineadh dlí ann deich mbliana ó shin i n-aghaidh leanbhai fé bhun a sé déag bheith ag obair, ach bhí an dlí sin i n-aghaidh an bhunreachta agus níor eirigh leis na rialathóirí é chur i bhfeidhm an uair sin. Do ceapadh ansan leasú do dhéanamh ar an mbunreacht i slí go mbeadh neart ag an gComhdháil treorú nó cosc do chur le hobair do leanbhai fé bhun a hocht déag, nó an obair sin do riara agus do rialú. Do ghlac chuíg cinn des na Stáit leis an leasú gan mhoill agus tá cheithre cinn eile tar éis glaca leis le déannaí, ach is mall an obair i bunreacht na Stát nAontuithe do leasú.

An droch staid 'n-a bhfuil an lucht oibre ins na Stáit Aontuithe le tamall, tá sé ag brostú na ndaoine chun an dlí nua do chur i bhfeidhm. Táthar ad' iarraighe an leasuithe do chur ar aghaidh ins na Stáit eile nár ghlac leis go dlí so. Na daoine is fearr agus is eolgaisí i Merice tuigid siadanois gurab' olc an cás é fir mhóra láidre bheith sgortha diomhaoin agus a leanbhai bochta bheith ag obair chun bliúire bídh do sholáthar don líntí.

Dá mhéid é léirsgrios an ceal-oibre tiocfaidh tairbhe as má mhúsgluíonn sé na daoine chun na leanbhaí do chosaint agus leogaint dá n-aithreacha an soláthru do dhéanamh.

## Aonach an Earraigh.

Einne a thug cuaird ar Aonach an Earraigh an tseachtain seo ní fhéadfadh sé gan tabhairt fé ndeara an t-athrú mór atá ag teacht ar shaol na tire seo. Aonach eallach ab'ea an tAonach san ó thosach agus is iad na ba agus na bullóga agus na caoire agus na muca na neithe is tábhachtaí dá mbíonn ann i geomhnuí, ach le tamall maith anuas tá neithe seachas na beithigh ag tarrac na ndaoine chun an Aonaigh: cearca agus lacha agus coiligh fhranncaigh agus ím is uibhe, agus maisíní is earraí, agus léimt na gcapall i bpáirc na gcomórtas, agus an teasbeántas de ghlásairí a bhíonn ag Roinn na Talmhuíochta.

Roinnt bhlianta ó shin is beag maisín ná earraí a deineadh i nÉirinn féin a bhíodh ar an Aonach. Ní mar sin atá an sgéalanois. Tá na déantúsaí sin ag dul ar aghaidh i n-aghaidh an lae, agus is geall le teasbeántas d'earraí a deineadh i nÉirinn an tAonach i mbliana.

Na feirmeoirí a thagann go dtí an tAonach curid siad ana-shuim ins na maisíní i geomhnuí, agus go mór ins na gléasanna nua i gcoír na hoibre ar an bhfeirm agus ins na maisíní a bhíonn ag obair i bpáirc an Aonaigh. Ní raibh an oiread diobh san ann i mbliana agus a bhíodh blianta eile, ach 'na choinnibh sin do bhí níos mó inneal a deineadh i nÉirinn ann ná mar a bhí riamh. An chán ar innealaibh ó Shasana fé ndeár san, is dócha. Mar sin féin do bhí roinnt mhaith maisíní ag

obair ann agus na sluaite—idir dhaoine ón geathair agus dhaoine ón dtuaith—á mbreithniú.

Is i roinn na n-earrai a bhí an t-athrú is mó ar fad. Ba bheag ná gur earrai a deineadh i nÉirinn amháin a bhí ann i mbliana, agus ní raibh aon teora leis an suim a chuir an lucht cuairde ionta. Ag na comórtaisibh i gcóir éadach do mhnáibh agus do chailíní bhí na sluaite láithreach agus d'admhuigh gach éinne go raibh na héadaighe ar fheabhas, idir mhianach agus déanamh.

Sar ar tosnúodh ar an geomórtas san bhímís ag brath ar thiorthaibh iasachta i gcóir na n-éadach do dhaoine gur mhaith leo bheith gléasta go maisiúil greannta. Ní gá dul thar sáileanois chun a leithéidi d'fháil. Comhartha eile é sin ar an athrú atá ag teacht ar an dtír.

## Talamh i n-Aisge.

Ceoca is dóigh leat is fearr, a Dhiarmuid, talamh i n-aisce bheith ag na feirmeoirí nó cabhair a thabhairt dóibh chun an tailimh do shaothrú ?

I dteannta a chéile is ea is fearr iad, a Mhichil!

Is ea go deimhin. Ach cuir i gcás ná féadfí iad araon a thabhairt dóibh, ceoca is dóigh leat is fearr oirfeadh dóibh?

Ní thuigim an cheist. Ní mholann éinne go mbeadh ceachtar aca ag na feirmeoirí.

Fan go fóillanois, a Dhiarmuid. Ná fultear á iarraidh ar an Rialtas gan aon chán áitiúil bheith á dhíol á talamh chun feirmeoireachta?

Táthar, agus tá an dlí sin i bhfeidhm cheana féin i dtuaisceart na hÉireann.

Biodh go bhfuil, níl na feirmeoirí sásta leis an saol atá aca ansan, agus dá mbeadh an talamh saor ó chán áitiúil sa deisceart, níl aon deimhniú againn go mbeadh feirmeoirí an tSaorstát sásta.

Canathaobh go mbeidis? Ná beadh an t-airgead bliantúil le díol aca i geomhnuí?

Sin é díreach é. Do chonnaic na feirmeoirí sa deisceart go raibh an talamh saor ó chán áitiúil sa tuaisceart agus do theastaigh uatha bheith ar aon dul leis na feirmeoirí lastuaidh. Do chonnaic na feirmeoirí lastuaidh go mbeadh luighdú ar an airgead bhliantúil ag na feirmeoirí sa tSaorstát, agus teastuionn uatha sananois bheith ar aon dul leis na feirmeoirí laisteas !

Ní nách locht ortha. Tá an sgéal go dian ar na feirmeoirí ins gach áit, agus ní hióngna iad bheith ad'iarraidh an chostais do luighdú. Ni talamh i n-aisce a bheadh aca dá mbeadh an talamh saor ó cháin áitiúil agus dá ndeintí dhá leath den airgead bhliantúil.

Maran talamh i n-aisce é, ní fada uaidh é, agus sin í díreach an cheist. Ceoca is fearr: an talamh bheith i n-aisce aca nó cabhair bheith ar fáil aca chun breis airgid do dhéanamh à saothrú an tailimh?

Tuigimanois tu. Dá bhfaghdí cabhair a chuirfeadh ar a gcumas breis airgid a dhéanamh à saothrú an tailimh, ní déarfainn ná gur bhfearra dhóibh é sin ná an talamh bheith saor ar fad ó chíos aca. Ach conas is féidir an chabhair sin a thabhairt dóibh?

Ar léis Tuarasgabháil an Choimisiúin a toghadh cúpla bliain ó shin chun féachaint isteach sa sgéal úd i dtaobh na cánach áitiúla?

Níor léas.

Dob' fhiú dhuit é léamh. Do sgrúduigh lucht an Choimisiúin sin an sgéal go géar agus go beacht ó gach taobh, agus sa mholadh a thugadar uatha tá trí pointí dhéag a léiríonn dúinn conas is féidir cabhrú leis na feirmeoirí chun airgid do dhéanamh à saothrú an tailimh. Ba bheag an faoiseamh dos na feirmeoirí beaga bheith saor ó cháin áitiúil, agus feirmeoirí beaga is mó atá againn sa tír seo.

Ar chuireadar síos ar an sgéal ón dtaobh san?

Do chuireadar. Do réir an áirimh a deineadh sa bliaín mile naoi gcéad fiche a sé do bhí an méid seo daoine ag maireachtaint à saothrú an tailimh sa tSaorstát:

268,930 feirmeoirí, agus 264,095 daoine muinteartha na bhfeirmeoirí, agus 126,409 lucht oibre; agus ar na

daoine sin go léir do bhí 201,570 feirmeoirí, agus 189,129 daoine muinteartha na bhfeirmeoirí, agus 34,584 lucht oibre a bhain le feirmeacha ná raibh thar caogad acra an ceann. Ar na feirmeacha a bhí os cionn céad acra an ceann ní raibh ag maireachtaint ach 24,808 feirmeoirí agus 27,106 daoine muinteartha agus 61,331 lucht oibre.

Dá réir sin is iad na feirmeoirí móra is fearr a thiocfadh as an dtalamh bheith saor ó cháin áitiúil?

Is iad, agus is iad is fearr a thiocfadh a luighdú an airgid bhliantúil, leis. Dá mbeadh airgead le caitheamh ag an Stát chun cabhruithe leis na feirmeoirí do mholt an Coimisiún an t-airgead san do chaitheamh ar feabhasú na feirmoireachta agus ar oibreacha a bhaineann le toradh na talmhuiochta do chur ar an marga.

Níorbh' ole an mola i n-aon chor é, ach b'fhearr liom gan freagra do thabhairt ar do cheist go dtí go léifad féin Tuarasgabháil an Choimisiúin.

Léigh é, má sea, agus nuair a bheidh sé léite agat féadfair do thuairim do thabhairt ar an gceist. Beidh uain do dhóthain agat chuige, mar ní bheidh deire le plé na ceiste sin ag an bpobal go ceann tamaill mhaith.

## Comhar-Chumannacht.

"Nuair is dian ar an gcailligh caitheann sí rith," adeir an sean-fhocal. Tá sé dian go leor ar na feirmeoírí ar fuaid an domhain le tamall, agus mara bhfuilid ag rith táid siad ag obair go dian chun iad féin do chothú agus chun feabhas do chur ar a slí bheatha. Do raghaídís chun deiridh mara ndeinidís iad féin do chosaint ar an gcuma san.

Íslíú luach na mbeithíoch agus na neithe eile a bhíonn le díol ag na feirmeoírí is é is bun le cruachás na bhfeirmeoírí; agus ganntanas airgid do bheith ar lucht ceannaithe na neithe is bun leis an íslíú san. An fhaid a leanfaidh an ganntanas san ní bheidh leigheas le fáil ag na feirmeoírí.

Dá olcas é an sgéal ag feirmeoírí na hÉireann, is measa go mór ag na feirmeoírí i dtíorthaibh eile é, agus táid siad ag claoi le chéile i gcomhar-chumannaibh chun iad féin do chosaint agus chun costaisí do luighdú agus luacht a saothair do mhéadú.

Is beag saothar ach déanamh ime a deintear i nÉirinn i gcomhar-chumannaibh. Pé comh-oibhriú a dheineann na feirmeoírí, ach amháin i gCorcaigh agus i bPortlárge agus i n-áit nó dhó eile, tá sé bunaithe ar chomhar-chumannaibh chun ime dhéanamh. Na hearraí a cheannúonn na feirmeoírí trí an gComh-chumann i mBleá Cliath, is de bharr na geumann a bhaineann leis na lachtannaibh a cheannúod siad iad. Gabhann siopa le lachtlainn anso is ansúd, agus i bhfo-

áit tá muileann ag lachtlainn chun arbhair do mheilt, ach lasmuigh des na hoibreacha san ní fiú trúcht ar an méid chomh-oibrithe a dheineann na feirmeoirí i nÉirinn.

Ní mar sin atá an sgéal i dtíorthaibh eile. Claoídheann na feirmeoirí le chéile chun gach aon tsaghас gnótha dhéanamh. Gheibhid siad airgead ar iasacht ar ús bheag ón Stát chun na hoibre do chur chun cinn, ach is à toradh a saothair féin a mhairid siad. Ní bheadh an t-airgead le fáil aca ach ar choiniol go mbainfidís feidhm as chun tuille airgid do thuilleamh.

"Is maith le Dia cabhair fháil," adeirimíd-ne anso i nÉirinn. "Is maith leis an Stát cabhair fháil," adeir lucht rialuithe tíortha eile nuair a hiarrtar ortha airgead a thabhairt uatha i gcóir aon tsaghас oibre.

Bionn comhar-chumainn i gcóir gach aon tsaghас oibre ins na tíorthaibh sin. Ins na saorstáit bheaga atá i dtuaiseart na hEúróipeanois tar éis an Chogaidh Mhór tá na feirmeoirí ag obair go dian chun slacht a chur ar an bhfeirmeoireacht. An talamh a bhí ag na huaisle iasachta nuair a bhí na tíortha san fé smacht na trí nfmpireacht do deineadh é roinnt idir na feirmeoirí, agus tá a rian ar na tíorthaibh sin anois. Is iongantach an feabhas atá ar saothrú an tailimh ionta, agus táid na tíortha san ag iomuócht le hÉirinnanois ag diol ime agus neithe eile i Sasana.

Mar sin, leis, dos na tíortha thar sáile a bhaineann le hímpireacht na Breataine.

B'eidir go ndéarfí gur ag dul i n-oleas a bheidh an sgéal ag feirmeoirí na hÉireann de bharr an tsaothair sin go léir. Ach ní hi geomhnui a bhíonn an sgéal mar a mheasaimid. "An rud ba mheasa le duine ná a bhás ní fheadair sé ná gurab é lár a leasa é."

Samhluítí uair go mbeadh deire le feirmeoireacht i nÉirinn dá leogtí do bheithigh ó Chanada teacht isteach 'na mbeathaidh go Sasana. Bhíodh an smaoineamh san mar thromluí orainn ar feadh móran blian, ach ní chuimhnímid i n-aon chor airanois.

Bíodh misneach againn má sea! Má chímíd daoine eile ag dul chun cinn de bharr dian-tsaothair, deinimís aithris ortha. Níor chaill fear an mhisnigh riamh é!

## Céasa ar Chrois Óir.

An bhféadfá innsint dom, a Bhriain, cad é an rud é an Tómhas Óir seo go bhfuil an chaint go léir ar siúl 'na thaobh an tseachtain seo?

Bíodh trua agat, a Phádraig, sin rud ná tuigeann éinne, ach na hollamhna san Ollsgoil agus daoine den tsórd san. Cad fáth go dteastúionn uait-se é thuisgint?

Mar cloisim daoine á rá go ndéanfaidh sé a lán maitheasa dhúinn-ne i nÉirinn Sasana bheith sgartha leis an dTómhas san.

Agus nár airís go minic le roinnt bhlianta anuas ná beadh rath ná séan orainn mara mbeadh baint againn leis an dTómhas Óir chéana san?

Ambasa do chuala, agus siné díreach atá am' dhalladh anois. Conas is féidir an dá thaobh a thabhairt dá chéile? Ní foláir nó tá míniú éigin ar an sgéal.

Stát-Sheirbhíseach tusa, a Phádraig, agus más dóigh leat go ndéanfaidh an t-athrú nua so do leas, do chomhairleóinn duit gan cola ar an geluais sin. Ní déarfainn ná go ndéanfaidh sé maitheas éigin dosna feirmeoírí, ach ní dhéanfaidh sé aon mhaitheas duit-se ná domh-sa ná d'éinne eile atá ag obair ar thuarasdal. Chífir é sin ar ball nuair a bheidh ort díol as na neithiúch a cheannóir i gcóir an tí. Beidh ort chuíig sgillinge fíchead nó b'fhéidir deich sgillinge fíchead a thabhairt ar neithe a gheobhfá anois ar phánt.

Is ró-mhaith a thuigim é sin, ach ní hé sin a bhí uaim ach míniú éigin fháil ar an dTómhas Óir féin. An

fearr Tómhas Óir ná Tómhas Airgid, nó an fearr gan Tómhas ar bith bheith againn?

Is fearr Tómhas éigin bheith againn chun tráchtáil idir na náisiúin do rialú, ach ní fhéadfainn a rá ceoca is fearr Tómhas Óir nó Tómhas Airgid. Bhí an Tómhas Óir i bhfeidhm san Eúróip agus i Merice le roinnt bhlianta, ach san am gceána bhí an Tómhas Airgid ag na hIndiachaibh agus ag muintir na Síne. Ní fheadar an fearr ceann aca ná a chéile, ach is fearr ceachtar aca ná gan aon Tómhas i n-aon chor bheith ann, cé ná déanfadh aon Tómhas ná easba Tómhaíos tír shaibhir de thír a bheadh ag dul chun deiridh. B'éidir nár bhfearr rud a déanfí ná casa thar n-ais agus glaca leis an dTómhas a bhí ann nuair a glactí leis an dá mhiotal, an t-ór agus an t-airgead.

Casa thar n-ais an ea? Ach níl aon trácht ar ghlaca leis an socrú san.

Mara bhfuil trácht air anois, is cuimhin liom-sa go maith an tráth 'n-a raibh a lán trácht mar gheall air. Nuair a bhí an Brianach ad' iarraidh bheith in' Uachtarán i Merice triochad bliain ó shin nó mar sin do theastuigh uaidh go nglacfí leis an dá mhiotal agus gan bheith "ag céasadh an chine daona ar chrois óir." Is minic a chuimhníos ar an gcaint sin le bliain nó dhó.

Agus cad é an míniú a bhí aige sin ar an sgéal?

Do bhí míniú símplí aige, ach ní dóigh liom gur shímplí de mhíniú é ná an míniú a thug Árd-Easbog Bhléá Cliath uaidh sa bhliain 1893. Bhí an tÁrd-Easbog ar thaobh glaca leis an dá mhiotal agus do sgríbh sé leabhar á mhíniú. Do léas an leabhar san arís iné, agus d'fhéadfainn an míniú san a thabhairt duit.

Ba mhaith liom é fháil.

Mar seo a bhí an sgéal. Bhí an dá mhiotal ag

Sasana ó 1717 go dtí 1816, agus do bhí an dá mhiotal ag an bhFrainne ó 1803 go dtí 1873, agus ag torthaibh eile san Eúróip, leis. An fhaid a bhí an sgéal mar sin sa bhFrainne d'fhéadfad éinne go mbeadh airgead aige buinn airgid a dhéanamh de agus airgead dli-thairgthe ab'ea é ar nós na nótaí atá againn fé láthair. B' é an sgéal céana i dtaobh an óir é.

Ach ná raibh aon teora leis an méid go ndéanfí buinn airgid de?

Do bhí. Ar gach únsa óir go ndeintí buinn de do deintí buinn de  $15\frac{1}{2}$  únsa airgid. Do bhí an scrú san i bhfeidhm ar feadh seacht ndeich de bhliantaibh, agus d'oir sé go maith don domhan i rith na haimsire sin. Measann a lán daoine ná beadh an domhan trí-na-chéile fé mar atá le tamall, mara mbeadh an Tómas Óir bheith i bhfeidhm, mar go mbeadh comhacht ag na hIndiachaibh agus ag na Sínigh a bhfad níos mó earraí iasachta a cheannach dá n-árdófí luach an airgid. Dá mbeadh an ratio úd  $1 - 15\frac{1}{2}$  ann fé mar a bhí sa bhFrainne ó 1803 go dtí 1873, d'árdódh san luach an airgid agus bheadh comhacht ceannuiochta ag na hIndiachaibh agus ag na Sínigh ná ful acaanois.

Ach dá mbeadh cead ag gach duine go mbeadh  $15\frac{1}{2}$  únsaí airgid aige buinn a dhéanamh de a bheadh chomh luachmhar le buinn a déanfí d'únsa óir an bhféadfí an ratio san a chimeád i bhfeidhm?

D'eirigh leo é chimeád i bhfeidhm ar feadh deich mbliana is trí fichid, agus ní thuigim canathaobh ná féadfí é dhéanamh arís.

Má bhí an sgéal chomh maith san ag an domhan agus an dá mhiotal i bhfeidhm, cad 'na thaobh gur iom-paigh an Fhrainnc chun an óir?

Do bhí an Fhrainnc go lag i 1873 agus bhí Sasana

agus an Ghearmáin ana-láidir agus is dócha nár fhéad an Fhrainnc seasamh ar a bonnaibh féin. Ca bhfios ná go bhfeicfimíd tiortha eile ag tréigint an óiranois ó tá Sasana sgartha leis. Is é locht is mó atá ar Tómhas an Óir ná go dtugann sé comhacht do dhaoine go bhfuil greim aca ar an miotal san, do bhancanna agus do chuallachta a thugann airgead uatha ar iasacht. Dá aoirde eiríonn luach an óir is ea is mó d'earrai agus de thoradh na talmhan a tugtar mar mhalaire ar an miotal san. D'oir san go maith do Shasana nuair a bhí flúirse saibhris aici de bharr tráchtála, ach tá a mhalaire de sgéal aici anois. Feabhas ar an dtráchtáil, sin é an rud is mó a theastúionn uaithe anois. Sin é an fáth gur thréig sí an Tómhas Óir.

## Iasgaireacht.

An fógra a bhí ar an bpáipéar iné i dtaoibh toghcháin na stiúrthóirí don Chomhar-Chumann um Iasgaireacht, chuir sé i n-iúil do sna hiasgairí ar fuaid an tSaorstáit go bhfuil gléas aca anois chun seabhair a chur ar a slí bheatha féin agus maitheas a dhéanamh dá dtír dúchais san am gcéana.

Le cabhair agus congnamh ón Stát a cuireadh an Comhar-Chumann ar bun. Ar chomhairle Roinn na hIasgaireachta do chuir Roinn an Airgid suim mhaith airgid i leith na hoibre, agus do dhein an Aireacht um Iasgaireacht a chion féin ansan chun na n-iasgairí do chur ar a leas. Táid siad ag brath ar na hiasgairí anois chun cabhruithe leo.

Ón mbarr a thosnaigh an iarracht so. Do bhí na hiasgairí chomh mór san chun deiridh ná féadfaidís féin an iarracht a dhéanamh gan chabbhair chuige ach iarracht i n-aistear a bheidh ann mara gcuireann na hiasgairí le chéile san obair. Ní sheasóidh barr aon tí go bhfuil droch-bhun fé. Is iad na hiasgairí féin bun an tí seo.

Deirtear nách máirnéalaigh dáiríribh a lán de sna daoine a bhíonn ag brath ar an iasgaireacht mór-thimpal na hÉireann chun slí bheatha a bhaint amach. Is fíor nách í dtaoibh leis an iasgaireacht amháin atá cuid mhaith daoine a thugann iasgairí ortha féin. Tá slite eile bheatha aca, agus ní maith leo dul abhfad ó bhaile ná bheith tréimhse fada à baile.

Ach mar sin féin ní heasba mhisnigh ná fuath don fharraige a chimeádann iad ó dhul amach ar na farraigi móra ar lorg an éisc. Dá mbeadh na báid agus an gléas ceart aca, fé mar a bhíonn ag iasgairí eile, do raghaidís amach chomh maith le cach. Agus tá cuid mhaith dhíobh a théann amach anois féin.

Is mór an chabhair don iasgaireacht an loingeas cogaidh a bhíonn ag tíorthaibh eile. Gheibheann na hiasgairí sa bhFrainnc agus i dtíorthaibh eile cabhair airgid ón Stát ar choiniol go mbeidís ar fáil chun troda, dá dtagadh an glaodh ortha. Dhein iasgairí na Frainnce agus iasgairí Shasana a lán oibre don Stát le linn an Chogaidh Mhóir.

Níl aon loingeas cogaidh ag an Saorstát, agus ní féidir aon mharga den tsaghlas san a dhéanamh leis na hiasgairí. Dá mbeadh, b'fhéidir go bhfaghadh fir óga taithí ar an bhfarraige ar an gcuma san, agus go gcasfaidís ar an iasgaireacht nuair a bheadh a dtéarma ar an loingeas caite aca. Níl comhartha dá luighead go mbeidh loingeas cogaidh againn-ne, agus dá bhri sin caithfidh an iasgaireacht seasamh ar a bonaibh féin. Is mar a chéile é sin agus a rá go gcaithfe sí seasamh ar na hiasgairí.

Ní hiad na hiasgairí ach an Rialtas a chuir an Comhar-Chumann ar bun anso. Níor mhar sin do náisiúnaibh eile. Ó sna hiasgairí a tháinig tosach na hiarracha agus tháinig cabhair ón Rialtas 'na dhiaidh. Tá comhar-chumainn um iasgaireacht 'na lán tíortha anois, agus obair iongantach á dhéanamh aca.

Do cuireadh comh-chumann um iasgaireacht ar bun i mbrazil deich mbliana ó shin. Dhá bhliain 'na dhiaidh san do dhein an Rialtas reacht dlí chun ceangail caradais a dhainginiú imeasc na n-iasgairí agus chun oideachais

a chur chun cinn agus chun slí a thabhairt do sna hiasgairí chun seirbhís a thabhairt i loingeas an Stáit. Tá thar 20,000 duine sa Chumann agus tá feabhas mór ar an iasgaireacht ó cuireadh ar bun é.

Ach is í an Spáinn an tír is fearr i dtaobh riara na hiasgaireachta. Do thosnaigh an iarracht nua sa tír sin sa bhliain 1917. Dhá bhliain 'na dhiaidh san do cuireadh Banc ar bun chun na hiasgaireachta do chur ar aghaidh agus chun feabhas a chur ar staid na n-iasgairí. An Stát a chuir an Banc ar bun, agus do bhí a stiúrú fé chúram Aire na Mara go dtí 1929. Do cuireadh Institút fé leith ar bun an bhliain sin chun é riara.

Ach ón mbliain 1924 i leith bhí fás agus borra ar na cumannaibh iasgaireachta. Dhá bhliain ó shin bhí 170 dhiobh ann, agus 37,000 dalta aca. Deinid siad gach aon tsaghas oibre a bhaineann leis an iasgaireacht agus le leasú agus diol an éisc, agus, díolaid siad an t-iasc leis an bpobal gan bacaint le ceannathoirí, chomh fada agus is féidir san a dhéanamh. Timpal £1,000,000 i n-aghaidh na bliana luach an éisc a chuirid siad trí n-a láimhaibh, agus bhí £50,000 de shocchar aca an bhliain is déannaí go bhfuil cúnntas le fáil 'na taobh.

Tá baint leis na cumannaibh ag lucht déanta agus lucht deisithe bád agus daoine eile agus deinid a lán oibreacha seachas an iasgaireacht. Is leis na cumannaibh leath-chéad de sna bádaibh, agus nuair a gheibheann gach iasgaire a chuid féin de thora na hiasgaireachta téann an chuid eile dhe go dtí an cumann, fé mar a théann a chuid féin don té gur leis an bád, más le duine fé leith í. Cuirtear airgead i dtaisge i gcóir pinsiún do shean-iasgairí. Ní fios cad iad na neithe ná deinid chun oideachais a chur ar aghaidh agus chun leas an phobail.

Dá mbeadh an sprid sin againn i nÉirinn agus dá  
gcabhrúodh na daoine le chéile fé mar a dheineann  
iasgairí na Spáinne, ba ghearr go bhfeicimís tora ar  
shaothar an Chomhar-Chumainn um Iasgaireacht san  
tSaorstát.

## Saibhreas na Frainnce.

Tá éad ag daoine eile chun muintir na Frainnce fé láthair, mar gheall ar a bhfuil de shaibhreas aca. Meastar go bhfuil na Franncaigh ag bailiú an óir chúchá feín agus á chimeád diomhaoin i n-ionad é chur ag obair i dtíorthaibh eile ag tuilleamh saibhris eile.

Is fíor go bhfuil ana-chuid óir i mbanc na Frainnce anois, agus go bhfuil an t-ór gann go leor i Sasana agus i dtíorthaibh náach í, ach ní har muintir na Frainnce ná ar Rialtas na Frainnce atá an locht, más locht é. Deinimis iarracht ar theacht ar bhun-phréimh an sgéil.

Táid na milliún daoine gan obair i Sasana agus sa Ghearmáin agus i Merice, agus is beag ceal oibre atá sa bhFrainne. B' éidir go bhfuil trí céad nó cheithre céad míle duine gan obair ann, ach nil thar an méid sin, agus go dtí bliain ó shin is amhlaidh a bhítheas ar lorg lucht oibre ann.

Is mó miníú atá ar an sgéal san. Deirtear gur ar saothrú na talmhan is mó a mhaireann na Franncaigh, agus gurab' é sin fé ndeár neart na tíre. Is ea, leis, ach ní leor de mhíniú é sin. Deirtear 'na theannta san gur bhuaidh an Fhrainne sa Chogadh agus go bhfuil tora an bhuaidh sin aici. Ní leor de mhíniú é sin ach oiread.

Do bhuaidh Sasana agus Merice, leis, ach ní fearr an sgéal aca san ná ag na Gearmánaigh sa mhéid go bhfuil daoine ann náach féidir obair do sholáthar dóibh.

Tá baint ag an dá rud san leis an sgéal gan amhras,

cé nach míniú iomlán aon cheann aca ná an dá cheann i dteannta chéile. Tá rud eile ann is tábhachtai ná ceachtar aca, agus isé rud é sin ná an béas atá ag na Franncaigh bheith ag cur airgid i dtaisge i gcómhnuí. Ar nós na mbeach, cuirid siad rud i dtaisge i gcóir an gheimhridh.

Deirtear go dtuigeann na Mericánaigh conas airgead do chaitheamh, agus go dtuigeann na Sasanaigh conas airgead do chur ar iasacht ag tuilleamh úis, ach go dtuigeann na Franncaigh conas airgead a chur i dtaisge. Is fíor é sin, agus tá a rian ar na Franncaigh agus ar thír na Frainceanois.

Ach ní féidir airgead a chur i dtaisge gan an t-airgead bheith aca agus ni feidir an t-airgead bheith aca gan é thuilleamh. Is de bharr dian-oibre atá sé aca. Bhí áiteanna sa bhFrainc 'na raibh ár agus éirleach le linn an Chogaidh Mhór. A leithéid de sgrios níor deineadh ar thír riámh, is dócha.

Do bhí dútháí ann nár fágadh cloch ar muin cloiche ná crann ag fás ná oiread agus brobh féir ag fás i n-áiteanna. Na daoine a dibreadh le linn an Chogaidh, thánadar thar n-ais—nó an méid aca a bhí beo ar aon chuma—thánadar thar n-ais agus thugadar fé'n dtalamh a shaothrú arís agus fé thithibh nua do thógaint. Dian-oibritheoirí dob'ea iad agus d'eirigh leo.

Ní fearr an crut atá ar na háiteanna eile ná raibh aon ár ná éirleach ionnta ná an crut atá ar na háiteanna san anois. Is fíor go bhfuair na daoine cabhair ón Stát, ach ba bheag an mhaith dhóibh an chabbhair sin mara mbeadh go raibh an mianach maith ionnta féin. Ní hé amháin gur eirigh leo an dúthaigh do chur i dtreó arís, ach tar éis cúig nó sé de bhliantaibh bhí sé ar a geumas cáin an Stát do dhíol agus iad féin a chothú agus airgead a

chur sa bhanc. Tá ocht milliún feirmeóirí sa bhFrainne, agus is beag feirmeóir diobh nách leis féin a thigh agus a chuid tailimh.

Ach ní hiad na feirmeoirí amháin a cheannúionn a dtithe féin. Tá 12,000,000 d'oibritheoirí eile sa tír, agus deirtear gur le milliún diobh san na tithe 'n-a geomhnuid siad. Cad déarfadh lucht oibre na hEireann leis an sgéal san? An le duine féin gcéad diobh an tigh 'n-a chomhnuíonn sé, gan trácht ar dhuine féin dáréag.

Agus ós ag trácht ar Bhanc na Frainnce dhúinn é, do bhí cruinniú ann bliain ó shin de dhaoine go bhfuil scaireanna aca sa Bhanc san. Do bhí 31,458 aca láithreach, nó teachtaireachtaí uatha. Ortha san do bhí 11,078 gur leo aon scair amháin an duine, agus 7,215 gur leo dhá scair an duine, agus ní raibh ach 132 gur leo níos mó ná céad scair an duine.

Ní beag de dheimhniú é sin ar an slí 'n-a bhfuil maoín saolta roinnt imeasc na ndaoine sa bhFrainne. Tá a bheag nó a mhór de mhaoin tsaoleta ag gach éinne sa tír.

Ar na daoine a fuair bás dhá bhliain ó shin d'fhág 390,821 eastáit 'na ndiaidh. Is féidir iad a roinnt mar seo:— Daoine d'fhág 10,000 franc, 260,136; daoine d'fhág níos mó ná 10,000 agus níos lú ná 100,000 franc, 115,399; daoine d'fhág níos mó ná 1,000,000 franc, 875.

Sin deimhniú eile. Agus laistiar de gach ní tá an rud so: tá ionntaoibh ag na daoine asta féin agus as a dtír dúthchais. Nuair a thuigimíd é sin is fuiriste a thuisgint cad is bun le neart na Frainnce.

## Tráchtáil Thar Lear.

Is eól do chách go bhfuil loingeas Shasana ag dul ar gcúl le cúpla bliain, agus go bhfuil déanamh na loingeas ag dul i n-olcas, leis, ach tá an sgéal níos measa ná mar a mheasann an gnáth-dhuine. Do réir cúntais oifigiúil ní raibh ach 400,505 tonn de loingeas á dhéanamh i ndeire mí na Nodlag, 1931. Is lú an méid sin ná an méid a bhí idir lámhaibh aon uair ó Mheán Fóghmhair na bliana 1887. Teasbeánann san a olcas atá an sgéal.

Dá mbeadh an sgéal chómh dona san ag tíorthaibh eile, d'fhéadfí a rá gurab' é an droch-staid 'n-a bhfuil tráchtáil an domhain is bun leis an gcéim ar gcúl i Sasana, agus go dtiocfadh an lá 'n-a mbeadh an rath ar loingeas Shasana arís agus ar déanamh na loingeas i gcuau-phuirt na Breataine agus na hÉireann.

Ach níl an sgéal chómh dona san i dtíorthaibh eile. Do bhí luighdú ar an méid loingis a deineadh i Merice anuiridh i geomparáid leis an mbliain roimis sin, ach bhí an méid a deineadh anuiridh ná an méid a deineadh i 1928 ná i 1929. Do deineadh 291 de longaibh tráchtála anuiridh agus chúig cinn de longaibh cogaidh.

Do bhí tíortha san Eúróip go bruidiúil, leis, anuiridh ag déanamh long nua i gcoír lucht taistil agus i gcoír tráchtála. Táid na tíortha go léir ag iomuiocht le n-a chéile i gcúrsaí tráchtála, agus is maith leó go léir a loingeas féin a bheith aca chun na n-earraí d'iompár.

Do cailleadh a lán loingeas le linn an chogaidh, agus do bhí an rath ar déanamh na loingeas ar feadh tamaill

tar éis an chogaidh, ach is baolach go bhfuil an ré sin caiteanois. Mara mbíonn cogadh eile ann agus go mbádhfar ana-chuid eile loingeas, ní dócha gur féidir obair fháil do lucht déanta loingeas i Sasana ná i n-aon tir eile. Dá olcas é 1931, beidh an rath ar Shasana mara dtagann blianta is measa ná é.

Cuirtear an milleán ar na daoine ins gach tir atá ad' iarraighe maireachtaint gan tráchtáil le tíorthaibh eile.

Ar thráchtáil thar sáile is mó a mhair Sasana le céad bliain anuas. Ba tháchtach í an tráchtáil sa bhaile, ach mara mbeadh an tráchtáil thar sáile ní fhásfadh an loingeas fé mar fhás, agus ní bheadh an fáltas iongantach ag Sasana a bhí aici. Is chun na tráchtála san do chimeád atá daoine i Sasana ag troid go diananois i n-aghaidh cánach ar earrai iasachta.

Ceapann a lán daoine i Sasana go mbeidh sé fuara feasta bheith ag brath ar an dtráchtáil sin, agus táid siad san ad' iarraighe slí nua a cheapadh chun Sasana do chur ar a bonnaibh arís. Dá mbeadh saor-thráchtáil ar fuaid na hfípireachta, ceapaid siad go mbeadh obair le fáil ag daoine i Sasana ag déanamh earrai dosna daoine i dtíortha na hfípireachta thar sáile agus go bhfaghadh an loingeas cabhair ón dtráchtáil sin.

Do bhí luighdú £6,200,000 ar luach na neithe a tháinig isteach i mí na Nodlag agus méadú £800,000 ar luach na neithe a cuireadh amach. De dheascaibh cánach agus ísliú luach an phúint airgid a thárla an t-athrú san.

Ní hiongna an Rialtas bheith ad' iarraighe slí éigin fháil as an nguaís 'n-a bhfuil an tir. Táid siad ag maireachtaint anois ar an saibhreas a bhí déanta aca de bharr tráchtála na mblianta bhfada. Mara gcuirtear cosc leis an gcailliúint sin raghaidh an tir chun deiridh.

## Capaill Fiadhaigh is Ráis.

Do bhíodh an tosach ag Ríocht na Breataine ar thíorthaibh an domhain i dtógaínt capall fiadhaigh is ráis go dtí le déannai, ach táid na Mericánaigh ag teacht chun tosaigh le roinnt bhlianta agus is aca san atá an tosach anois ar an ndomhan go léir. Tá 48,000 capall clárúithe ag an dtír sin anois.

An bhliain seo ghaibh tharainn do clárúíodh ocht míle siorrhach i leabhar na gcapall. Deich mbliana ó shin do tógtí míle siorrhach níos mó i n-aghaidh na bliana i Ríocht na Breataine—sa Bhreatain agus i nÉirinn—ná mar a tógtí i Merice. Tá tógaínt na gcapall ar siúl i geomhnuí sa tír seo agus i Sasana, agus cuirtear a lán díobh thar sáile, ach má leanann na Mericánaigh den fhuadar atá fútha fé láthair, beidh ar a gcaumas a ndóthain capall fiadhaigh agus ráis do sholáthar dóibh féin feasta.

Do réir eolais oifigiúil is mar seo a bhí an sgéal i dtaobh na siorrhach ar deire na bliana mile naoi gcéad triochad a dó:—

Na Stáit Aontuithe	...	...	...	4,495
An Bhreatain agus Éire	...	...	...	3,831
An Fhrainc	...	...	...	2,894
An Ghearmáin	...	...	...	1,038

Do bhí límpal deich míle capall ráis ag iomuiocht ar na mórchúrsaí ráis i Merice an bhliain sin, agus 'na

theannta san do bhí ana-chuid chapall foluiochta aca i gcóir an airm agus na feirmeoireachta. Is i Maryland agus i Virginia agus i gKentucky atá na stáblaí is fearr chun na gcapall do thógaint, agus meastar gur fiú thar deich milliún airgid na feirmeacha agus na stáblaí agus na capaill. Is fiú na capaill féin breis agus trí milliún púnt. Tógtar a lán capall i Stát New York, leis, agus táthar ag tosnú arís ar na capallaibh do thógaint ins na Stáit i n-iarthar na tíre. Do clárúiodh trí céad siorrach i gCalifornia anuiridh.

Do cheannuúodh na Mericánaigh capaill ó Éirinn ar mór-chuid airgid blianta ó shin, agus tá siol na gcapall san ar na capallaibh is fearr dá bhfuil acaanois. Ó dhaoine i Sasana a cheannaídís iad, ach is i nÉirinn a tóglí na capaill, dála a lán eile gur eirigh leo go hiongantach ar mhachairí an ráis thall.

Is mó feirmeoir beag i nÉirinn a thógann capall nó dhó agus a chuireann go dtí Aonach na gCapall i mBleá Cliath iad gach Lúnasa chun iad do dhíol sar a mbíonn an bhliain istigh aca. An chán speisialta a chuir Ríaltais Shasana ar na beithígh ó Éirinn do chuir sé isteach go mór ar díol na gcapall anso agus is baolach go raghaidh tógaínt na gcapall ar gcúl má leantar den chán sin. Ach ní dócha go raghaidh an gnó san chun deiridh i nÉirinn go deo, mar tá bua fé leith ag an dtír seo i dtógaínt na gcapall.

Ní hé cúrsái foluiochta amháin atá i gceist, cé go bhfuil togha na fola ins na capallaibh a tógtar i nÉirinn. Tá neithe eile a bhaineann leis an sgéal. An t-aer bog agus cré an aoil dhá ní a chuireann maise ortha agus a thugann neart agus luas na ngéag dóibh. Agus más capaill fiadhaigh iad, gheibhid oiliúint anso i nÉirinn ó

dhaoine a thuigeann gach ní i dtaobh conas ba cheart  
capaill do stiúrú ó n-a n-oige.

Mara mbeidh glaoch ar chapallaibh ó Éirinn i  
Merice feasta, beidh glaoch ortha san Eúróip i gcomhnuí  
mar tuigtear go maith san Eilbhéis agus san Iodáil agus  
i dtíorthaibh eile náh féidir na capaill ó Éirinn do  
shárú.



## ÓLAINN CHÉADLAINE.

Ar an-chéadlaín, ar an-chéadlaín, go mór é atá  
dúinn ag gach duine i gceann.

Ar an-chéadlaín, ar an-chéadlaín, go mór é atá  
dúinn ag fágáil agus ag tóinadháin. Tá sé a h-éig i  
mhaith le lúinimh agus ag earráid a dhéanamh agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin.

Ar an-chéadlaín, ar an-chéadlaín, go mór é atá  
dúinn ag fágáil agus ag tóinadháin. Tá sé a h-éig i  
mhaith le lúinimh agus ag earráid a dhéanamh agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin.

## CÚRSAÍ RIALÚCHAIN.

Óláinn, óláinn, go mór é atá agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin. Tá sé a h-éig i  
mhaith le lúinimh agus ag earráid a dhéanamh agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin.

Óláinn, óláinn, go mór é atá agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin. Tá sé a h-éig i  
mhaith le lúinimh agus ag earráid a dhéanamh agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin. Tá sé a h-éig i  
mhaith le lúinimh agus ag earráid a dhéanamh agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin. Tá sé a h-éig i  
mhaith le lúinimh agus ag earráid a dhéanamh agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin.

Óláinn, óláinn, go mór é atá agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin.

Óláinn, óláinn, go mór é atá agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin. Tá sé a h-éig i  
mhaith le lúinimh agus ag earráid a dhéanamh agus ag  
fágáil agus ag tóinadháin.

2014.0001.0.2013

## Réim na Saoirse.

An measann tú, a Dhiarmuid, go bhfuil réim na saoirse ag imeacht as an saol ?

Agimeacht an ea, a Dhómhnaill? Cathain a bhí sé ann le himeacht? Ní hamhla a déarfá go bhfuil saoirse ag muintir na Rúise ?

Ní déarfainn go deimhin, ach bhí saoirse ag na daoine i dtiorthaibh eile agus táthar ag baint ó'n saoirse sin anois. I Sasana fín is beag comhacht atá ag an bpobal anois, agus lámh-láidir atá i bhfeidhm i mórán tíortha san Eúróip.

Malairt máistri atá ag na daoine. Sin a bhfuil d'athrú ar an saol, a Dhómhnaill. Féach na Stáit Aontuithe fín. Má thugann Comhdháil na tíre sin don Uachtaráin an chomhacht atá uaidh, beidh neart aige an tír sin do rialú do réir a thoile fín.

Ní har rialú tíre is mó a bhíos-sa ag cuimhneamh, a Dhiarmuid, ach ar an smacht atá ar na daoine ins gach tir nách mór. B'éidir nár bh' olc an rud do thír comhacht sean-ímpire bheith ag rialathóir na tíre sin. Ní hionann san, ámhthach, agus bheith ag cur isteach ar gach éinne agus a rá leis go gcaithfeadh sé é seo a dhéanamh agus gan é siúd a dhéanamh.

Iarsma d'iarsmai an Chogaidh Mhóir é sin, a Dhómhnaill.

Ní dóigh liom gurab' ea, a Dhiarmuid. Nádúr an duine is bun leis. Is maith le daoine daoine eile do chur fé smacht. Ba mhaith le seandaoine i gcomhnuí daoine

óga bheith fé n-a smacht féin, agus is maith le daoine óga na linne seo na seandaoine do smachtú!

Sea, agus an smacht go léir a bhí i bhfeidhm le linн an Chogaidh do neartaigh sé an nós san i n-óg agus i sean. Níl leigheas ar an sgéal san ach fíor-oideachas.

Conas a leighisfeadh oideachas é?

Dá mbeadh fíor-oideachas ag daoine ní hag cuimhneamh ortha féin a bheidís i gcomhnuí. Do chuimhneoidís ar dhaoine eile agus ar an geuma 'n-a mbíonn an sgéal aca. Ní ghabhann cumhangracht aigne agus fíor-oideachas le chéile.

Ach is minic gurab' iad na daoine is mó oideachas na daoine is measa chun smacht do chur ar dhaoine eile.

Ní mar sin a bhíonn ag daoine go bhfuil fíor-oideachas aca. Dá mhéid eolas agus dá mhéid léann a bhíonn ag duine is ea is lú a chuireann sé isteach ar dhaoine eile. Chíonn sé dhá thaobh an sgéil, agus bíodh ná haontódh sé le duine eile, ní bheadh sé ad' iarraigdh smacht do chur air agus a bheatha do riara dho.

B' éidir go bhfuil an ceart agat. Má tá, d'oirfeadh beagánín den fhíor-oideachas dúinn-ne anso i nÉirinn.

Ní measa Éire ná tíortha eile. Ní mór cuimhneamh air seo, leis. Nuair a chuireann daoine rud éigin rómpa le déanamh, más daoine dúthrachta iad, bíd siad neamh-fhoidhneach uaireanta agus is maith leo daoine eile do bhrostú ar an mbóthar.

Ní bhfaghainn aon locht ar dhaoine a bheadh ad' iarraigdh daoine eile do bhrostú chun na hoibre 'n-a bhfuilid go léir páirteach do chur chun cinn, ach lasmuigh den obair sin ba cheart go mbeadh saoirse ag gach éinne agus ná beíff ag cur isteach ar dhaoine i dtaoibh neithe ná baineann leis an obair.

An iomad dúthrachta is bun leis sin, is dóigh liom,

agus do réir mar a bheidh ag eirí leis an obair tiocfaidh maolú ar an smachtú. Má bhíonn an ceart ag an nduine go mbítear ad' iarraidh smacht do chur air, buaidhfe sé ar lucht a smachtuithe luath nó mall.

## Fórsa Fineachais.

Deir an sean-fhocal gur ar sgáth a chéile a mhaireann na daoine, agus dá mhéid straca ó n-a chéile a dheineann daoine ní mór dóibh admháil i ndeire na dála nách féidir an sean-fhocal san do shárú.

Daoine a bheadh thus as iniu agus gan beann aca ar dhaoine eile ní fheadair éinne aca ná gurab' é fein a bheadh thíos amáireach. Ní maith an chómhairle d'éinne, mar sin, bheith ag féachaint anuas ar dhaoine eile agus gan lámh chonganta do thabhairt don té a bheadh 'na ghátar.

Is é an dála céanna ag na náisiúin é. Ar sgáth a chéile a mhairid. Tuigid siad go léir é sin, ach ní féidir leo fé láthair beart do dhéanamh do réir na tuisgeana san. Is follus dúinn nách féidir ó imeachtaibh na Comhdhála i Lonndain i dtaoibh tráchtala agus airgid reatha.

Mara raibh an sean-fhocal Gaedhilge ar eolas ag na teachtairí a tháinig le chéile i Lonndain ó chúig árdaibh an domhain, do bhí brí an tsean-fhocail sin ar eolas aca, agus is chun beart do dhéanamh do réir an tsean-fhocail sin a thánadar le chéile.

Níor eirigh leo é dhéanamh. Canathaobh? Mar do bhí dhá fhórsa ag obair i gcoinnibh a chéile: fórsa fineachais agus fórsa idir-fhineachais; fórsa idir-fhineachais ag tarrac na náisiún chun a chéile agus fórsa fineachais á ndeighilt ó n-a chéile. Do bhuaidh an finechas ar an idir-náisiúnachas.

Do thuig leath an domhain le linn an Chogaidh Mhóir gurab' é rud a bhí ós na Gearmánaigh ná an domhan go léir bheith fé n-a smacht. Nuair a tháinig deire an Chogaidh do ceapadh nár bhaol don domhan ach na Gearmánaigh do chur fé chois agus iad a chimeád fé chois. Do deineadh an sgrios ar na Gearmánaigh, ach tháinig an t-olc tímpal, fé mar a thagann i gcomhnuí. An té a dheineann an t-olc is air a bhíonn iarsma an uile!

Do ghoill bochtanas na Gearmáine ar an bhFhrainne agus ar thíorthaibh eile san Eúróip, agus bhíodar go léir chomh dona le chéile de bharr an easaontais. Ansan do thuigeadar gur ar sgáth a chéile a mhaireann na náisiúin agus do dheineadar iarracht ar na fiacha do mhaitheamh dá chéile agus ar chabhrú le chéile fé mar a chabhródh dea-chomharsain le chéile.

Ach níor tháinig an t-athrú aigne i n-am chun na diobhála do leigheas. Do chuaidh Sasana féin ar gcúl agus ansan na Stáit Aontuithe, agus sin deire le slí chun na náisiún do dhlúthú le chéile i gcúrsaí tráchtála agus i gcúrsaí airgid. Mothúonn na daoine ins gach náisiún ar leithliganois gur ortha féin amháin atá a seasamh; gach náisiún á chosaint féin ar chomhachtaibh atá lasmuigh dhe féin, agus atá, dar leis na daoine, ag brú isteach ortha agus ag marbhú na náisiúntachta.

Ní har na náisiúin bheaga amháin atá an sgannra san. Tá sé ar gach náisiún, beag agus mór, agus ar na Stáit Aontuithe chomh maith le haon cheann eile aca. Is é an sgannra san atá ag tiomáint na Mericánach ar aghaidh ar bhóthar na náisiúntachta fé láthair.

Ní féidir an sprid sin na náisiúntachta do chosc. Ní mór sgaioile lé go fóill go mbuaidhfe sí ar an ndroch-

sprid ná géilleann do chomhacht an anama agus a rialúíonn gach ní do réir airgid agus maoine saolta.

Do thabharfadhl daoine a n-anam ar son a dtíre i n-am chogaíd, agus nuair a bhíonn sprid na náisiún-tachta ar lasadh i n-am na siochána do dhéanfadhl daoine neithe ar son a chéile ná déanfaidís i n-aon chor mara mbeadh an sprid sin ann. Tá Uachtaráin na Stát n-Aontuithe ag séide féin bpobal agus á impí ortha bheith dílis dá chéile agus don náisiún, agus tá sprid na ndaoine á neartú chun dul ar aghaidh leis an iarracht atá beartuithe aige chun na tíre do chur ar a bonnáibh arís.

An fear irise mór-cháile úd, Mark Sullivan, tá sé go mór ar thaobh na náisiúin bheith ag obair à lámhaibh a chéile, ach measann sé go bhfuil an ceart ag na Mericánaigh claoí leis an náisiúntacht fé láthair agus a dtír féin do chur i n-eagar ar dtúis sara dtugaidís féin idir-náisiúnachas do chur i n-áirde arís.

Ag cur síos do ar an gComhdháil i Lonndain dubhairt sé gurab' é rud atá ar siúl ar fuaid an domhainanois ná seasamh i n-aghaidh na baoth-aondachta a bhí ag teacht ar cos i n-áirde, agus go leanfar den troid sin.

Ceoca taobh go mbeidh an bua aca sa deire: ag na náisiúin ar leithlig agus a smaointe agus a nósanna féin agus a slite beatha agus a dteangthacha féin aca, nó ag an idir-náisiúnachas a chuirfeadh na tiortha go léir ar aon dul le chéile i gcúrsaí gnótha agus i gcúrsaí aigne agus uile? Ag na náisiúin ar leithlig, le congnamh Dé,

## Aondacht na hÉireann.

Tá aondacht na hÉireann mar abhar cainnte aš teacht chun tosaigh arís i gcúrsaí poilitiochta. Más ag cuimhneamh ar an bhfior-aondacht a bheidh na cainteoirí le linn na díospóireachta, ba cheart go dtiocfadt maitheas éigin as an gcaint. Ach más ag cuimhneamh ar an dtosach bheith aca ar a chéile a bheid siad, ní hé aondacht na hÉireann ach easaontas poilitiochta a thiocfaidh as an ndíospóireacht. Seachnuítear an t-easaontas!

Téimís go bun an sgéil. An deighilt atá ann fé láthair tá a préamhacha fite go daingean i stair na hÉireann agus i stair Shasana. Ní raibh fior-aondacht poilitiochta i nÉirinn riamh, cé go raibh dealramh na haondachta ann le linn Briain bheith i gceannas. Dá maireadh Brian agus dá dtagadh rite láidre eile 'na dhiaidh, is dócha go mbeadh an saghas aondachta poilitiochta againn a tháinig i bhfad 'na dhiaidh san i Sasana agus i dtíorthaibh eile.

Níor mhar sin a thárla, agus ó tháinig na Normannaigh ar dtúis go dtí an lá atá iniu ann ní rabhamair riamh gan abhar achrainn éigin againn a chuir i gcoinnibh aondacht poilitiochta i nÉirinn.

Do bhí aondacht seachas aondacht poilitiochta againn, ámhthach. Do bhí teanga agus nósanna agus sibhialtacht againn a dhein tir ar leithlig d'Éirinn, agus mara mbeadh an t-athrú creidimh do theacht mar abhar nua chun deighilte, is dócha go bhfásfadh aondacht

poilitiochta as an aondacht eile fé mar d'fhás i dtior-thaibh eile.

Do thug an t-athrú creidimh cogadh teangan agus cogadh síbhialtachta 'nár measc, agus níl deire leis an geogadh san fós. Is é cogadh na síbhialtachta bun an sgéil.

Nuair a thiocfaidh an lá 'n-a mbeidh na daoine go léir i nÉirinn, theas agus thuaidh, ag maoidheamh à hÉirinn agus á rá le bród gurab' Éireannaigh iad, rí fada 'na dhiaidh san go dtiocfaidh aondacht poilitiochta. Tá an lá san ag teacht go mear i nÉirinn theas.

Is minic le bliain anuas daoine nách den tseanchreideamh iad ná de shliocht na nGaedheal iad ag maoidheamh à hÉirinn agus á rá go daingean gurab' Éireannaigh iad. Agus nuair a chuir Viscount Craiganvon leitir chun Comhaltais na gCluichí Oilimpeacha, ná dubhaint sé go raibh áthas air mar gheall ar na gníomhartha móra a dhein beirt Éireannach ó dhisceart Éireann i Los Angeles! Níor cheart brí na bhfocal san do leathanú agus a rá gur comhartha iad go raibh athrú aigne ag teacht ar an té a sgríbh iad, ach is léir uatha go measann sé gurab' Éireannach é féin, agus ní beag san go fóill.

Is é Párlimint Shasana do dhein Éire do dheighilt 'na dhá chuid i geúrsaí rialúcháin, agus mar mhaithe le Sasana a deineadh an deighilt sin. Is fíor ná féadfadh Rialtas Shasana an deighilt a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm mara mbeadh dream láidir anso ag cabhrú leo, ach cheap an dream san an uair sin go gcuirfeadh an deighilt iad féin ar a leas agus do ghlacadar leis an socrú a dhein Párlimint Shasana.

Níor chuimhníodar ar na focail a dubhaint Príomh-Reachtaire Shasana, Dáibhí Lloyd George, i mí Dheire

Foghmhair sa bhliain mile naoi gcéad a fiche nuair a mholt Henry Asquith do mhuintir Shasana lán-chomhacht do thabhairt do Phárlimint na hÉireann agus gan bheith dian ar mhuintir na hÉireann i dtaobh fiacha an Chogaidh Mhóir.

“Lán-chomhacht i gcúrsaí airgid do thabhairt do Phárlimint na hÉireann, an ea!” arsa Lloyd George mar fhreagra ar Asquith. “An mbeidh lucht gnótha Glasgow agus lucht gnótha Manchester toilteanach ar sé sgillinge féin bpúnt cáin ioncuim do dhíol agus gan ach dhá sgillinge féin bpúnt á dhíol ag lucht gnótha Béal Feirste? An mbeidh an fear oibre i Sasana toilteanach ar cháin ocht sgillinge ar phúnt tobac do dhíol agus gan ach raol á dhíol ag an bhfeair oibre i nÉirinn, mar sin mar a thárlóidh má sgaoltear le hÉirinn i dtaobh fiacha an Chogaidh?”

Tuigfidh muintir Bhéal Feirste an sgéal luath nó mall, agus nuair a thuigfid tiocfaidh deire na deighilté gan puinn moille.

## Poblacht na Síne.

I Manchuria sa bhliain 1904 agus sa bhliain 'na dhiadh san do thosnaigh na clampair gan chiall a thug an Eúróip go bruach a báis insna bliantaibh 1914 go dtí 1918. Sin tuairim Count Carla Sforza, an té a bhí i n'Aire um Ghnóthaíbh Iasachta san Iodáil sar a dtáinig Mussolini i gcomhacht ann, agus a bhí 'na theachta ón Iodáil go dtí an tSín i bhfad ruimis sin.

I n-aiste a sgríbh sé i gcóir an New York "Herald-Tribune" dubhairt sé gurab' é baol a bhí san aighneas i Manchuria ná go gcuirfeadh na Rúiseánaigh isteach air. D'oir sé dos na Sínigh i gcomhnuí na Rúiseánaigh agus na Seapánaigh bheith i n-achrann 'na chéile, ach níor oir dóibh go neartódh aon taobh aca an greim a bhí aca ar thalamh na Síne.

Canathaobh go bhfuil síle na Seapánach agus síle na Rúiseánach ar an méid sin de Phoblacht na Síne? Tá an cuan-phort úd, Vladivostok, ag na Rúiseánaigh, agus teastúionn uatha an tsúi chun an chuan-phuirt sin do chimeád ar osgailt i gcomhnuí. Is mar gheall air sin d'eirigh eatortha féin agus na Sínigh anuiridh.

Teastúionn ós na Seapánaigh go mbeadh comhacht aca chun feidhm a bhaint a talamh Manchuria ar mhaithe le n-a muintir féin. Do dheineadar an bóthar iarainn i Manchuria Theas agus an euan-phort Dairen chuige sin.

Tá cúis mhaith ag an dá thír iasachta mar sin bheith éadmhar i dtaobh Manchuria.

Fiche bliain ó shin a cuireadh Poblacht na Síne ar bun. Ach bhí na Seapánaigh i Manchuria sé bhliana ruimis sin, agus ó bhuardar ar na Rúiseánaigh sa bhliain 1905 do bhí comhacht aca ar an dtaobh theas de Manchuria comh fada agus a bhain le riara na tire agus leis an saol economiceach ann.

Ansan nuair a tháinig an coga mór mheasadar go bhféadfaidís greim fháil ar an dtír go léir. Do chuireadar éileamh isteach chun na Síne, ach do chuir na Mericánaigh agus na rialtais i dtiorthaibh san Eúróip i gcoinnibh an élimh sin agus b'éigean dóibh é tharracsiar. Ní leogfadh na tíortha eile dos na Seapánaigh baint ó chomhacht na Poblachta.

Ach an rud nár eirigh leis na Seapánaigh é dhéanamh trí láimh láidir, do dheineadar iarracht ar a dhéanamh ós iséal. Do thugadar féin dtír d'oibriú. Do chuir Seapánaigh fútha i Manchuria agus do thosnuíodar ar an dtalamh do shaothrú. Do thugadar sglábhuithe isteach ón Sín, agus i ndeire thiar thall d'eiríodar as na feirmeacha agus d'fhágadar ag na sglábhuithe iad. Níor thaithn an tir ná an saol ann leo. Bhí uaigneas ortha bheith i bhfad ó n-a dtír féin agus ó ghile agus ghlaineacht an tsaoil ann.

Deir Count Sforza go dtuigeann sé ó chúntaisí a fuair sé ón Seapán ná taithneann gníomh militeach an Rialtais leis na Seapánaigh atá 'na gcomhnuí i Manchuria. Nuair a chuir Rialtas na Seapáine roinnt saighdiúirí isteach i dTsinan trí bliana ó shin chun na Seapánach a bhí ann do chosaint, do chuir na Sínigh "boycott" ar bun agus do dhein an rud san a lán diobhála dos na Seapánaigh ann.

Níor mhaith leis an lucht gnótha ón Seapáin atá 'na geomhnuí i Manchuria go dtuitfeadh an rud san amach dóibh féin, agus siné an fáth ná taithneann coga leo.

"Má thagann coga san tSeapáin," arsa Count Sforza, "ní har son na tíre a thiocefaidh an coga san ach chun an tsean-dhream a chimeád i n-uachtar agus cosc a chur leis an iarracht atá dá dhéanamh ag na daoine ann chun ceart a bhaint amach dóibh féin. Tá fhios againn, leis, go mbeidh an coga so i n-aghaidh leasa na tíre."

Deir sé nach féidir buachtaint ar an Sín trí neart cogaidh. Dá dtugtí fé agus dá ngéilleadh na Sinigh anso is ansúd, go dtiocfaidís thar n-ais arís. Bheadh an sgéal ag an dream iasachta fé mar a bhí sé ag Napoleon nuair a thug sé fé'n Rúis. Ar nós na Rúise, tá an tSín ró-mhór agus tá na daoine ró-lionmhar ann chun iad a chimeád fé chois i gcómhnuí.

Ach maran féidir na Sinigh do chimeád fé chois, b'eidir gur féidir deire chur leis an bPoblacht ann agus an fmpireacht do bhunú sa tir arís.

## An Saol sa Rúis.

Téann daccine ó thíorthaibh eile go dtí an Rúis agus nuair a thagaid siad abhaile bíd siad ag nochta a n-aigne i dtaoibh saol na ndaoine sa tir sín. Ní féidir le hénne a cheiltanois nách stát cumannachtach atá ar bun sa Rúis ach gnáth-stát sa mhéid go bhfuil daoine ag obair ann ar phá lae agus máistrí os a gcionn fé mar a bhíonn ins gach tir eile. Nil de dheifriocht ann ach gur leis an Rialtas gach ní sa Rúis agus gur stáit-sheirbhísigh a bhíonn mar mháistrí ar an lucht oibre.

I dtíorthaibh eile is leis an Stát cuid des na hoibreacha agus is le daoine príomháideacha nó le cuallachta gnótha an chuid eile. Mar sin atá an sgéal againn féin anso i nÉirinn, agus is mó cléireach atá ag obair den Stát agus gur bhfearr leis go mór agus gur bhfearra dho go mór bheith ag obair do dhuine phríomháideach nó do chuallacht ghnótha.

Do léas sgéal an lá fé dheire i dtaoibh mná i Moscow, agus is fearr d'fhianaise an sgéal san ná tuairim aon duine iasachta a théann go dtí an Rúis d'aon ghnó chun cur síos ar rialú na tire.

Congantóir d'aoladóir tí an bhean so. Do bhí sí féin agus mná eile ag obair i dtíortha comhnuithe ar nós na dtithe atá ag na Mericánaigh 'na dtír féin. Do bhí cuid mhaith den tigh críochnuithe agus cuid des na seomrái ullamh i gcóir tionóntaithe.

Do bhí innealtóir ó Mherice i Moscow gur theastaigh seomrái uaidh i gcóir a líntí, agus do thug sé

cuaird ar an dtigh mhór chun seomraí do thoghadh. Do chonnaic sé féin agus a bhean na mná a bhí ag obair i n-éineacht leis na fearaibh ag aoladóireacht fallaí an tí, agus dubhairt an bhean go n-oirfeadh di duine des na mnáibh sin d'fháil mar sheirbhíseach sa tigh nuá.

Do chuir an t-innealtóir an sgéal i gcomhairle an fhir a bhí os cionn an lucht oibre agus do labhair seisean leis na mnáibh an tráthnóna san. Dubhairt sé leo gur theastaigh seirbhíseach tí ós na Mericánaigh, ach ní thógfadh éinne aca an post an lá san.

Ar maidin lar 'na mháireach tháinig duine des na mnáibh chun seomraí na Mericánach, agus do chuir sí i n-iúil dóibh gur mhaith lé glaca leis an bpost ach amhain nár mhaith lé eirí à Cumann na nAoladóirí. Do chuir na Mericánaigh 'na luí uirthe gur fearr i bhfad an saol a bheadh aici 'na seirbhíseach tí ná 'na haoladóir, agus i ndeire na cainte do ghlac sí leis an bpost nuá.

Cailín ón dtuaith ab'ea í, agus is beag eolas a bhí aici ar dtúis i dtaobh obair an tí, ach d'fhoghluim sí go mear í, agus ba ghearr go raibh sí 'na seirbhíseach mhaith.

Ní raibh ach 30 rúbal aici i n-aighaidh an mhí, ach dob' fhearr lé an méid sin agus an chóir mhaith a bhí uirthe i dtigh na Mericánach ná na 75 rúbal a bheadh aici mar aoladóir. An luighdú measa a cheap sí ar dtúis a bheadh ag na daoine eile uirthe i dtaobh na céirde do thréigint, níor ghoill san puinn uirthe. Níorbh' aon íslíú mór é tar éis an tsaoil. Ar aon chuma do cuireadh cumann ar bun i gcóir na Seirbhíseach Tí an uair sin agus do ghaibh sí leis an gCumann san. Bhí ar na Mericánaigh táillí an Chumainn d'ioc chomh maith le hairgead urrúis agus an tuarastal.

Do bhí na Mericánaigh ana-shásta lé, agus nuair a

bhí téarma áirithe caite aici ag obair dóibh fuair sí cheithre seachtaine de laetheanta saoire uatha i n-ionad an choigthís a bhí ceangailte ortha a thabhairt di. Do thug sí aghaidh ar an gceannatar 'n-ar rugadh agus 'n-ar tógaigh í, na céadta mílte ón bPríomh-chathair, ach sar a raibh an mí istigh do bhí sí thar n-ais arís chúcha.

Dubhaint sí leo nár thaithn an saol nua ar an dtuaith lé. Do bhí feirm chumannachtach déanta den cheanntar ó fhág sí é, agus do bhí a leithéid sin d'athrú ar an ndúthaigh gur bhfearr lé bheith as ná ann. Do ghoill an t-uaigneas uirthe i dtreo ná féadfadh sí aon taithneamh fháil as an áit agus do thug sí aghaidh ar an geathair gan mhoill.

An bhean san bhí sí chuíg bliana fichead nuair a thuit an rud san amach. Do phós sí nuair a bhí sí seacht mbliana dhéag d'aois agus do bhí beirt mhac aici. Do thréig a fear í tar éis deighilt pósta, ach do bhí air cabhrú lé chun na mac do chothú. Bhíodar san 'na gcomhnuí i n-éineacht le gaolta a máthar ar imeall na cathrach. Téann an mháthair ag triall ar na leanbhaí go minic, mar is mó aici iad ná saibhreas an tsaoil.

Do phós an fear trí huaire ó thréig sé an chéad bhean, ach deir sise go bhfuil sgartha aici leis na fearaibh agus ná leogfadh sí do dhuine eile aca a croí do bhrise. Bean mhaith gheal-gháiriteach is ea í, agus bionn sí ag amhránuíocht i gcomhnuí agus í i bhfeighil gnóthai an tí, agus focail á gceapadh aici a oireann do pé saghas oibre a bhionn ar siúl aici.

Léiríonn an sgéal san dúinn nách aon "neamh ar talamh" an Rúis ach gnáth-thír 'n-a gcaitheann daoine maireachtaint ar nós daoine ins gach tir eile, agus nách athrú chun leasa na ndaoine gach athrú dá dtáinig ann le tamall anuas.

## Galar Inchinne.

Tá cúram ar an gComhaltas atá i mbun Tí na nGeait i mBleá Cliath. Ní tigh amháin ach dhá thigh atá fé chúramh an Chomhalaits sin, ach dá mhéid gach tigh diobh níl slí dá bhfuil de dhaoine buile 'na gcóir. Tá an sgéal chomh dian san ar an gComhaltas go bhfuilid ag cuimhneamh ar shlitibh eile chun aire thabhairt dos na daoine bochta atá as a meabhair agus chun iad do leigheas, más féidir é.

Do moladh go gceapfí beirt chun dul ag triall ar áiteanna eile 'n-a dtugtar aire do dhaoine buile, agus do luadh Gheil sa Bheilg mar áit gur bhfiú don bheirt dul ann agus cúnntas d'fháil ar an gcuma 'n-a ndeintear an gnó ann. Ba mhaith an mola é, mar ní hé amháin go bhfuil slí fé leith aca san áit sin chun aire thabhairt do dhaoine buile ach áit is ea Gheil 'n-a bhfuil naomh ó Éirinn fé mheas ag an bpobal.

An cúigiú lá déag de Bhealtaine a cimeátar Féile Damhnatan san áit sin. Dympna atá ag muintir na Beilge ar an naomh, ach Éireannach ab'ea í agus Damhnait an ainm a bhí uirthé 'na tir dúchais. Iníon rí ab' ea í, ach páganach ab' ea an t-athair agus b'éigean di teiche uaидh tar éis bháis dá máthair. Críostuithe ab' ea í féin agus an mháthair.

D'éalaigh sí ó n-a talamh dúchais i gconntae na Midhe i n-éineacht le sagart agus beirt eile agus do chuir sí fúithe san áit sin ar an dtaoibh thuaidh de thír na

Beilge. Tháinig an t-athair ar a lorg agus do mhairbh sé an sagart agus an iníon. San naomhú aois a thuit san amach, agus ón aois sin i leith do thárla go n-imíoch daoine buile go dtí an áit sin agus go bhfaghadh a lán aca leigheas an ghalair inchinne ann.

Tá ainm na háite i n-áirde ar fuaid an domhain anois de bharr na hoibre atá déanta ag na daoine ann ar son na ngealt. Deirtear go réitíonn ithir agus aer na háite leis na daoine bochta go mbíonn a meabhair chinn caillte aca, ach ní hé sin fé ndeár ainm na háite bheith i mbéalaibh daoine i dtíorthaibh eile. Is mar gheall ar an gcuma 'n-a dtugtar aire dos na daoine bochta símpli ann a luatar an ainm sin Gheel nuair a deintear trácht ar dhaoine buile agus ar conas iad do leigheas.

Fé mar a théadh daoine buile i nÉirinn go Gleann na nGealt i gCiarraí fadó do théadh daoine buile sa Bheilg go Gheel agus téid siad ann i gcomhnuí. Ach ní háit uaigneach Gheel marab ionann agus Gleann na nGealt. Áit is ea é 'n-a bhfuil daoine deasa lághacha a thógann cúram na ngealt ortha féin.

Na daoine a chailleann a meabhair sa Bheilg ní deintear príosúnaigh díobh nuair a cuirtear go Gheel iad. Ní histeach i dtígh mhór agus fallaí árda 'na thímpal a sítear iad, ach cuirtear chun comhnuithe i dteaghlaigh na ndaoine iad.

Ní leogann lucht na dtithe ortha go dtuigid siad na cuairdeoirí bheith as a meabhair i n-aon chor ach gan an tsláinte bheith go maith aca. Bíonn cead a geos aca bheith ag siúl, nó bheith ag obair, agus bíonn gach saghas céirde á chleachtadh aca. Gheibheann a lán aca an tsláinte arís ó bheith i measc na ndaoine ar an gcuma san agus saol nádúra á chaitheamh aca.

Do bhí dhá mhile ghealt ann nuair a thug an

Dochtúir Connolly Norman ó Bhleá Cliath cuaird ar Gheal sa bhliain 1904. Tá an dea-obair ar siúl i gcomhnú ann, agus is maith is fiú eolas cruinn d'fháil i dtaobh na háite agus na ndaoine—idir mhuinntir na háite féin agus na daoine bochta buile a bhíonn ar lóistín aca.

'AN TSEAN-AIMSIR I nÉIRINN.

the first edition of the book, which was  
published in 1880; in the second edition  
of 1882, however, it is given as a note.

The author's name is given as "John  
H. Green" in the first edition.

In the second edition, the author's name  
is given as "John H. Green" in the first

edition, and "John H. Green" in the second

edition, and "John H. Green" in the third

edition, and "John H. Green" in the fourth

edition, and "John H. Green" in the fifth

edition, and "John H. Green" in the sixth

edition, and "John H. Green" in the seventh

edition, and "John H. Green" in the eighth

edition, and "John H. Green" in the ninth

edition, and "John H. Green" in the tenth

edition, and "John H. Green" in the eleventh

edition, and "John H. Green" in the twelfth

edition, and "John H. Green" in the thirteenth

edition, and "John H. Green" in the fourteenth

edition, and "John H. Green" in the fifteenth

edition, and "John H. Green" in the sixteenth

edition, and "John H. Green" in the seventeenth

edition, and "John H. Green" in the eighteenth

edition, and "John H. Green" in the nineteenth

edition, and "John H. Green" in the twentieth

edition, and "John H. Green" in the twenty-first

edition, and "John H. Green" in the twenty-second

edition, and "John H. Green" in the twenty-third

## An Bheansi.

Ní fheadar an bhfuil éinne ar an saol soanois a chuireann suim i sgéalta na sí, ach le linn mh'óige féin dob'fhuiriste daoine fháil a thabharfadh an mhóid gur airíodar féin an Bheansi ag caoine roim bhás daoine áirithe. Deirí go ngabhadh an Bheansi le sloinnte áirithe, agus go mór mór leis na huaisle de shliocht na sean-Ghaedheal, agus go gcloistí í nuair a bhíodh duine de mhuintir Chárthaigh ag fáil bháis i Músgráí.

Do bhí tigh mór ag dream de mhuintir Chárthaigh sa dáithaigh sin, agus bhíodh a lán seirbhiseach aca. Ar na seirbhísigh sin do bhí cailín aimsire go raibh ana-chion aici ar mhuintir an tí. Tar éis di bheith ag obair dóibh ar feadh suim éigin bhlianta do bhí roinnt mhaitha airgid cnuasta aici, agus do phós sí feirmeoir óg a bhí 'na chomhnuí tamall ón dtigh mhór.

Fear láidir groí ab'ea é sin agus bhíodh sé ag obair go dian ar an bhfeirm. Níor thaise don Mhnaoi. Do thugadh sise aire mhaith don tigh, agus nuair ná bíodh aon rud eile le déanamh aici bhíodh an túirne aici agus í ag sníomh. Do bhí an rath ortha agus do bhí mór-chion aca ar a chéile.

Tráthnóna áirithe roim theacht na Nodlag do bhí an Fear ag obair ar an bportach, agus d'eirigh gála mór gaoithe a chuir moill air ag teacht abhaile dho. Do bhí an Bhean ag feitheamh leis agus an suipéar ullamh aici, ach níor tháinig an Fear. D'imigh uair a chluig, ach níor tháinig sé, agus nuair nár tháinig do bhí iarracht de sgannra ag teacht ar an mnaoi.

"Ní fheadar cad tá á chimeád?" ar sise lé féin.  
"Tá síil agam nár imigh aon rud air."

Do ghaibh sí chúiche an túirne agus an olann, agus do thosnaigh sí ar an sníomh. Do bhí amhrán á chanadh aici le linn na hoibre. Is ar éigin a bhí an t-amhrán críochnuithe aici nuair a tháinig a Fear chun an dorais.

D'eirigh sí agus do chuaidh sí fé n-a dhéin. Do bhí sé i riocht tuitim agus é ag teacht isteach, agus do bhí sgeon 'na shúilibh.

"A Phádraig, a chuid," arsan Bhean leis, "cad d'imigh ort. Tá dealramh an bháis ort."

"Suidh, a stór, agus leog dom go fóill," ar seisean, "agus inneosad duit ar ball é."

Do leog sí dho, agus do chuaidh sí i bhfeighil an tsuipéir. Do luighdaigh ar an sgannradh a bhí ar an bhFear, ach bhí sé suaithe go maith i geomhnuí nuair a shuídar chun búird.

"Innis domanois, a laogh, cad a chuir an sgannra ort," arsan Bhean.

"Is beag ná gur chailleas mo mheabhair," ar seisean.

"An amhlaidh a thug duine éigin fút?" ar sise.

"Ná feiceann tú ná fuilim gortuithe agus ná fuil aon rian troda orm?" ar seisean.

"B' éidir gur chaillis bó sa phortach," ar sise, "nó gur imigh rud éigin ar an láir."

"Airiú, bíodh ciall agat," arsan Fear. "Ní haon ní den tsórd san é. Taoi féin as do mheabhair chómh maith liom-sa."

Do cheap an Bhean bhocht go raibh tubaiste éigin ann nár mhaith leis bheith ag trácht air, agus do thosnaigh sí ar ghol.

"Tá mí-á éigin orainn," ar sise, "agus tánn tú á cheilt orm."

"Seaanois, a stór," ar seisean, "ná bí ag gol. Ní haon ní é gur ghá dhuit bheith chomh buartha san 'na thaobh."

"Innis dom é, má sea," ar sise.

"Is dócha go bhfuil fhios agat," ar seisean, "go bhfuil an mháistreás óg, iníon an Chárthaigh, gan bheith ar foghnamh le cúpla lá."

"Tá súil agam," ar sise, "nách aon droch-ghalar é, agus go mbeidh sí go slán gan mhoill."

"Gheobhaidh sí bás anocht," arsan Fear. "Táim deimhnitheach de sin."

"Ó, ná habair é sin, a Phádraig," ar sise. "Ní thógfadh Dia ó n-a hathair í agus gan aige ach í."

"Gheobhaidh sí bás anocht," ar seisean arís, "mara bhfuil sí marbh cheana féin. Nár chuala an bheansi agus me ag teacht abhaile ón ínse? Nuair a bhíos ag gabháil thar an áth do chuala an t-olagón tamall siar uaim ar thaobh an tsrutháin. Ansan do chonnac an bhean ag teacht i leith chugham agus an caoine ar siúl aici. Do bhrisfeadh sé an eroí ionat bheith ag éisteacht lé. Do shuidh sí ar bhruach an tsrutháin le hais an chrainn sailí agus do lean sí lé ag gol is ag caoine. Ansan d'eirigh sí arís, agus mheasas go raibh sí ag teacht fé mo dhéin féin."

"Agus ar fhéach sí ort?" arsan Bhean.

"Nár leoga Dia go bhféachadh," arsan Fear. "Dá bhféachadh, do thuitinn am' chnaipe marbh ar an láthair," ar seisean.

"Agus ar innsis an sgéal don mháistir?" ar san Bhean.

"Níor innseas go deimhin," ar seisean, "níor

dheineas ach rith liom abhaile chomh mear agus bhí sé am' choasaibh."

"Agus ní chuirfá ar a shúilibh don mháistir an trioblóid a bhí ruimis? Raghad féin amach láithreach agus inneosad an sgéal dóibh."

"Ach, a Chaitilín a' chroí 'stigh, ní raghfá treasna na habhann an óiche seo," arsan Fear.

"Raghad, a Phádraig, is cuma liom cad a thárlóidh," ar sise.

"Comaraí Muire orainn!" ar seisean. "Raghad-sa i n-éineacht leat."

Do chuadar araon amach agus síos an comhgar té dhéin an tí mhóir, agus iad ag crith le sgannra. Do ghabhdar thar an gerann sailí agus treasna an tsrutháin go dtí an tigh mór. Do bhí na seirbhísigh bailithe istigh ann, agus do bhí iongna ortha nuair a chonnacadar an bheirt chúcha isteach agus a mhí-litheacht a bhíodar. D'fhéach an bheirt mór-thímpal.

"Conas tá an mháistreás óg?" arsan Bhean.

"Tá sí go breá," arsa duine des na seirbhísigh.

"Ca bhfuil sí?" arsan Bhean. "Ba mhaith liom i fheisgint."

"Nár airíúir aon rud?" arsan Fear.

"Ó, d'airíomair," ar siad. "D'airíomair go bhfuair Bean Uí Shúilleabhadhán, an bhaintreabhach, bás tamall beag ó shin, agus tá an mháistreás óg imithe amach chun inín na baintreabhaí do thabhairt isteach anso."

"Dar fia," arsan Fear, "is í an bhaintreabhach a bhí á caoine nuair a chonnac an Bheansí."

"An Bheansí," ar siad. "Cá bhfeacaí an Bheansí?" D'innis sé an sgéal go léir dóibh, agus ba bheag ná go rabhdar go léir ag tuitim le sgannra agus iad ag éisteacht leis.

An uair sin díreach tháinig an mháistreás óg isteach agus cailín le n-a cois—an Bheansí! Is amhlaidh a chuaidh iníon na baintreabhai amach ag gol nuair a fuair a máthair bás, agus is í a chonnaic an Fear nuair a bhí sé ag teacht abhaile ón ínse.

## Pluais an Mhóránaigh.

Breis agus céad bliain ó shin nó mar sin, i bhfad sara raibh vóta ag an ngnáth-dhuine, fé mar atá anois, do bhí toghchán ar siúl i gceannatar áirithe i nÉirinn chun duine do thogha i geoir Phárlimint Shasana. Fear óg do Ghallaibh Éireann agus feirmeoir de shliocht na nGaedheal an bheirt iarrathóir, an chéad duine ar thaobh Acht na hAondachta agus an tarna duine 'na choinnibh. Proinnsias ab' ainm don fhear óg, agus ba léir do ós gach comhartha go mbeadh sé go dian air buachtaint ar an iarrathóir eile. Do sgríbh sé chun cara leis á iarraidh air teacht i gcabhair do.

Tiarna talmhan ab'ea an duine seo agus bhí sé 'na chomhnú i n-éineacht le n-a inín aonair i n-árus a bhí trí fichid mile ón áit 'n-a raibh an toghchán ar siúl. Cailín gleoite ab' ea an inión agus a dhá roiscín mar fhíor-uisge úr i ngleann, mar a deireadh na filí.

Bhí an bheirt 'na suí ag an mbórd an mhaidin a tháinig an leitir chun an athar. Do léigh sé an leitir agus ba léir don inín nár bh' aon sgéal fóntha a bhí á léamh aige.

"A Mhaighriad, a chuid," ar seisean, "do sgríbh Proinnsias chugham á rá go bhfuil mo thionóntuithe go léir ag obair 'na choinnibh agus gurab' eagal leis go mbuafar air mara bhféadad teacht i gcabhair do."

Do las an inión ar chlos na hainme Proinnsias di ach níor thug an t-athair fé ndeara é. Do lean sé dhe ag caint.

"Ba mhaith liom cabhrú le mac mo shean-chara," ar seisean, "ach is fada an turus é agus is fiadhain agus is garbh an bóthar é. An dóigh leat gur ceart dom dul ann?"

"Ó, a athair," ar sise, "beidh síul ag Proinsias leat agus ba mhaith liom féin an ceanntar san d'fheis-gint. Do mholfainn duit an glaoch do fhreagairt."

"Raghaimid, má sea," arsan t-athair, "agus cuir-fimíodh chun bóthair láithreach, mar amáireach a bheidh an toghchán ar siúl."

Do gléasadh na capaill agus do chuireadar chun bóthair, an bheirt istigh sa charáiste agus an tiománaí ar a shuiochán féin lasmuigh. Do ghluaiseadar leo fé dhéin na sléibhte agus stad níor dheineadar go dtí gur shroiseadar sráidbhaile ag bun na sléibhte um thráth-nóna.

Nuair a stad an caráiste lasmuigh den tigh táirne do chuir fear an táirne fálte rómpa agus do bhailigh daoine sa tsráid chun iad d'fheisgint. Ar na daoine sin do bhí aon shear amháin a bhí á n-iniúchadh go géar. Do chuaidh an bheirt isteach sa tigh táirne chun greim bídh do chaitheamh an fhaid a bheadh capaill nua á ngléasadh.

An túisge 'nar bhualadar isteach d'imigh fear an iniúchta leis fé dhéin an chnuic. Do bhualil sé isteach i geábán ann agus saothar air.

"Ariú, a Dhonncha, a mhic, cad a thug anso thu? Cheapas go rabhais i n-éineacht leis na buachaillí í mbun an toghcháin," arsa fear-a-tí.

"Is é an toghchán san dáreach a thug anso me," arsan fear faire. "Buafar ar an Rianach."

"Buafar ar an Rianach!" arsan fear eile. "Ariú, bídigh ciall agat."

"Tá go maith," arsan fear faire, "ach deirim-se leat go mbuafar air. Tá an tiarna talmhan ag teacht an treo soanois chun cabhruithe leis an iarrathóir eile."

"Más fíor san, is baol liom go mbuafar orainn."

"Is fíor é," arsan fear eile. "Do chonnac féin é thios ag an dtigh táirne agus má eirionn leis áit an toghcháin do shroisint i n-am buafar ar an Rianach. Ach ná séadfí é d'fhuadach?"

"É d'fhuadach?" arsa fear-a-tí.

"Sea," arsan fear eile. "Nil i n-éineacht leis ach an tiománaí agus cailín—an cailín is gleuite dá bhfeaca riamh. Dob' fhuriste iad a chur isteach sa tsean-phluais ar chliathán an chnuic agus iad a chimeád ann go mbeidh an toghchán ar leath-taoibh tráthnóna amáireach."

Do socrúiodh ar an bhfuadach. Nuair a tháinig an caráiste go dtí áit uaigneach ar thaobh an chnuic do léim daoine amach ar an mbóthar agus dubhradar leis an dtiománaí stad. Níor dhein seisean ach na capaill do ghríosa chun reatha ach do leagadh den tsúiochán é le buille bata agus do chuir na daoine na capaill 'na stad.

Fear árd lúthíar dathamhail duine aca. D'osgail seisean doras an charáiste go béasach. Do bhí daoine eile agus iad ag liúirigh "An Rianach abú!"

Cheap an tiarna talmhan agus a iníon gur ghadaitha a bhí ann agus nuair a thuírling an t-athair den charáiste d'fhiabraigh sé den treorai cad chuige an cosc san.

"Anois, a bhuaachailli," arsan fear árd. "Bainidh diobh bhúr hataí agus cuiridh fáilte ruimis an máistir."

Do liúigh na daoine agus do chaitheadar a hataí i n-áirde. Do chuir san iongna ar an dtiarna talmhan.

"A cháirde," ar seisean, agus do liúdar aris, "cana-thaobh go bhfuileann sibh am' chosc? Ta tamall eile orm fós."

"Is eol dúinn san," arsan treorai, "ach tiocfaire-se linn go dtí grianán atá ar chliathán an chnuic."

"Ach caithfead-sa dul chun cabhraithe lem' charaid sa toghchán," arsan tiarna talmhan.

"Ní raghair," arsan fear faire. "Beidh sibh ar bhúr suaineas i bpluais an Mhóránaigh go dtí go mbeidh an toghchán ar leath-taoibh."

Do sgaoileadh na capaill agus do cuireadh an caraiste isteach i bpáirc ar thaobh an bhóthair agus do clúdaioadh le féar é i dtreo ná haitheódh éinne a gheobhadh an tstí cad é an rud a bhí ann.

Do tugadh thar casán sléibhe an triúr go dtí an phluais agus nuair a shroiseadar doras na pluaise do chuir an treorai fáilte rómpa. Ba leis an dtreorai an phluais agus do dhein sé féin agus a bhean a ndícheall chun an trír do chur ar a suaimhneas.

Do sgaoileadh iad nuair a bhí deire leis an dtoghchán agus an bua ag an Rianach.

Ar chliathán an chnuic a bhí pluais an Mhóránaigh. Mara mbeadh fhios agat an phluais bheith ann, ni thabharfá fé ndeara go deo í. Do bhí lus na meala ag fás go tiugh lasmuigh de dhoras na pluaise, agus níor thug an bheirt éinní fé ndeara go dtí gur thraig an treorai cuid den lus ar leath-taoibh agus gur theasbeáin sé doras na pluaise dhóibh.

Do chuir sé fáilte rómpa agus do chuadar isteach. Ní sgál fuar a bhí istigh ann ach seomra mó r compórdach agus trosgán ann, idir bhórd agus suíocháin, agus raithneach chun luí air. Do bhí teine mhóna ar

lasa ar an dteinteán, agus bhí dealramh maith ar an áit.

Do chuir bean an treoráí biadh os comhair na beirte agus do bhí sí féin agus a fear ag druidiúint amach as an seomra nuair iarr an tiarna talmhan ortha fanamhaint. **Do chuir sé ceisteanna i dtaobh an toghcháin chun fir na pluaise, ach is beag sásamh a fuair sé as na freagraí.**

Bhíodar 'na dtost ansan. Do b' é an tiarna talmhan ba thíosge a labhair arís.

"Do thugais 'Pluais an Mhóránaigh' ar an áit seo, agus sinn ag teacht isteach," ar seisean. "Cana-thaobh go dtugtar an ainm sin ar an áit?"

"Is fíor-bhrónach an sgéal é," arsan treoráí.

"Innis dúinn é, led' thoil," arsa iníon an tiarna talmhan.

"A Mháire a' chroi," arsan treoráí le n-a mhnaoi, "dein-se an sgéal d'innshint. Caithfead-se dul amach ag féachaint na gcapall."

"Is fada an lá ó tugadh 'Pluais an Mhóránaigh' ar an áit seo ar dtúis," arsan bhean, "agus is é is dóichí ná go leanfaidh an ainm sin air go deo. Do bhí fear darbh' ainm Seán Ó Móráin 'na chomhnuí sa dúthaigh seo i bhfad Éireann ó shin. Cearrbhach críochnuithe ab' ea é, agus do chaith sé saol fiadhain gan beann aige ar an sagart ná ar éinne. Ní dheineadh sé aon obair. Ól agus rabairne agus caitheamh aimsire na neithe go gcuireadh sé suim ionta.

Ach fear ba dhathíula ná é ní raibh sa dúthaigh agus bhíodh na cailíní go léir go han-mhór leis i n-aindeoin an droch-chlú a bhí air. Sin mar a bhíonn an sgéal ag na cailíní i gcomhnuí: is maith leo an fear breá deallrathach, na créatúirí, go bhfóiridh Dia ortha.

Ar aon chuma do thárla go dtáinig droch-cháil ar an

áit seo. Do bhí daoine á robáil ar fuaid na dúthai. Do bhí na póilíní agus na saighdiúirí ar thóir na ngadaithe, ach níor eirigh leo breith ar éinne. Do bhí ainm an Mhóránaigh á lua ag daoine, agus do chuir an sagart fios air agus thug sé comhairle a leasa dho.

Ach níor tháinig aon mhaolú ar an greach ná ar an robáil. Is i ndéine a bhíodar ag dul.

Do bhí iníon droithár athar don tsagart 'na comhnuí i n-éineacht leis an sagart, cailín óg ceannsa a bhí chómh símplí chómh glan-aigeantach le naoineán. Thug sise searc agus gean a croí do Sheán Ó Móráin i gan fhios don tsagart, agus do phós sí é, bíodh go raibh an sagart agus a cárde go léir i gcoinnibh an phósta. Cé gur mhaith an sagart an baoth-ghníomh di, ní leogfadh sé dhi comhnuí 'na thigh féin a thuille agus bhí sí caite ar an saol agus ag brath ar a fear chun i chothú agus a chosaint.

Do leanadh den ghoid agus den robáil. Fuarthas amach sa deire gurbh' é an Móránach a bhíodh á ndéanamh agus ansan do bhí an tóir go dian 'na dhiadh agus chuimhnigh sé ar an bpluais seo agus do chuaidh sé féin agus a bhean chun comhnuithe ann.

Ba thrua í an bhean bhocht. Tháinig sí isteach go dtí an sráidbhaile tráthnóna tamall maith éigin tar éis a pósta agus do bhí a leithéid sin d'athrú uirthé ná haithneódh a máthair féin í. D'fhág easba bídh agus buairt aigne a rian uirthé. Do chuaidh sí isteach i siopa agus do cheannaigh sí bríe aráin agus neithe eile.

An fhaid a bhí sí ansan do bhí Seán Ó Móráin 'na shuí cois teine sa phluais. Do bhí clagarnach báistí ann agus bhí an ghaoth ag séide agus bhí fear na pluaise ag faire sar a dtagadh an namhaid i gan fhiros air.

D'airigh sé fothrom éigin agus cheap sé go raibh na

saighdiúirí nó na pólíní chuige. D'aimsigh sé a ghunna agus do chuaidh sé go doras na pluaise chun é féin a chosaint dá dtugtí fé.

Do chonnaic sé duine eigin ar a chroma ag teacht fé dhéin dorais na pluaise.

“ Stad!” ar seisean, “ ce hé thusa?”

Ní bhfuair sé freagra. Do bhí sé lán-deimhnitheach ansan gur spíothaire nó pólín a bhí ann. Do chaith sé urchar agus do chuaidh an piléir trí chroí a mhná féin!

An créatúir bocht! Do bhí a fhios aici go rabhthas ag faire ar an genoc agus bhí sí ad’ iarraidh sleamhnú isteach sa phluais agus an biadh aici dá fear. Do thuit sí ag á chosaibh. Do chuir sí a dhá láimh mór-thímpal air agus d’fháisc sí le n-a croí é sar ar thuit sí ’na cnaipe marbh ar an úrlár anso.

Do thóg sé suas í agus do phóg sé í agus í ag tabhairt na fola. Bhí sé as a mheabhair le brón agus croí brú nuair a thuig sé cad a bhí déanta aige.

D’airigh na pólíní agus na saighdiúirí an lámhach agus dheineadar fé dhéin na pluaise. Nuair a bhíodar ag cuardach sa dorchadas do rith Seán Ó Móráin amach ar nós duine buile agus d’éalaigh sé uatha.

D’imigh na blianta agus ní raibh a thuille robála á dhéanamh sa dúthaigh seo, ach toisc an droch-chlú bheith ar an áit seo do shéanadh na daoine é. Dachad bliain nó mar sin tar éis bás na mná do bhí leanbhái ag siúl ar an genoc agus ag piocadh sméara dubha. Nuair a tháinadar go dtí an áit seo do chonnamadar an poll agus chuadar isteach.

Ar an mball so díreach ’n-a bhfuilimíd-na ’nár suí anois fuadarad Corp sheanduine go raibh gruaig liath air. Do ritheadar ón áit agus sgannra ortha. D'aithin sean-daoine an corp. Seán Ó Móráin a bhí ann. D'éag sé

féin agus é caite críona san áit 'n-ar mhairbh sé a bhean féin. Ó shin i leith tugtar "Pluais An Mhóránaigh" ar an áit seo.

## Bean Fé Bhrón.

I dtigh feirmeora i gConntae an Chláir cheithre fíchid bliain ó shin nó mar sin bhí bean 'na suí cois na teine oíche agus í go dólásach duairc. Bean an fheirmeora a bhí ann. Bean deas shuairc ab' ea í do réir dúchais, ach bhí cúis bhróin aici an oíche sin.

Bhí sí féin agus an feirmeoir, Domhnall Mac Mathamhna pósta le tamall, agus cé ná raibh mórán de shaibhreas an tsaoil aca bhíodar go sona sásta. Bhí feirm bheag thailimh aca agus tigh beag cinntui agus bhídís ag obair go cruaidh de ló is d'oíche chun an chíosa do dhíol agus chun slí maireachtaint do bhaint amach dóibh féin. Dá dhéine oibrídís ba dheacair dóibh an t-airgead do chur le chéile i gcóir an chíosa.

Do bhí chuíg púint le díol ag Domhnall an tseachtaín a bhí chughainn agus ní raibh aige ach púnt glan. Dubhaint sé leis féin go gcaithfadh sé an bhó do dhíol ach bhí eagla air go mbeadh cathú ar a mhnaoi dá sgaraidís leis an mboin.

"A Eibhlín, a chaithis," ar seisean lé, "is oth liom ná ful tigh is fearr ná é seo againn agus maoin saolta i dtreo go mbeifá-sa ar do shuaimhneas."

"Ná habair éinní, a Dhomhnaill," ar sise, "ná ful ár ndóthain againn, agus má sé toil Dé gan mórshaibhreas bheith againn nár cheart dúinn bheith sásta leis?"

"Ach is ag dul i n-olcas atá an sgéal," ar seisean.  
"An fear nua atá ag an dtiarna talmhan is deacair é

shásamh. Is eol duit gur chaith sé Pádraig Ó Murchadhs agus a bhean is a chlann amach ar thaobh an bhóthair nuair ná raibh an cíos aca. Is baol liom go gcaithfimíd na an bhó do dhíol sara bhfaghaimís an cor céana."

"Más gá é dhéanamh, nil leigheas air," ar sise. "Dein pé rud is dóigh leat is ceart. Tiocfaidh feabhas ar an sgéal agus féadfair bó eile do cheannach."

"Go gcúitídh Dia leat an focal san," arsan fear. "Cúis mhisnigh dom é."

Do shocruíodar ansan ar an mboin do dhíol amanarthar a bhí chughainn, ach an lá 'na dhiaidh san tháinig an báille agus do sgiob sé leis an bhó san agus beithigh ó dhaoine eile ná raibh cáin an stáit diolta aca. Do dhioi Domhnall cúpla muc agus fuair sé roinnt airgid ar iasacht ó chomharsain agus do bhí an cíos aige.

Seachtain 'na dhiaidh san fuarathas corp an bháille ar an mbóthar agus piléar trí n-a chroi. Ní raibh tásc ná tuairisc lucht a mharbhtha le fáil.

An lá ruimis sin fuair Domhnall Mac Mathamhna gunna ar iasachta agus d'imigh sé amach chun gearr-fhiaithe do lámhach ar na sléibhte agus bhí sé à baile nuair a fuarathas corp an bháille ar an mbóthar. Nuair a bhí sé cúpla lá gan teacht abhaile tháinig na póilíní chun an tí agus dubhradar leis an mnaoi gur theastaigh sé uatha chun dúnmarú an bháille do chur 'na leith. D'imíodar leo arís nuair ná raibh sé ann.

B'shin cúis an bhróin a bhí ar an mnaoi agus í 'na suí cois teine fé mar a dubhradh.

"Ní fíor é," ar sise lé féin, "gur mhairbh Domhnall an báille," ach san am gcéadna bhí mearthall aigneuirthe mar gheall ar é bheith à baile.

Bhí sí ag cur is ag cúiteamh agus a ceann fé cois na teine agus dá mhéid machnamh a dhein sí ar an sgéal is

ea is daingine a bhí sí ná raibh aon bhaint ag á fear le marbhú an bháille.

D'airigh sí fothrom éigin ag an ndoras agus nuair fhéach sí i dtreo na háite cé chifeadh sí ach a fear. Do phreab sí chuige agus do chuir sí an dá láimh mórtimpal a mhuinéil, agus do phóg sí é.

"Moladh go deo le Dia," ar sise, "do tháinís thar n-ais chun a theasbeant don tsaol ná fuilir ciontach."

"A Eibhlín a' chroí," ar seisean, "tá a fhios agam go bhfuil áthas ort me bheith thar n-ais," agus do phóg sé i arís agus arís eile, "ach," ar seisean, "ní thuigim an chaoint sin i dtaobh gan me bheith ciontach."

"Ó, a Dhomhnall a stór," arsan bhean, "is maith liom nár chualaís é. Do marbhúodh an báille an lá fhágais an tigh, agus bhí na pólíní anso ar do lorg ó shin chun tu a ghabháil toisc gan tu theacht abhaile an oíche sin. Dubhart leo gur bréag dóibh a rá go raibh aon bhaint agat-sa leis an marbhú. Ach tá tuirse ort. Suidh ansan ar do shocaracht go bhfaghad rud le n-ithe dhuit. Is orm-sa atá an t-áthas tu bheith slán sa bhaile agam arís."

An oíche a bhí Domhnall Mac Mathamhna agus a bhean 'na suí cois teine tar éis béile na hoíche do chaitheamh bhíodar ag caint i dtaobh marbhú an bháille.

"A Eibhlín," arsan fear go hoban, "raghad go dtí bearraic na bpólíní féachaint cad tá le rá aca am' choinnibh. Má fhanaim go dtiocfaid ar mo lorg, b'éidir go gceapfaidís go bhfuilim ciontach."

"Is fior dhuit," ar sise, "ach tá uain do dhóthain agat. Ní heol d'éinne thu bheith anso."

Do thug sí fé ndeara go raibh a chuid éadaigh stracaithe agus go raibh smutaí cré anso is ansúd ortha,

ach ní dubhaint sí focal, cé nár thug a fear aon mhíniú dhí ar chúrsaí na haimsire ó fhág sé an tigh go dtí gur tháinig sé thar n-ais. É féin a dhein tagairt don sgéal arís.

“D’fhuilingeas a lán ó fhágas an tigh,” ar seisean, “agus is lag a shaoileas go geuirfí dúnmarú im’ leith nuair a thioefainn abhaile.”

“Buidheachas le Dia go bhfuilir slán sa bhaile arís,” arsan bhean.

“Do thugas aghaidh ar na sléibhte,” ar seisean, “go dtí áit mar a mbíonn na gearrfhiaithe go flúirseach. Do mharbhúios cúpla ceann, agus, ó bhí tuitim na hoíche ag teacht, bhíos ag cuimhneamh ar theacht abhaile, ach i n-ionad casadh thar n-ais is amhlaidh a leanas romham go dtí go dtánag go dtí cún doimhin mar a raibh fraoch agus aiteann ag fás go tiugh. Do chonnam ainmhídhé ag rith ar imeall an chúim. Do dhíríos an guna agus do chaitheas piléar. Do thuit an t-ainmhídhé agus nuair a dhruideas i n'aice cad a bheadh ann ach gadhairín deas. Do bhí cathú orm gur dheineas é lámhach. Do leogas an gunna ar an dtalamh agus do thógas an créatúir am’ bhaclainn.

“Le n-a linn sin do phreab triúr fear chugham agus do rugadar orm. Do thugadar leo me agus iad ag easgainí agus am’ mhallachtú. Do dheineadar príosúnach díom agus do chuireadar fé mhóid me gan aon ní do nochta ‘na dtaobh féin ná i dtaobh na háite ‘n-a rabhas ar nasc aca. D'eirigh liom sleamhnú uatha.”

“Tá síul agam go nglacfaidh na giúistí sí leis an míniú san. Má sí an chóir atá uatha, glacfaid siad leis,” ar sise.

“Ar eagla na héagcórá,” arsa Domhnall, “is fearra dhom dul go dtí an pearraic gan a thuille moille.

B'eidir go mbeadh droch-amhras ag na pólíní orm mara dtéighinn."

Is ar éigin a bhí an focal ráite aige nuair a ghaibh a lán pólíní, fé arm agus éide, isteach chúcha. Do ghabhadar fear a' tí.

Do chuir a bhean a lámha mórtímpal air agus do liúgh sí ná raibh sé ciontach. Do cuireadh ó n-a chéile iad agus do cuireadh dúnmarú an bháille i leith an fheirmeora.

Nuair a bhí na pólíní á bhreith leo do rith an bhean fé n-a dhéin arís agus d'fháisc sí é.

"Ná tóg uaim é! Ná tóg uaim é!" ar sise. "Ní hé sin a dhein é. Raghad i n-éineacht leat, a chroi," ar sise.

"A Eibhlín, a riún," ar seisean, agus do phog sé í agus do sgaoil sé a lámha dhe féin go réidh, "ná bíodh eagla ort. Tá a fhios ag Dia ná fulim ciontach agus bárafaidh Sé slán ón uile ghuais me. Triomaigh do dheoraanois, a chuid, agus go gcaabhruíghe Dia agus Muire leat!"

Do sgiobadh chun siúil é agus socrúiodh ar é thabhairt os comhair an bhreithimh i nInis chun a thriail do sheasamh ar dhúnmarú an bháille.

Oíche eile agus an bhean fé bhrón arís, ach ba neamhní an brón a bhí uirthé an chéad oíche seachas brón na tarua hoíche.

Tá a fear fé ghlas anois agus dúnmarú curtha 'na leith. Do mhothaigh sí 'na croí féin ná raibh sé ciontach sa ghníomh san, ach níor fhéad sí a cheilt uirthé féin go raibh droch-dheallramh ar an sgéal agus ní raibh aon deimhniú aici féin ná raibh baint éigin aige le marbhú an bháille.

"Nil sé ciontach," ar sise, "ach an nglacfar le n-a sgéal féin?"

I gan fhios don mhnaoi do bhí an smaoineamh san ag rith trí aigne an fhir agus é fé għlas i għeall sa charċair. D'imig na laetheanta agus do għoill an t-uaignear agus an mearħall aigne go mór ar an bprisosúnach. Do thagħid a bhean agus cárde chun ē fheisgħiġt agus do chuiridis ar a shuaimħneas ē an fhaid a bhidis 'na fħocħair. Nuair imíd is do thuiteadħ an lug ar an lag aris aige i dtrej go raibh ag dul dà shláinte agus go raibh sé leicthe go mór nuair a sheasaimh sé os comhair an bħreithimh lá na cúirte.

Ar na comharsain go raibh aithne mhaith aca airní raibh duine go raibh bluire mearħall air ná go ndéanfí eageċċoir throm dá ndaorti ē sa choir uabħħasach san.

Do bhí tigh na cúirte lán de dħaoxinibh lá na trialach. Nuair a tugadh an prisosúnach isteach d'fhéach sé mόr-thímpal agus do chonnaic sé a bhean féin i n-éineacht le mnəaoi eile. D'fhéach sé isteach i súlibh a mhna agus do thug sé fé ndeara mόr-chion agus dóchas agus iarracht d'eagla ionta. Do bhí a chothrom san de chion 'na dhearcaibh féin agus seasamhacht agus bród a thug sólás don mhnaoi.

"Neamh-chiontach," arsan prisosúnach go daingean nuair a cuireadħ an choir 'na leith.

Do chuir na pólíní agus finnēithe eile an sgéal i gcoinnibh an phriosúnaigh os comhair na cúirte, agus ba dhúbhach an sgéal ē.

Dubhradar gur thóġ an báille bó leis an bprisosúnach agus go bhfuair an prisosúnach gunna ar iasachta ó chomħarsain, go raibh sé à baile tar éis marbhú an bháille agus ná jaibh itásc ná tuairisc an ghunna le fáil.

D'iompaigh a líth ar an mnaoi agus í ag éisteacht leis an bhfiadhnaise sin agus ba dhóbair di tuitim i laige. Do phreab sí nuair a glaodhadh uirthe féin chun fiadhnaise do thabhairt uaithe. Do chuaidh sí i n-áirde ar chlár na mionn agus do fhreagair sí na ceisteanna a chuir abhcóid na Coróinneach chúiche.

D'admhaigh sí ná raibh a fear sa bhaile an oíche a marbhuiodh an báille.

"Ar tháinig sé thar n-ais an lá 'na dhiaidh san?" arsan abhcóid.

Do sgannraigh na ceisteanna í, agus d'fháisc sí an dá láimh 'na chéile agus do thosnaigh sí ar ghol.

"I n-ainm Dé!" ar sise, "ná cuir aon cheist chugham a raghaidh 'na choinnibh."

Dubhارت an breitheamh lé gan aon imnidhe bheith uirthe ach an fhírinne d'innshint.

"An bhféadfá innshint," ar seisean, "cár chaith t'fhear an oíche sin agus na hoícheanta 'na dhiaidh?"

Do buaileadh isteach 'na haigne láithreach go bhféadfadh sí rud éigin a dhéanamh chun a fir do shaoradh.

"Do bhí sé ar na sléibhte ag lámhach gearrfhiaithe," ar sise, "agus do dhein fir fiadhaine príosúnach de agus do chuireadar fé mhóid é gan innsint d'éinne cerbh' iad féin ná cá háit 'n-a raibh sé. D'eirigh leis éaló uatha agus tháinig sé abhaile."

"Aon cheist amháin eile," arsan breitheamh go daingean. "Cad deineadh leis an ngunna?"

"Do choinnibh na fir é," ar sise, "agus níor fhéad sé é thabhairt abhaile."

"Ní beag san," arsan breitheamh.

"Ó! ná bí dian air!" ar sise. "Tá a fhios ag Dia ná fuil sé ciontach."

Ní thugann cúirt puinn áird ar bhriathar mhná **ag** cosaint a fir-chéile féin, agus ba ghearr an mhoill ar an gcoiste a dtuairim a thabhairt uatha.

“Ciontach!” arsan fear ceannais, nuair a thánadar isteach.

“Toil Dé go ndeintear!” arsan príosúnach agus **ba** léir do gach éinne go raibh brón thar meon air.

Do daoradh chun a chrochta é.

D'imirigh an bhean agus stad níor dhein sí gur shrois sí Caisleán Bhléá Cliath mar a raibh fleadh ar siúl ag Fear Ionaid an Rí agus ag á mhnaoi. Do chonnaic Beau an Fhir Ionaid i agus í ad’ iarraidh dul isteach agus d'airigh sí an sgéal go léir. Do chuir sí fios ar an mnaoi bhoicht agus sar ar fhág Eibhlín an Caisleán do bhí geallamhaint fachta aici ná cuirfí a fear chun báis.


Do chuir an Fear Ionaid breith an bháis ar ceal agus d'órdaigh an príosúnach do chur an loch amach i n-ionad é chrochadh.


An lá a bhí ceapaithe i gcóir a dhíbirte d'admhaigh duine eile gurabh’ é féin a mhairbh an báille agus do sgaoileadh Domhnall Mac Mathamhna.

Do bhuaidh dilseacht a mhná ar bhreith na cúirte,









VA